


# ATHBHREITHNIÚ AR GHAELSCOLAÍOCHT TUARASCÁIL

Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

INVESTOR IN PEOPLE

# Athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht Tuarascáil



# Brollach an Aire



Cuirim fáilte roimh an Athbhreithniú seo ón Bhord Athbhreithnithe ar Ghaelscolaíocht, agus is mór agam an obair leanúnach in earnáil na Gaelscolaíochta i dtuaisceart na hÉireann. Is earnáil fhuinniúil, chróga í earnáil na Gaeilge a bhfuil borradh mór inti; is cuid lárnach den earnáil sin í an Ghaelscolaíocht.

I dtaca leis an chomhairliúchán de, caithfidh an fhís agus an fhuinniúlacht chéanna bheith aige. Tá ról lárnach le glacadh ag gach páirtí leasmhar ó gach cearn d'Éirinn sa chomhairliúchán seo, idir dhíograiseoirí teanga agus oideachasóirí agus iarraim orthu ar fad páirt a ghlacadh san Athbhreithniú.

Is gné ríthábhachtach inár gcomhoidhreacht shaibhir, luachmhar í an Ghaeilge; tá an earnáil ag dul ó neart go neart, ó thaobh cúrsaí oideachais, sóisialta agus eacnamaíochta de. Bíonn níos mó deiseanna ann anois ná mar a bhí ann riamh do dhaltaí atá ag freastal ar earnáil na Gaelscolaíochta leanúint ar aghaidh lena n-oideachas, baile a shocrú dóibh féin agus gairm bheatha a roghnú, agus iad ar fad trí mheán na Gaeilge. Tá eagraíochtaí ar fud an Oileáin faoi bhláth, eagraíochtaí mar TG4, Ráidió Fáilte agus Forbairt Feirste agus tugann gach ceann acu fíordheiseanna fáis agus fostaíochta do dhaltaí atá in earnáil na Gaelscolaíochta. Bíonn an earnáil phoiblí, agus comhlachtaí eile mar Fhoras na Gaeilge agus an CLG ag obair ar réimsí eile le deiseanna fostaíochta agus rannpháirtíochta a chur ar fáil do líon daoine atá ag dul in airde bliain i ndiadh bliana.

Gach bliain, fágann daltaí Gaelscoileanna mar dhaoine atá muiníneach, cumasach, cruthaitheach, dinimiciúil agus dátheangach agus cuireann siad go mór leis an tsochaí ina bhfuilimid beo. Tá go leor bainte amach ag Gaeilgeoirí ar fud an Oileáin agus ní mór dúinn a chinntiú go mbímidne in earnáil an oideachais ábalta na caighdeáin arda céanna a bhaint amach.

Is cuid lárnach den chóras foriomlán oideachais í an Ghaeilge agus caithfidh go léirítear an méid seo i ngach rud a dhéanaimid.

Sin an fáth go bhfuil an tAthbhreithniú seo ann, agus ní mór do pháirtithe tábhachtacha leasmhara leas a bhaint as an deis seo lena dtuairimí a chur in iúl. Iarraim oraibh obair linne sa Roinn go dtig linn bheith cinnte de gurb í an fhís atá againn an fhís cheart don Ghaelscolaíocht. Is é an sprioc atá againn tríd an Athbhreithniú seo a dhéanamh ná a chinntiú go mbíonn an caighdeán is airde oideachais ar fáil dár bpáistí i nGaeilge.

Beidh ról lárnach ag Comhairle na Gaelscolaíochta agus ag Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus an fhís seo á cur i gcrích, agus muid ag iarraidh go mbeadh teacht níos fearr ag níos mó tuismitheoirí agus páistí ar an Ghaelscolaíocht.

Impím oraibh an tAthbhreithniú a léamh go cúramach. Tá corpas cuimsitheach oibre ann, agus ba mhór agam dá nglacfadh sibh páirt sa chomhairliúchán agus ba mhór agam aon bharúlacha a fháil uaibh.



**CAITRÍONA RUANE MLA**
Aire Oideachais

# Clár Ábhar


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| Brollach an Chathaoirligh | | v |
| Sainmhínithe agus Giorrúcháin | | vii |
| Achoimre Feidhmiúcháin | | xi |

**RÉAMHRÁ**

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 1 | Réamhrá | 3 |
| Caibidil 2 | Gaelscolaíocht: An Creat Dlíthiúil | 9 |
| Caibidil 3 | An Ghaelscolaíocht 1971–2008: Saintréithe agus Forás | 11 |
| Caibidil 4 | Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht go dtí seo: Forbairt Polasaithe | 23 |
| Caibidil 5 | Athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht go dtí seo: Torthaí na hInfheistíochta sa Ghaelscolaíocht le cúig Bliana anuas | 27 |

**NA DÚSHLÁIN ATÁ OS COMHAIR NA GAELSCOLAÍOCHTA**

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 6 | Cúlra ar na Dúshláin atá le Tabhairt Fúthu: Athruithe i líonta na ndaltaí | 35 |
| Caibidil 7 | Cúlra ar na Dúshláin atá le Tabhairt Fúthu: Tionscnaimh agus Saincheisteanna an Oideachais | 41 |
| Caibidil 8 | Na Dúshláin atá le Tabhairt Fúthu Saincheisteanna faoi Bhreathnú san Athbhreithniú | 45 |

## MOLTAÍ AR AN BHEALACH CHUN CINN DON GHAELSCOLAÍOCHT


| | | |
|---|---|---|
| Caibidil 9 | An Dóigh a Sholáthraítear an Ghaelscolaíocht | 51 |
| Caibidil 10 | Soláthar Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt | 57 |
| Caibidil 11 | Soláthar Bunscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt | 65 |
| Caibidil 12 | Soláthar Iar-bhunscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt | 77 |
| Caibidil 13 | Aonaid agus Sruthanna Lán-Ghaeilge | 85 |
| Caibidil 14 | Tacaíocht d'Oideoirí | 89 |
| Caibidil 15 | Acmhainní Oideachais | 97 |
| Caibidil 16 | Gaelscolaíocht a Leabú sa Chóras Oideachais | 103 |
| Caibidil 17 | Deiseanna uile-Éireann agus Tras-réigiúnda don Ghaelscolaíocht | 105 |
| Aguisín | Sonraí an Athbhreithnithe | 107 |

# Brollach an Chathaoirligh

Is cuid thábhachtach é an tAthbhreithniú seo i bhforbairt leanúnach na gaelscolaíochta mar chuid luachmhar den chóras oideachais.  Cuireann an ghaelscolaíocht gné uathúil bhreise leis an chóras oideachais trí bhealach chun foghlama a sholáthar trí cheann de na teangacha dúchais is sine san Eoraip.

Ba mhaith le Bord an Tionscadail a admháil ón tús gurb iad na tuismitheoirí agus na pobail ardtiomanta a spreag forbairt na gaelscolaíochta, agus a bhunaigh agus a thacaigh le raon soláthair mar thaca lena bhfís.  Is fís an oideachais ardchaighdeáin a spreag iad, agus é ar fáil do chách, rud a léiríonn an dóigh gur tharraing an Ghaeilge cainteoirí agus tacaithe ónár bpobal go léir go stairiúil.

Is í aidhm na gaelscolaíochta ná páistí a fhorbairt ina gcainteoirí dátheangacha inniúla muiníneacha i nGaeilge agus i mBéarla.  Tá sí tiomanta do sholáthar na dtorthaí sin ar fud an churaclaim iomláin do na páistí uile ar a bhfreastalaíonn sí.

Tá sé mar aidhm ag an Athbhreithniú seo garsprioc thábhachtach a sholáthar i bhforbairt leanúnach na gaelscolaíochta, agus bealach chun cinn cuimsitheach, cruthaitheach agus straitéiseach don earnáil a chur i láthair.  Tá an tAthbhreithniú seo á dhéanamh agus an oiread dúshlán os comhair an oideachais.  Le tabhairt faoi na dúshláin seo rinne Bord an Tionscadail iarracht réitigh shamhlaíocha ach stóinseacha a fhorbairt a bhaineann leas as deiseanna thimpeallacht oideachais an lae inniu chun na huirlisí a sholáthar chun dúshláin na linne seo agus sa todhchaí a shárú.



**LOUISE WARDE HUNTER**
Cathaoirleach an Athbhreithnithe ar Ghaelscolaíocht

# Sainmhínithe agus Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **BEd** | Baitsiléir san Oideachas |
| **Dátheangach** | An cumas labhairt (go líofa de ghnáth) i ndá theanga |
| **Dá-liteartha** | An cumas léamh nó scríobh i ndá theanga |
| **BG** | Bord Gobharnóirí |
| **Bunscoil** | Bunscoil a theagascann trí mheán na Gaeilge |
| **C2K** | An Tionscadal Classroom 2000 |
| **Maoiniú Caipitil** | Infheistíocht i sócmhainní a sholáthróidh seirbhísí nó a chuirfidh taca leo san fhadtéarma (m.sh. foirgnimh scoile) |
| **CASS** | An tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam |
| **CCEA** | An Chomhairle Churaclaim, Scrúdúcháin agus Mheasúnaithe |
| **CCMS** | Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil |
| **CLIL** | Foghlaim Imeasctha an Ábhar-theanga |
| **Coláiste** | Coláiste |
| **CnaG** | Comhairle na Gaelscolaíochta |
| **CPD** | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| **DCAL** | An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta |
| **DE** | An Roinn Oideachais |
| **DEL** | An Roinn Fostaíochta agus Foghlama |
| **DETI** | An Roinn Trádála agus Infheistíochta |
| **Togra Forbartha** | Teastaíonn Togra Forbartha sula bhfuiltear in ann aon athrú suntasach a dhéanamh le tréith scoile. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go gcuirtear in iúl do gach páirtí leasmhar faoi athruithe molta ar scoileanna agus go bhfuil deis acu a bharúil a thabhairt sula ndéantar aon chinneadh deiridh |
| **Tumadh Moillithe** | I gcomhthéacs idirnáisiúnta is í an chiall leis seo ná tumoideachas a thosaíonn idir na haoiseanna 8 go 14 |

| | |
|---|---|
| **Tumadh Luath** | I gcomhthéacs idirnáisiúnta is í an chiall leis seo ná tumoideachas a thosaíonn roimh aois 8 mbliana nó thart ar sin |
| **Breithmheas Eacnamaíochta** | Próiseas chun luach ar airgead a fháil trí scrúdú córasach a dhéanamh ar úsáidí comhroghnacha acmhainní, agus measúnú á dhéanamh ar riachtanais, chuspóirí, roghanna, chostais, bhuntáistí, rioscaí, mhaoiniú, inacmhainneacht agus ar fhachtóirí eile a bhaineann le cinntí |
| **ELB** | Boird Oideachais agus Leabharlainne |
| **EME** | Oideachas lán-Bhéarla |
| **Creat Teidlíochta** | Creat a ligeann do scoileanna rochtain a sholáthar do dhaltaí ar 24 cúrsa ag Príomhchéim 4 agus 27 cúrsa ag leibhéal iar-16. Sa dá chás caithfidh aon trian ar a laghad de na cúrsaí a bheith ginearálta (acadúil) agus caithfidh aon trian ar a laghad a bheith feidhmeach (gairmiúil/teicniúil) |
| **EPD** | Forbairt Ghairmiúil Luath |
| **EPP** | Soláthar Réamhscolaíochta Éifeachtach |
| **ESA** | An tÚdarás Oideachais agus Scileanna |
| **ETI** | An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **FE** | Breisoideachas |
| **Cónaidhm (do scoileanna)** | Scoil shingil faoin dlí, le príomhoide amháin agus Bord Gobharnóirí amháin, ach a oibríonn ar dhá láithreán nó níos mó |
| **Scoileanna Foraoise** | Suíomhanna a sholáthraíonn oideachas trí shúgradh agus fhoghlaim lasmuigh, atá ar fáil sa Bhreatain Bheag trí mheán na Breatnaise |
| **FSM** | Béilí Scoile Saor in Aisce |
| **Gaelscoil** | Teagasc scoile trí mheán na Gaeilge |
| **Gaeltacht** | Réigiún ina bhfuil an Ghaeilge ina teanga dúchais nó ina príomhtheanga |
| **GCSE** | Teastas Ginearálta an Mheánoideachais |
| **GM** | Faoi Chothabháil Stáit |

| | |
|---|---|
| **TFC** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| **IM** | Lán-Ghaeilge |
| **IME** | Gaelscolaíocht |
| **Tumoideachas** | Foghlaim trí theanga nach máthairtheanga an dalta í |
| **InaG** | Iontaobhas na Gaelscolaíochta |
| **InCAS** | Córas Measúnaithe Ríomhairithe Idirghníomhach |
| **IPD** | Forbairt Ghairmiúil Thosaigh |
| **Príomhchéim** | Príomhchéim 1: Aois 6-8<br>Príomhchéim 2: Aois 8-11<br>Príomhchéim 3: Aois 11-14<br>Príomhchéim 4: Aois 14-16 |
| **Tumadh Déanach** | I gcomhthéacs idirnáisiúnta is í an chiall leis seo ná tumoideachas a thosaíonn tar éis aois 14 bliana nó thart ar sin |
| **LMS** | Bainistíocht Áitiúil Scoileanna (polasaí maoinithe) |
| **LNI** | Learning Northern Ireland |
| **Meánscoil** | Scoil Iar-bhunscoile a theagascann trí mheán na Gaeilge |
| **Naíscoil** | Suíomh réamhscoile a dhéantar a reáchtáil trí mheán na Gaeilge |
| **NIO** | Oifig Thuaisceart Éireann |
| **NISEAC** | An Chomhairle um Measúnú agus Scrúduithe Scoileanna Thuaisceart Éireann |
| **Páirt-Tumadh** | Foghlaim a dhéantar go páirteach trí theanga nach máthairtheanga an dalta í |
| **PfG** | Clár don Rialtas |
| **PGCE** | Teastas Iarchéime san Oideachas |
| **PQH** | Cáilíocht Ghairmiúil d'Ardmháistreacht |
| **PSA** | Comhaontuithe na Seirbhíse Poiblí |
| **PSEEP** | Clár Fairsingithe na Réamhscolaíochta |

| | |
|---|---|
| **Maoiniú Ateagmhasach** | An costas leanúnach a bhaineann le seirbhísí a sholáthar (m.sh. tuarastail nó costais reatha) |
| **RTU** | Aonad Oiliúna Réigiúnach |
| **SDP** | Plean Forbartha Scoile |
| **SEN** | Sainriachtanais Oideachais |
| **Naíonra reachtúil** | Réamhscolaíocht i naíscoil reachtúil nó i naí-aonad i mbunscoileanna |
| **STEM** | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic |
| **Sruth** | Suíomh atá ceangailte le scoil lán-Bhéarla, ina soláthraítear an curaclam go páirteach trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla |
| **Lántumadh** | Foghlaim a dhéantar go hiomlán i dteanga nach máthairtheanga an dalta í |
| **UCETNI** | Comhairle na nOllscoileanna d'Oideachas Múinteoirí, TÉ |
| **Aonad** | Suíomh atá ceangailte le scoil lán-Bhéarla ina soláthraítear an curaclam trí mheán na Gaeilge |
| **Múinteoirí Neamhcháilithe** | Daoine nach bhfuil na cáilíochtaí acu atá riachtanach le haghaidh incháilitheachta agus cláraithe mar mhúinteoir |
| **Naíonra Deonach** | Réamhscolaíocht a sholáthraíonn an earnáil Dheonach/ Phríobháideach i raon suíomhanna |

# Achoimre Feidhmiúcháin

## Forbhreathnú

i) Cuireann Bord an Tionscadail fáilte roimh an ghaelscolaíocht agus tugann sé aitheantas di mar chuid luachmhar dár dtírdhreach oideachasúil. Léiríonn an ghaelscolaíocht ardaidhmeanna teangeolaíocha agus cultúrtha na dtuismitheoirí siúd óna dteastaíonn cur chuige oideachasúil agus timpeallacht foghlama a mheasann siad a bheith ceart dá bpáistí.

ii) Is í aidhm an Athbhreithnithe seo ná cinntiú go dtugtar tacaíocht iomlán chuí don ghaelscolaíocht mar chuid ríthábhachtach den chóras oideachais agus go gcuireann sí le tógáil chomhthodhchaí bunaithe ar chomhionannas dár saoránaigh go léir.

iii) Rinne Bord an Tionscadail roinnt moltaí ar a ndéantar achoimre thíos. Tugann na moltaí seo faoi raon leathan de shaincheisteanna, a léiríonn na buarthaí a d'ardaigh daoine leasmhara le linn an Athbhreithnithe seo. Is moltaí idirspleácha iad agus caithfear iad a léamh i gcomhar le chéile, seachas ar leithlis. Agus iad á dtógáil le chéile, síleann Bord an Tionscadail go díograiseach go dtabharfaidh siad faoi riachtanais na gaelscolaíochta. D'fhéadfadh go gcuirfí cuid de na moltaí i bhfeidhm go gasta, agus beidh torthaí le feiceáil orthu ag bunleibhéal sa ghearrthéarma: cuimsíonn siad seo cuid de na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar theagasc agus ar fhoghlaim, agus ar chóiríocht. Bheadh sé seo ina léiriú a theastaíonn ó earnáil na gaelscolaíochta gur éisteadh lena gcuid buarthaí, agus gur tugadh fúthu.

iv) Tógfaidh moltaí eile níos mó ama le dul i bhfeidhm i ndóigh atá infheicthe do thromlach na hearnála sin. Baineann an chuid is mó de na moltaí seo le forbairt na hearnála amach anseo. Agus iad tógtha le chéile, creideann Bord an Tionscadail go soláthraíonn na moltaí go léir, idir cinn ghearrthéarmacha agus cinn fhadtéarmacha, bealach chun cinn d'fhorbairt inbhuanaithe na gaelscolaíochta ardchaighdeáin inmharthana sa todhchaí.

v) Eascróidh ábhair nua buartha d'earnáil na gaelscolaíochta sa todhchaí. Ba chóir go soláthródh na moltaí san Athbhreithniú seo creat ina mbeifear in ann díriú ar bhuarthaí sa todhchaí, agus aitheantas á thabhairt do ról na gaelscolaíochta mar chuid luachmhar dár dtírdhreach oideachasúil.

vi) Baineann a lán de na moltaí leas as dhá phríomh-acmhainn a bhfuil an cumas acu cuidiú leis an ghaelscolaíocht ardchaighdeáin a sholáthar i ndóigh inbhuanaithe chostéifeachtach. Is é an chéad cheann dóibh siúd ná Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Tá ard-acmhainn ag TFC i ngach earnáil den oideachas an t-eispéireas oideachasúil a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí. Tá na buntáistí ionchasacha don

ghaelscolaíocht níos fearr fós, mar gheall ar nádúr ard-scaipthe na hearnála agus na dúshláin ghaolmhara d'fhairsinge curaclaim a sholáthar ag leibhéal na bunscoile, agus mar gheall ar an Chreat Teidlíochta ag leibhéal iar-bhunscoile. Baineann buntáistí eile a bheidh le réadú trí TFC le foghlaim, teagasc, bainistíocht agus riarachán. Ina theannta sin, soláthraíonn TFC dóigh chun rochtain a fháil ar phobal níos leithne na Gaeilge agus chun páirt a ghlacadh ann. Tá sé ríthábhachtach go mbaineann siad siúd a bhfuil baint acu leis an ghaelscolaíocht leas as acmhainn TFC chun dul i ngleic le dúshláin atá ann cheana féin agus le dúshláin eile de dhroim aon fhorbairtí níos leithne i bpolasaí oideachais. Tá sé ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach na gaelscolaíochta go mbainfear úsáid as áiseanna TFC atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo.

vii) Is í an dara príomh-acmhainn ná comhoibriú ar fud oileán na hÉireann. Ina lán cásanna ní féidir leas a bhaint as barainneachtaí scála mar gheall ar mhéid beag earnáil na gaelscolaíochta. Rachfaí i ngleic go mór leis an deacracht seo dá gcuirfí na héilimh go léir ar acmhainní na gaelscolaíochta, lena n-áirítear acmhainní daonna, ar fud oileán na hÉireann san áireamh. Ina theannta sin, d'aithin Bord an Tionscadail na buntáistí móra a bhí ann le fabhrú ó chomhoibriú Soir/Siar, agus ar fud oileán na hÉireann fosta. Go minic is cosúil na saincheisteanna atá le tabhairt fúthu in Albain agus sa Bhreatain Bheag leis na cinn atá le tabhairt fúthu anseo, agus tá mórán le saothrú ó chomhroinnt acmhainní agus eolais. Go háirithe, thiocfaí le torthaí a bhaint as na cosúlachtaí teanga idir Gaeilge na hAlban agus Gaeilge na hÉireann, mar shampla trí oideolaíocht agus acmhainní foghlama a chomhroinnt. Tá buntáistí le saothrú as comhoibriú uile-Éireann do phobail ó thuaidh agus ó dheas, agus is í intleachtacht na n-earnálacha sna réimsí éagsúla an t-aon bhac atá orthu. Creideann Bord an Tionscadail go bhfuil earnáil na gaelscolaíochta ina suí go maith chun páirt iomlán a ghlacadh in obair ar fud oileán na hÉireann do leas na bhfoghlaimeoirí cibé áit a bhfuil siad suite.

## MOLTAÍ

## An Dóigh a Sholáthraítear an Ghaelscolaíocht

### Moladh 1: Samhlacha an Tumoideachais agus Struchtúir Scoileanna

Ba chóir go n-amharcfadh an Roinn Oideachais agus páirtithe leasmhara uile na gaelscolaíochta ar raon de:

i. Samhlacha an tumoideachais; agus

ii. Struchtúir scoileanna chun an ghaelscolaíocht a sholáthar.

Ba chóir go mbreathnódh páirtithe leasmhara ar an dóigh chun riachtanais áitiúla a chomhlíonadh ar bhonn cás le cás. Is ábhar d'údaráis agus do phobal

na scoile é polasaí tumoideachais na scoile, más gá tar éis dó a bhreathnú trí phróiseas an mholta forbartha, i gcomhthéacs na n-acmhainní Gaeilge de gach cineál atá ar fáil, agus ba chóir go gcuirfí seo in iúl do thuismitheoirí go soiléir. Creideann Bord an Tionscadail go láidir gur dea-chleachtas é don scoil na saincheisteanna seo a chomhaontú le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara.

## Soláthar Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt

### Moladh 2: Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí atá ann ar Mhaoiniú do Sholáthar na Réamhscolaíochta

Ba chóir an polasaí atá ann maidir le soláthar réamhscolaíochta maoinithe a athbhreithniú i gcomhthéacs an chomhcheangail uathúil de na hoibleagaidí a eascraíonn ón Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, de bhuntáistí aitheanta na réamhscolaíochta agus an dualgas reachtúil an ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú, d'fhonn soláthraithe cláraithe na gaelscolaíochta a bhfuil go leor páistí acu a cheadú chun maoiniú a fháil fiú nuair atá soláthar lán-Bhéarla ar fáil sa cheantar.

### Moladh 3: Eispéireas Riachtanach na Réamhscolaíochta

Aithníonn Bord an Tionscadail an tábhacht a chuireann earnáil na gaelscolaíochta ar réamhscolaíocht lán-Ghaeilge. Ina dhiaidh sin is uile, is é an tátal a bhain sé as ná nár chóir go mbeadh an t-eispéireas naíscolaíochta lán-Ghaeilge ina riachtanas éigeantach d'iontráil i mbunscoil lán-Ghaeilge.

### Moladh 4: Suíomhanna Réamhscolaíochta – Deonach vs Reachtúil

Ba chóir saincheisteanna sholáthar na naíscolaíochta lán-Ghaeilge a bhreathnú mar chuid de phlé Athbhreithniú na Luathbhlianta ar leibhéil na tacaíochta a chuirtear ar fáil do shuíomhanna reachtúla agus do shuíomhanna deonacha.

### Moladh 5: Taighde ar Thorthaí Oideachasúla na Naíscolaíochta Lán-Ghaeilge

Ba chóir go gcuirfí taighde ar thorthaí chineálacha difriúla eispéireas na naíscolaíochta lán-Ghaeilge ar aghaidh, lena n-airítear torthaí teanga.

## Soláthar Bunscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt

### Moladh 6: Bunscolaíocht Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe – Soláthar Nua a Fhorbairt Trí Chónascadh

Molann Bord an Tionscadail go ndéanfaí bunoideachas lán-Ghaeilge a fhorbairt sa todhchaí trí chóras scoileanna a fheabhsaíonn ceannaireacht scoile láidir agus an cumas tacaíochta maidir le forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na foirne, d'fhonn oideachas ardchaighdeáin a chinntiú. Moltar na fachtóirí seo a leanas mar threoir le forbairt amach anseo:

i. Ba chóir suíomh nua a sholáthraíonn bunscolaíocht lán-Ghaeilge a fhorbairt mar chuid de chónaidhm le scoil eile, le bord gobharnóirí amháin agus príomhoide amháin; teastóidh Moladh Forbartha agus Breithmheas Eacnamaíochta ón phróiseas.

ii. Ag gach láithreán sa scoil chónasctha caithfidh 12 dalta ar a laghad a bheith ar an rolla do Bhliain 1 in aghaidh na bliana i gceantair tuaithe, agus caithfidh 15 a bheith ar an rolla i gceantair uirbeacha.

iii. Ba chóir aonaid agus sruthanna a fhorbairt nuair is cuí: caithfidh na codanna lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla le chéile scoil inmharthana a chomhdhéanamh.

iv. Ba chóir go gcuimseodh rollú iomlán comhcheangailte i mbunscoil chónasctha lán-Ghaeilge, agus i scoileanna lán-Bhéarla le haonaid nó sruthanna lán-Ghaeilge, go leor daltaí ionas nach mbeadh sé riachtanach don chomh-phríomhoide dualgais mhúinteoireachta a ghlacadh air/uirthi.

v. Ba chóir go mbunófaí prótacal maidir le hoibriú an tsoláthair roimh fhorbairt soláthair bunscolaíochta nua, i gcónaidhm, aonad nó sruth.

vi. Caithfidh an Roinn Oideachais a chinntiú go dtabharfaí faoi riachtanais forbartha caipitil earnáil na gaelscolaíochta.

vii. Beidh príomhról ag TFC maidir le:

- foghlaim, teagasc, bainistíocht agus riarachán na scoile;
- aitheantas corparáideach na scoile cónasctha a choinneáil trí chumarsáid ardchaighdeáin agus chomhroinnt acmhainní a chumasú;

- tacaíocht a thabhairt do chumarsáid le tuismitheoirí; agus
- tacaíocht a thabhairt do chumarsáid le seirbhísí tacaíochta an oideachais, le scoileanna eile agus leis an phobal níos leithne.

### Moladh 7: Bunscolaíocht Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe - Tábhacht an Chónasctha d'Fhobairt Soláthair Nua

Molann Bord an Tionscadail nár chóir samhail an chónasctha a chur i leataobh seachas in imthosca sár-eisceachtúla, agus soláthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge á bhunú.

### Moladh 8: Saincheisteanna Cóiríochta na mBunscoileanna atá ann

Molann Bord an Tionscadail:

i. gur chóir go mbreathnódh bunscoileanna beaga lán-Ghaeilge go práinneach ar chónascadh, mar dhóigh lena n-inmharthanacht fhadtéarmach a thacú do leasanna na ndaltaí agus na foirne;

ii. gur chóir go ndéanfadh an Roinn Oideachais a chinntiú go n-aithnítear go soiléir riachtanais cóiríochta na mbunscoileanna lán-Ghaeilge atá ann;

iii. gur chóir go ndéanfadh an Roinn Oideachais a chinntiú go dtugtar riachtanais scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh i gclár caiteachais chaipitil ar eastát na scoileanna; agus

iv. gur chóir go n-oibreodh an Roinn Oideachais le hearnáil na gaelscolaíochta chun meicníocht oiriúnach a shainaithint chun maoiniú a sholáthar mar bheart práinne, le dul i ngleic leis na heaspaí cóiríochta is práinní sna scoileanna atá ann.

## Soláthar Iar-Bhunscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt

### Moladh 9: Soláthar Iar-Bhunscolaíochta Inbhuanaithe a Fhorbairt

Ba chóir soláthar iar-bhunscolaíochta nua, gur féidir a sholáthar trí raon de struchtúir scoile, a fhorbairt ag an láthair gheografach optamach laistigh de na Pleananna Ceantar-bhunaithe áitiúla d'fhonn leas a bhaint as bunscoileanna friothálacha agus d'fhonn comhtháthú a dhéanamh le seirbhísí eile, mar iompar. Ba chóir go mbunófaí prótacal maidir le hoibriú an tsoláthair roimh an fhorbairt, lena n-áirítear an dóigh a bhainfidh sé le soláthar lán-Ghaeilge eile.

## Aonaid agus Sruthanna Lán-Ghaeilge

### Moladh 10: Aonaid agus Sruthanna

Ba chóir go mbunófaí prótacal roimh an mholadh forbartha do bhunú aonaid nó srutha lán-Ghaeilge a leagann amach comhaontú maidir leis an dóigh a n-oibreoidh an t-aonad nó sruth agus an scoil óstach, agus aitheantas á thabhairt dá gcomh-idirspleáchas, d'fhonn a chinntiú do gcuirtear riachtanais sa dá pháirt den scoil san áireamh, agus fócas ar chomhleas uasta a bhaint amach as a gcaidreamh.

## Tacaíocht d'Oideoirí

### Moladh 11: Boird Gobharnóirí

i. Ba chóir go gcinnteodh Boird Gobharnóirí go ndéanann siad a scileanna a fhorbairt agus a nuashonrú le cur ar a gcumas a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a thagann forás orthu, agus baill a chomhthoghadh nuair is gá agus leas a bhaint as na cláir oiliúna atá ann.

ii. Agus comhsheirbhísí tacaíochta á soláthar aige i ndóigh earnáil-íogair, ba chóir go gcinnteodh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna go ndírítear ar riachtanais ar leith na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gobharnóirí á n-oiliúint.

iii. Caithfidh Boird Gobharnóirí a chinntiú go gcuirtear a ndualgais reachtúla i bhfeidhm go héifeachtach, lena n-áirítear an dualgas leas na bpáistí a chosaint ar fud na scoile, chun socruithe Cosanta Leanaí a dhaingniú, agus chun Pleanáil um Fhorbairt na Scoile a dhéanamh.

### Moladh 12: Oiliúint Ceannaireachta

i. Ba chóir go nglacfadh príomhoidí agus iad siúd arb é a dtoilmhian a bheith ina bpríomhoidí páirt in oiliúint ceannaireachta atá ar fáil agus ba chóir dóibh dea-chleachtas a chomhroinnt laistigh den earnáil agus níos faide, agus TFC agus cineálacha chur chuige eile á n-úsáid acu.

ii. Ba chóir riachtanais na nOideoirí lán-Ghaeilge a chur san áireamh agus comh-oiliúint ceannaireachta agus seirbhísí tacaíochta á soláthar i ndóigh earnáil-íogair.

### Moladh 13: Oiliúint a chur ar Mhúinteoirí do Shuíomhanna Lán-Ghaeilge

i. Ba chóir don Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear áiteanna oiliúna múinteoirí imleora ar fáil chun riachtanais a chomhlíonadh maidir le naíscolaíocht reachtúil, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht earnáil na gaelscolaíochta.

ii. Ba chóir deiseanna seachoiliúna a shainaithint dóibh siúd san earnáil lán-Bhéarla agus ba chóir dreasachtaí a thairiscint mar dhóigh glacadh na ndeiseanna sin a spreagadh.

iii. Ba chóir scileanna na Gaeilge a fhorbairt le linn oiliúint thosaigh múinteoirí, agus ba chóir go molfaí eispéireas sa Ghaeltacht mar chuid ríthábhachtach na forbartha seo;

iv. Ba chóir go dtabharfaí tréimhse ama shainiúil do mhúinteoirí neamhcháilithe chun cáilíocht múinteoireachta a fháil, agus tar éis sin ba chóir go gcuirfí bac ar scoileanna iad a fhostú níos mó, laistigh de pharaiméadair na reachtaíochta ábhartha.

### Moladh 14: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Múinteoirí

i. Ba chóir do phríomhoidí agus mhúinteoirí, lena n-áirítear iad siúd sa ghaelscolaíocht, an úsáid is fearr a bhaint as deiseanna oiliúna, agus ba chóir go bhfaigheadh siad comhsheirbhísí tacaíochta ón Údarás Oideachais agus Scileanna i ndóigh earnáil-íogair, chun cuidiú leo a bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chur in ord tosaíochta.

ii. Ba chóir go mbeadh tús eolais ar dhea-chleachtas agus forbairt an dea-chleachtais sa mhúinteoireacht ar fud raon de shuíomhanna lán-Ghaeilge ina gcuid de EPD agus CPD.

iii. Ba chóir do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh a scileanna Gaeilge a fhorbairt le linn EPD agus CPD, mar shampla, trí thréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht, trí thacaíocht a thaispeáint do shocrúcháin i scoileanna lán-Ghaeilge sa deisceart, trí chúrsaí teanga intí agus trí C2K.

iv. Ba chóir do sholáthraithe na gaelscolaíochta deiseanna agus fóram a fhorbairt chun dea-chleachtas a scaipeadh agus chun múinteoirí a chomhroinnt idir institiúidí.

v. Ba chóir deiseanna forbartha agus malartáin a fhorbairt, ar bhonn uile Éireann agus thoir/thiar.

vi. Ba chóir comhroinnt an dea-chleachtais sa tumoideachas a uasmhéadú (agus TFC á úsáid) ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar. Ba chóir go ndéanfaí an próiseas seo a thacú le teicneolaíochtaí cumarsáide atá ar fáil go ginearálta do scoileanna faoi láthair, agus ba chóir go ndéanfaí é a threorú le dea-chleachtas atá á fhorbairt san earnáil lán-Bhéarla.

### Moladh 15: Cúntóirí Ranga agus Oideoirí Naíscolaíochta

i. Ba chóir do chúntóirí ranga a scileanna ranga agus a scileanna teanga a fhorbairt trí mhodhanna cosúil leo siúd a liostaítear thuas agus iad saincheaptha dá riachtanais féin.

ii. Cinnirí agus cúntóirí réamhscolaíochta: Ba chóir go mbeadh deiseanna do IPD agus CPD ag an fhoireann ghairmiúil in aonaid réamhscolaíochta trí chúrsaí a fhorbraítear agus a chuirtear in oiriúint dá sainriachtanais sa tumoideachas do pháistí óga.

iii. Ba chóir go spreagfaí foireann choimhdeach sa soláthar naíscolaíochta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge uile agus go dtabharfaí tacaíocht dóibh chun a scileanna teanga a fhorbairt, mar shampla, trí chúrsaí nua a fhorbraítear sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.

## Acmhainní Oideachasúla

### Moladh 16: Acmhainní Curaclaim agus Teagaisc

i. Ba chóir go gcuirfí riachtanais earnáil na gaelscolaíochta san áireamh ón tús nuair a dhéantar acmhainní curaclaim agus acmhainní ranga eile a fhorbairt laistigh den chóras oideachais.

ii. Maidir le hábhair/réimsí curaclaim áirithe, ba chóir ardtosaíocht a thabhairt d'acmhainní múinteoirí a fhorbairt i nGaeilge nuair atá saincheisteanna foclóra teicniúil ann a bhaineann go sainiúil le sainábhar, d'fhonn comhsheasmhacht a thacú agus caighdeáin a ardú.

iii. Ba chóir riachtanais atá fós gan chomhlíonadh a shainaithint agus go dtabharfaí aghaidh orthu, ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar fosta.

iv. Ba chóir acmhainní ranga atá ann cheana féin, mar shampla iad siúd a d'fhorbair múinteoirí san earnáil, a shainaithint agus a chomhroinnt ag ESA d'fhonn dea-chleachtas a chomhroinnt agus caighdeáin a ardú.

v. Ba chóir d'earnáil na gaelscolaíochta iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh leas a bhaint as seiftiúlacht na ndaoine a bhfuil na scileanna

riachtanacha acu acmhainní curaclaim agus teagaisc a fhorbairt i ndóigh atá do leas na hearnála uile.

vi. Ba chóir TFC a úsáid, trí C2K, chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do scaipeadh na n-acmhainní.

### Moladh 17: Tacaíocht do Shainriachtanais Oideachais

i. Ba chóir don Údarás Oideachais agus Scileanna an cumas a fhorbairt sainriachtanais oideachais pháistí a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge nuair is féidir, agus fócas ar leith ar réimsí ina mbeadh a leithéid de thacaíocht ina buntáiste. Teastóidh foireann tacaíochta SEN atá oilte go cuí uaidh seo a mbeidh scileanna Gaeilge ar ardchaighdeán acu, agus d'fhéadfaí seo a fhorbairt, mar shampla, trí sparánachtaí.

ii. Molann Bord an Tionscadail, nuair nach bhfuil tacaíocht SEN ar fáil trí mheán na Gaeilge, gur chóir go dtabharfaí an tacaíocht is mó agus is féidir trí mheán an Bhéarla do pháistí, agus úsáid iomlán á baint as an bhonneagar C2K agus acmhainní eile. Sna himthosca seo ba chóir don Údarás Oideachais agus Scileanna a chinntiú go bhfuil an tacaíocht íogair do riachtanais na bpáistí atá ag foghlaim trí Ghaeilge. Ba chóir an dea-chleachtas a scaipeadh, lena n-áirítear comhthéacs sainiúil agus saincheisteanna a bhaineann leis an ghaelscolaíocht a chur san áireamh, agus teagmháil á déanamh le scoileanna agus múinteoirí ar na saincheisteanna seo.

iii. Ba chóir go dtabharfaí tacaíocht do mhúinteoirí sa Ghaelscolaíocht trí dhea-chleachtas atá ann cheana féin in SEN a chomhroinnt, go hairithe ó earnáil na Gaelscolaíochta. Ba chóir don Údarás Oideachais agus Scileanna agus do ghníomhaireachtaí eile seo a chur chun cinn agus a thacú, agus leas á bhaint as foinsí ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar ó shuíomhanna lán-Bhéarla chomh maith le comhthéacsanna an tumoideachais. Beidh príomhról ag TFC i réadú na mbuntáistí atá ar fáil do dhaltaí agus dá múinteoirí.

iv. Ba chóir uirlisí diagnóiseacha ardleibhéil a fhorbairt d'earnáil na gaelscolaíochta, agus leas á bhaint as deiseanna uile-Éireann agus thoir/thiar.

### Moladh 18: Foghlaim neamhfhoirmeálta trí mheán na Gaeilge

Ba chóir don Roinn Oideachais deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta a thacú agus a spreagadh trí mheán na Gaeilge in earnáil na hóige, agus trí chur chuige na scoileanna méadaithe. Beidh úsáid TFC ina cuid ríthábhachtach d'fhorbairt agus de sholáthar na ndeiseanna foghlama.

### Moladh 19: Tacaíocht trí mheán na Gaeilge do phaistí sa bhaile

Molann Bord an Tionscadail:

i. Gur chóir don Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear an ghaelscolaíocht san áireamh maidir le polasaithe a soláthraítear lasmuigh den scoil; agus

ii. Gur chóir do pháirtithe leasmhara ar fud earnáil na gaelscolaíochta deiseanna a chuardach chun dea-chleachtas i bhforbairt agus i dtacaíocht teanga a chomhroinnt, le fócas ar leith ar pháistí i mbailte ina labhraítear Béarla.

Go bhfuil úsáid TFC ríthábhachtach chun an tacaíocht seo a sholáthar, agus gur chóir do scoileanna forbairtí a úsáid do leas na bhfoghlaimeoirí.

### Moladh 20: Aistriúcháin Iolracha ar Scrúduithe a déantar i nGaeilge

i. Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh teacht ar speisialtóirí ábhair a bhfuil na scileanna teanga cuí acu, lena n-áirítear ar bhonn uile-Éireann, chun deireadh a chur leis an ghá le haistriúcháin iolracha sa phróiseas measúnaithe agus scrúdaithe do pháistí sa ghaelscolaíocht.

ii. Ba chóir measúnú a dhéanamh ar thionchar an chórais reatha d'aistriúcháin iolracha ar dhaltaí.

## Gaelscolaíocht a Leabú sa Chóras Oideachais

### Moladh 21: Forbairt agus Soláthar Polasaí

i. Caithfidh an Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear an ghaelscolaíocht san áireamh go córasach ar fud na forbartha polasaí.

ii. Caithfidh an Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear tacaíocht chuí ar fáil do gach scoil atá ann agus do scoileanna nua, ar an choinníoll go gcomhlíonann siad critéir inbhuanaitheachta comhaontaithe, agus go

dtugann an tÚdarás Oideachais agus Scileanna faoi riachtanais earnáil na gaelscolaíochta i ndóigh iomlán chomhtháite agus a sheirbhísí á soláthar aige.

### Moladh 22: Taighde

Ba chóir go gcuirfí riachtanais na gaelscolaíochta san áireamh go cuí i straitéisí taighde na Roinne Oideachais agus na gcomhlachtaí comhpháirtíochta oideachais. Ba chóir deiseanna comhoibrithe taighde ar bhonn uile-Éireann a uasmhéadú.

### Moladh 23: Rochtain ar Ghaelscolaíocht a Mhéadú

Ba chóir go dtabharfaí for-rochtain ar aghaidh dóibh siúd nach bhfuil rochtain á fáil acu ar ghaelscolaíocht i gcur chuige céimithe, a léiríonn an oidhreacht theangeolaíoch chomhroinnte ar fud na n-oileán seo, ar bhonn thoir/thiar agus uile-Éireann. Go háirithe ba chóir aifinideacht na Gaeilge le Gaeilge na hAlbain a aibhsiú, a thaispeáint mar shampla agus a úsáid mar spreagadh chun an Ghaeilge a fhorbairt a thuilleadh ar fud na bpobal.

## Deiseanna trasteorann don Ghaelscolaíocht

### Moladh 24: Deiseanna Trasteorann agus Tras-Réigiúnda don Ghaelscolaíocht

Ba chóir don Roinn Oideachais deiseanna forbartha do chomhoibriú le dlínsí eile a shainaithint mar thaca leis an ghaelscolaíocht, go háirithe ar bhonn uile-Éireann.

# Réamhrá



# Caibidil 1
# Réamhrá

## Comhthéacs an Athbhreithnithe

1.1) Is cuid ar leith den chóras oideachais í an ghaelscolaíocht, agus tá sé mar aidhm aici raon de shuíomhanna beoga a chomhlíonann riachtanais oideachasúla agus theangeolaíocha daltaí a sholáthar. Tá níos mó inti ná oideachas lán-Bhéarla a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge. Is toradh tábhachtach é an toradh inmhianaithe, oideachas ardchaighdeáin do phaistí a fhágfaidh an scoil mar dhaoine dátheangacha inniúla muiníneacha, go speisialta faoi láthair nuair a chuimsíonn coincheap an bhreisluacha níos mó ná breithnithe a bhaineann le hairgeadas amháin. Soláthraíonn eispéireas saibhriúcháin fhorbairt an dátheangachais acmhainn eile do na paistí seo as a mbainfidh siad leas de réir mar a chaitheann siad a saolta.

1.2) Rinneadh an tAthbhreithniú seo i spiorad dearfach, agus é réidh le ceisteanna agus dúshláin a chur nuair is gá, ach níos tábhachtaí, chun réitigh a fháil ar fhadhbanna coimpléascacha, agus an aidhm aige tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach sholáthar na gaelscolaíochta laistigh de chóras oideachais níos leithne. Is í aidhm na moltaí a chuireann Bord an Tionscadail ar aghaidh ná an creat straitéiseach soiléir a chruthú a chuideoidh leis an Roinn Oideachais agus lena gcomhlachtaí comhpháirtíochta an fhorbairt thodhchaíoch seo a sholáthar.

## Bunús an Athbhreithnithe

1.3) In 2006 rinneadh athbhreithniú ar oideachas faoi cheannaireacht Sir George Bain, a rinne iniúchadh ar mhaoiniú an oideachais, agus ar phleanáil straitéiseach agus eagraíocht eastát na scoileanna. Chuir Athbhreithniú Bain treochtaí déimeagrafacha athraitheacha, leasuithe oideachais, an phleanáil do chlár infheistíochta deich mbliana san oideachas, agus athchóiriú an riaracháin phoiblí san áireamh. Dúradh i dTuarascáil an Athbhreithnithe Straitéisigh Neamhspleách ar Oideachas (Tuarascáil Bain), arna foilsiú i mí na Nollag 2006, (alt 11.23, lch. 157):

> "There appears, however, to be a lack of consensus about aspects of the educational process in IM education and about the most appropriate environment: educationally, linguistically, socially and physically. There is need for further debate to inform a rationale for an agreed model of immersion, in keeping with international best practice."

1.4) Ansin mhol Bain gur chóir go ndéanfadh an Roinn Oideachais polasaí cuimsitheach soiléir a fhorbairt don ghaelscolaíocht. Ghlac an tAire a bhí ann ansin, Maria Eagle, leis an mholadh seo agus thionscain sí an tAthbhreithniú seo chun bonn an pholasaí sin a sholáthar. Iarradh ar Bhord an Tionscadail breithmheas a dhéanamh ar an bhealach is fearr chun forás leanúnach inbhuanaithe na gaelscolaíochta do na deich mbliana le teacht a éascú, agus na torthaí oideachasúla den chaighdeán is airde do dhaltaí á gcinntiú, go háirithe i gcomhthéacs an chuaraclaim athbhreithnithe do Thuaisceart Éireann agus chreat teidlíochta an churaclaim do pháistí i ngach earnáil den oideachas.

## Na páirtithe leasmhara don Athbhreithniú

1.5) Sainaithníodh na príomhpháirtithe leasmhara mar seo a leanas:

- daltaí reatha agus sa todhchaí i scoileanna na gaelscolaíochta, agus a dtuismitheoirí;
- múinteoirí agus baill foirne eile i scoileanna na gaelscolaíochta
- eagraíochtaí reachtúla, deonacha, pobail agus gairmiúla ábhartha; agus
- iad siúd a bhfuil suim acu i gcúrsaí Gaeilge.

1.6) Ina theannta sin, mar a dúradh i dTuarascáil Bain, "the education of children is one of the most important aspects of any society". Dá bhrí sin tá tionchar ag an Athbhreithniú seo ar ghrúpa páirtithe leasmhara níos leithne, go háirithe i réimse an oideachais, ach sa tsochaí níos leithne fosta, idir áitiúil agus idirnáisiúnta.

## An Cur Chuige a Ghlac Bord an Tionscadail

1.7) Is féidir cur síos ar chur chuige an Athbhreithnithe seo (mar atá leagtha amach go mionsonraithe leis na Téarmaí Tagartha in Aguisín 1) tríd is tríd mar seo a leanas:

i. chun forbairt na gaelscolaíochta go dtí seo a athbhreithniú;

ii. chun aon dúshláin le tabhairt fúthu a shainaithint; agus

iii. moladh a dhéanamh faoin dóigh leanúint ar aghaidh le forbairt na gaelscolaíochta chun soláthar agus torthaí ardchaighdeáin inbhuanaithe a chinntiú do na páistí uile san earnáil.

1.8) Leanann an chuid atá fágtha den Tuarascáil seo an struchtúr seo. Agus Pointe (i) á bhreathnú, is é sin forbairt na gaelscolaíochta go dtí seo, tosaíonn an Tuarascáil le leagan amach an chreata dlíthiúil ina tharla forbairt na hearnála. Tugtar achoimre ghairid ar stair fhorbairt na gaelscolaíochta ansin, agus anailís ar an soláthar reatha ina dhiaidh sin,

lena n-áirítear roinnt tráchtanna ar shaintréithe agus ardaidhmeanna na hearnála.  Faoi dheireadh cuirtear staidéar i láthair ar thorthaí infheistíocht airgeadais an Rialtais sa ghaelscolaíocht thar na cúig bliana atá caite.

1.9) Agus aghaidh á tabhairt ar phointe (ii), is é sin sainaithint na ndúshlán le tabhairt fúthu, sa chéad dul síos leagann an Tuarascáil na príomhathruithe oideachasúla amach atá os comhair gach earnála.  Ansin breathnaíonn an Tuarascáil ar an dóigh a fheidhmítear polasaithe na Roinne Oideachais d'earnáil na gaelscolaíochta.  Sa bhreis ar an dá anailís seo, baineann an obair seo leas as obair an Ghrúpa Comhairligh don Athbhreithniú, as tuismitheoirí agus as múinteoirí san earnáil.  Ó na foinsí seo dréachtaíodh na dúshláin le chéile atá os comhair na hearnála agus a bhí faoi bhreathnú Bhord an Tionscadail.

1.10) Soláthraíonn na dúshláin seo an cúlra do phointe (iii), a chuireann moltaí ar fáil maidir leis an dóigh le leanúint ar aghaidh le forbairt na gaelscolaíochta.  Leagtar príomheilimintí na fianaise amach a bhí faoi bhreathnú Bhord an Tionscadail nuair a phléitear na dúshláin agus an bealach chun cinn.

## Naisc idir an Athbhreithniú agus Clár Rialtais Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann 2008-2011

1.11) Rinneadh an chuid is mó den Athbhreithniú sular fhoilsigh an feidhmeannas athbhunaithe an Clár Rialtais (PfG) deiridh.  Thug Bord an Tionscadail faoi deara go dtugann eilimintí an PfG a bhaineann le hoideachas agus le forbairt ár mbonneagair tacaíocht don obair ar a ndírítear sa doiciméad seo.  San áireamh sa PfG, mar chuid de Chomhaontú Seirbhíse Poiblí (PSA) 10, tá gealltanas don ghaelscolaíocht agus chun an obair atá á forbairt ag an Athbhreithniú seo a thabhairt chun cinn.  Is cuid den chúlra don Athbhreithniú seo fosta PSA 16 agus PSA 19.

### PSA 10 Ag Cuidiú lenár bPáistí agus lenár nDaoine Óga teacht in éifeacht trí Oideachas

**Aidhm:** Ár bpáistí uile a spreagadh a n-acmhainn a réadú trí rochtain ar oideachas foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a sholáthar atá saincheaptha do riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga faoi bhuntáiste.

**Cuspóir 4:** Chun oideachas lán-Ghaeilge ardchaighdeáin a uasmhéadú do na páistí sin a bhfuil sé ag teastáil óna dtuismitheoirí.

**Beart:** Earnáil rafar na gaelscolaíochta atá comhtháite go hiomlán i ngach gné den tacaíocht oideachais.

### PSA 16 Infheistíocht in Eastáit na Sláinte agus an Oideachais

**Aidhm:** Chun clár infheistíochta a thabhairt ar aghaidh chun eastát sláinte agus oideachais nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar ar aon dul de dea-chleachtas agus le luach ar airgead a chinntiú.

**Cuspóir 4:** Chun áiseanna scoile nua-aimseartha a sholáthar a chomhlíonann riachtanais teagaisc agus foghlama.

### PSA 19 Caighdeáin a Ardú inár Scoileanna

**Aidhm:** Chun oideachas a thabhairt dár ndaoine óga agus iad a fhorbairt ar na caighdeáin is airde agus is féidir chun torthaí feabhsaithe a sholáthar do na daoine óga go léir, lena n-áirítear laghduithe intomhaiste sa bhearna i dtorthaí oideachasúla idir na gnóthachtálaithe is airde agus is ísle.

1.12) Leagann an PfG comhthéacs straitéiseach tábhachtach amach ina dtabharfar moltaí an Athbhreithnithe seo chun cinn.

## Comhionannas agus Fianaise

1.13) Ba í tuairim láidir bhaill Bhord an Tionscadail gur chóir go ndéanfaí riachtanais gach earnála oideachais a shainaithint agus go ndíreofaí orthu, mar thaca le comhionannas i soláthar agus i dtorthaí an oideachais. Chun tacaíocht a thabhairt don chur chuige seo d'aithin Bord an Tionscadail go raibh sé ríthábhachtach fianaise a bhreathnú le linn an phróisis seo. Chun na riachtanais oideachasúla a shainaithint bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar an fhaisnéis a bhí i dTuarascáil Bain, go háirithe na réimsí comhaontaithe a shainaithin Sir George Bain a threoraigh gur chóir don chóras oideachais, agus an ghaelscolaíocht san áireamh:

i. Deiseanna agus eispéiris oideachasúla ardchaighdeáin a sholáthar do gach dalta i dtéarmaí an churaclaim, na foghlama agus an teagaisc, trína bhfuil siad in ann ardchaighdeáin a bhaint amach i dtéarmaí a ngnóthachtála, a bhforáis phearsanta agus a bhforbartha sóisialta agus go réadaíonn siad a n-acmhainn;

ii. Bheith ina ghné ríthábhachtach de leas sóisialta agus pobail, a chuireann go héifeachtach agus go hiomchuí le spriocanna eacnamaíocha agus sóisialta níos leithne;

iii. Freastail ar rogha réasúnta na dtuismitheoirí maidir le luachanna agus éiteas scoileanna, agus aird mar is cuí ar úsáid chistí poiblí; agus

iv. Rochtain chothromasach a sholáthar do gach dalta.

1.14) Ar aon dul leis na ceithre phrionsabal thuas, d'aithin Bord an Tionscadail go gciallaíonn comhionannas soláthair agus torthaí moltaí a dhéanamh agus iad idirdhealaithe chun riachtanais na gaelscolaíochta a chur san áireamh ag an phointe seo.

1.15) Beidh athshondais ag cuid de na moltaí do phobal níos leithne an oideachais mar a bhfuil riachtanais chomhchosúla le tabhairt fúthu. Síleann Bord an Tionscadail go bhfuil sé ríthábhachtach go lorgófaí deiseanna chun eispéireas a chomhroinnt agus a scaipeadh i measc earnálacha uile an chórais oideachais dá gcomhleas agus do leas na bpáistí uile.

1.16 Freagraíonn moltaí eile a dhéanann Bord an Tionscadail ar riachtanais ar leith earnála nua atá ag dul i méid. Caithfear na moltaí seo a bhreathnú de réir mar a bhaineann siad le tréimhse trasdula agus léiríonn siad riachtanais na hearnála ag an phointe seo. Is í tuairim Bhord an Tionscadail go bhfuil siad ina gcéimeanna riachtanacha de réir mar a fhorbraíonn an earnáil agus a dhéantar í a leabú mar chuid ríthábhachtach den chóras oideachais. De réir mar a athraíonn riachtanais na gaelscolaíochta, ba chóir na moltaí sa Tuarascáil seo a choinneáil faoi scrúdú agus a nuashonrú go rialta le cinntiú go leanann siad le riachtanais na hearnála a chomhlíonadh ag aon phointe áirithe ina forbairt.

# Caibidil 2
# Gaelscolaíocht: An Creat Dlíthiúil

2.1) Leagtar an phríomhreachtaíocht ábhartha amach thíos. Caithfear reachtaíocht eile, lena n-áirítear reachtaíocht comhionannais agus reachtaíocht ghinearálta eile a bhaineann leis an Ghaeilge, a chur san áireamh nuair is ábhartha, (féach *http://www.opsi.gov.uk/legislation/northernireland/ni_legislation.htm*).

2.2) Tarlaíonn an t-oideachas laistigh de chreat dlíthiúil atá deartha le cinntiú go mbíonn an t-oideachas sofhreagrach do rogha na dtuismitheoirí, agus luach ar airgead á sholáthar san am céanna. Tugtar faoi seo faoi Airteagal 44 den Ordú Oideachais agus Leabharlanna 1986, ina bhfuil an prionsabal ginearálta, chomh fada agus a bhíonn sé in oiriúint le soláthar teagaisc agus oiliúna éifeachtaí agus go ndéantar caiteachas poiblí míréasúnta a sheachaint, go dtabharfar oideachas do pháistí de réir mhianta a dtuismitheoirí.

2.3) Tacaíonn an tOrdú Oideachais 1997, Cuid III, leis an mbonn seo de rogha na dtuismitheoirí agus soláthraíonn sé reachtaíocht a chuireann bunús le ceart na dtuismitheoirí rogha a chur in iúl maidir leis an scoil ina bhfuil fonn orthu a bpáiste a rollú (polasaí an Rollaithe Oscailte). Ina dhiaidh sin is uile, ní ceart daingean an ceart seo, agus cuirtear teorainn leis ag an líon a ceadaítear dóibh rollú agus caithfidh scoileanna oibriú faoina gcuimsiú.

2.4) Mar gheall ar ghealltanas a tugadh i gComhaontú Aoine an Chéasta, chuir na forálacha san Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998 dualgas ar an Roinn forbairt na gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú. Rinne an tOrdú foráil maidir le híocaíocht deontas ón Roinn do chomhlacht a chuirfeadh an Ghaelscolaíocht chun cinn agus thug sé na socruithe maoinithe don Ghaelscolaíocht i gcomhréir leo siúd in earnálacha eile.

2.5) Tá an tsainmhíniú reachtúil atá ar scoil lán-Ghaeilge in Airteagal 3(2) den Ordú Oideachais 2006, rud a dheir '... a school is an Irish speaking school if more than one half of the teaching of – (a) Religious Education; and (b) the minimum content of the areas of learning other than that called Language and Literacy, is conducted (wholly or partly) in Irish, and "school" includes part of a school.'

## An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh

2.6) Cuireann an Roinn Oideachais an fíoras san áireamh go bhfuil an RA ina sínitheoir leis an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, féach *http://conventions.coe.int/Treaty/EN/Treaties/Html/148.htm* Is coinbhinsiún idirnáisiúnta í an Chairt Eorpach atá deartha chun Teangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn. Ní bhunaíonn an Chairt aon chearta aonair nó comhchoiteanna do chainteoirí na dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh. Is cuspóir cultúrtha é cuspóir

sáraitheach na Cairte. Tá sí deartha chun Teangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn mar ghné d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa atá faoi bhagairt.

2.7) Shínigh Rialtas na RA an Chairt in 2000, agus tar éis di a dhaingniú, tháinig sí i bhfeidhm ar 1 Iúil 2001. Tá an Chairt ceangailteach ar gach ceann de na stáit daingnithe. Baineann an Chairt anseo leis an Ghaeilge agus le hAlbainis Uladh, agus dá bhrí sin tá impleachtaí ann do gach roinn rialtais agus do chomhlachtaí gaolmhara, do ranna Whitehall a oibríonn go háitiúil agus do Rialtas Áitiúil. Taispeántar na freagrachtaí a chuirtear ar ranna ag Cuid III den Chairt thíos. (Clúdaíonn Cuid III bearta chun úsáid Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh sa saol poiblí a chur chun cinn, agus cuimsítear oideachas réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile i nGaeilge, agus aitheantas á thabhairt go gcaithfidh líonta imleora a bheith ann a éilíonn a leithéid de sholáthair chun maoiniú poiblí a fhírinniú.

Tábla 2.1 Freagracht as cur i bhfeidhm Chuid III (Airteagail 8–14) go háitiúil

| Soláthar Chuid III | Ábhar | An Roinn Rialtais atá Freagrach |
|---|---|---|
| Airteagal 8 | Oideachas | DE, DEL, |
| Airteagal 9 | Na húdaráis bhreithiúnacha | DCAL |
| Airteagal 10 | Údaráis riaracháin agus seirbhísí poiblí | Gach roinn |
| Airteagal 11 | Na meáin | Faoi threorú DCAL |
| Airteagal 12 | Gníomhaíochtaí agus áiseanna cultúrtha | Faoi threorú DCAL |
| Airteagal 13 | An saol eacnamaíoch agus sóisialta | DCAL, DETI, DEL |
| Airteagal 14 | Malartáin trasteorann | Oifig Thuaisceart Éireann |

# Caibidil 3
# Gaelscolaíocht 1971-2008:
# Saintréithe agus Forás

## Roinnt saintréithe na Gaelscolaíochta

3.1) Shíl Bord an Tionscadail go raibh sé tábhachtach agus forás na gaelscolaíochta faoi bhreathnú ná gur chóir féachaint ar shaintréithe na gaelscolaíochta, saintréithe a spreag tuismitheoirí an ghaelscolaíocht a iarraidh. Ní raibh sé de rún aige seo aon dearcadh ar an earnáil, do den earnáil, a fhorchur, nó chun aon obair forbartha ar an cheist seo san earnáil sa todhchaí a bhacadh.

3.2) Ba léir do Bhord an Tionscadail go bhfuil a carachtar agus a héiteas féin ag gach scoil, cibé earnáil as a dtagann sí, agus go bhfuil na príomheiliimintí de seo le fáil i ngach scoil mhaith. Tá príomhfhócas na gaelscolaíochta, mar aon le gach earnáil oideachais, ar na páistí faoina cúram, chun a riachtanais oideachais, shóisialta, fhisiciúla, mhothúchánach, phearsanta, theangeolaíocha, fhorbartha, intleachta agus spioradálta a chothú.

3.3) Ina dhiaidh sin is uile, sa bhreis ar na heilimintí atá liostaithe thuas, tá saintréithe teangeolaíocha agus cultúrtha agus ardaidhmeanna uathúla le fáil sa Ghaelscolaíocht. Uaireanta léiríonn siad seo go mbaineann idirghníomhaíocht na scoileanna go minic lena dtacaíocht do phobal na Gaeilge atá ann agus atá i mbéal forbartha, agus le tacaíocht a ghlacadh ón phobal sin. Déanann sé seo forbairt na bpáistí a shuí i dtimpeallacht shochtheangeolaíoch níos leithne, rud eile a chabhródh leo teanga agus litearthacht na Gaeilge a ghnóthú. Tá na buntáistí seo de bhreis ar an fhócas oideachasúil páiste-bhunaithe ardchaighdeáin ar a gcuirtear síos thuas, a bhfuil an aidhm aige daltaí dátheangacha dá-liteartha i nGaeilge agus i mBéarla a fhorbairt, a mbeidh an cumas acu ról éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar.

## Gaelscolaíocht: An Dátheangachas a Fhorbairt

3.4) Forbraíonn an ghaelscolaíocht daltaí dátheangacha, atá inniúil ar an Ghaeilge agus ar an Bhéarla. Is cineál oideachais é an tumoideachais a fhorbraíonn an dátheangachas, rud a tharlaíonn nuair a déantar páiste a bhfuil an Béarla aige mar mháthairtheanga a theagasc trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh páistí sa rang céanna a bhfuil an Ghaeilge acu mar mháthairtheanga eispéireas dátheangach a bhrath, as a dtiocfaidh inniúlacht ar an Ghaeilge agus ar an Bhéarla, cé nach mbeidh sé seo ina eispéireas tumoideachais do na páistí seo.

3.5) Tá an 'Tumoideachas' ar fáil go forleathan ar fud an domhain agus tá sé ann i roinnt cineálacha éagsúla. Tá na comhghnéithe seo a leanas acu go léir:

i. Ní máthairtheanga an dalta í teanga an 'tumtha'.

ii. Foghlaimíonn na daltaí ní hamháin teanga an tumtha ach foghlaimíonn siad ábhair thábhachtacha eile trí mheán na teanga.

iii. Is cainteoir ardlíofa na teanga é an múinteoir, agus go minic is cainteoir dúchais é/í.

iv. Cinntíonn an múinteoir go mbíonn teagmháil shuntasach ag na daltaí le teanga an tumtha, trí theagasc agus idirghníomhaíochtaí eile, agus spreagadh láidir á thabhairt d'fhorbairt scileanna tuisceana na ndaltaí.

v. Ní chuireann an múinteoir brú ar dhaltaí an teanga a labhairt, agus i dtosach tugtar cead dóibh labhairt sa mháthairtheanga más mian leo.

vi. De ghnáth léirítear cumas cainte na ndaltaí agus teanga an tumtha á úsáid trí amhráin, dhánta, chluichí agus fhrásaí. De réir a chéile, dá dtoil féin, forbraíonn siad cumas cainte uathspreagtha trí theanga an tumtha.

## Buntáistí an Dátheangachais: Anailís leis an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

3.6) Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna staidéar ar bhuntáistí an dátheangachais. Shainaithin an staidéar seo gur féidir le gach páiste a bheith dátheangach fiú muna mbeidh siad in ann inniúlacht cainteoirí dúchais a shealbhú. Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faoi deara gur féidir le dátheangachas a bheith ina thráchtearra ar a bhfuil ráchairt mhór, agus buntáistí cognaíocha aige maidir le:

i. gnóthú teanga;

ii. forbairt chognaíoch agus acadúil;

iii. féinmhuinín agus féinmheas na bpáistí; agus

iv. cumais fhadhbréitigh, agus páistí nach mbíonn eagla orthu meancóga a dhéanamh.

3.7) Tugann tromlach an taighde ar a ndearna an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna staidéar bunús leis an choincheap gur rudaí dearfacha do na faighteoirí/foghlaimeoirí an tumoideachas, an tumadh dhá theanga, an t-oideachas dátheangach (dátheangachas) agus foghlaim imeasctha um ábhar agus teanga (CLIL) i dtéarmaí shealbhú an dara teanga agus forbairt chognaíoch fhoriomlán. Glactar le heolas an ábhair ar a laghad chomh maith agus a ghlactar leis i scolaíocht tríd an mháthairtheanga.

3.8) Is iad torthaí buntáisteacha eile is féidir a fhorbairt ná dearcaí dearfacha maidir le hilchultúrthacht, cuimsitheacht, hoscailteacht, caoinfhulaingt agus glacadh le 'héagsúlacht'. Dá bhrí sin déanann foghlaim teanga leas do phaistí agus déantar iad a fhorbairt tríd.

3.9) Feabhsaíonn an cumas dhá theanga a labhairt cumas an pháiste teanga a úsáid agus a fhoghlaim go ginearálta. Is féidir le páistí foghlaim faoi rud i dteanga amháin agus labhairt faoi i dteanga eile, agus cuidíonn an próiseas seo leo tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar.

3.10) Is í an teanga an phríomhuirlis intleachta agus is uirlis í a tugann bunús lenár gcumas a bheith éifeachtach mar dhaoine aonair agus mar bhaill na sochaí. Rinne Ellen Bialystock ó Ollscoil York, Ceanada[1] staidéar ar réimsí éagsúla na hinchinne a spreagtar ag teanga. Fuair sí amach go raibh daoine dátheangacha níos fearr ag an iltascáil ós rud é go mbíonn siad i gcónaí ag baint úsáide as an chuid sin den inchinn ar a dtugtar an choirtéis réamhthosaigh. Treisíonn sé seo próisis na haire. Fuair sí amach fosta go gcleachtann an dátheangachas an inchinn agus déanann sé meath meabhrach a bhaineann le haois a mhaolú go suntasach. Tuigeann páistí réamhscoile atá dátheangach feidhm shiombalach litreacha níos gasta agus scórálann siad a dhá oiread agus a scórálann páistí aonteangacha i dtástálacha aitheanta ar charachtair scríofa. Tá buntáiste ag paistí dátheangacha a raibh teagmháil acu le litearthacht agus le scéalta sa dá theanga agus scileanna léitheoireachta á bhfoghlaim acu.

3.11) Taispeánann taighde le Jim Cummins[2] ó Institiúid Ontario um Staidéir san Oideachas, go gcruthaíonn páistí dátheangacha níos fearr sa scoil nuair a theagascann an scoil an máthairtheanga go héifeachtach agus, nuair is cuí, forbraíonn siad litearthacht sa teanga sin. I gcontrárthacht leis sin, nuair a chuirtear brú ar pháistí a máthairtheanga a dhiúltú agus éiríonn a forbairt marbhánta, baintear an bonn dá ndúshraith foghlama phearsanta agus choincheapúil. Tá cur chuige cothrom comhchuí riachtanach chun na torthaí is fearr a fhorbairt.

## Príomhfhorbairtí Stairiúla sa Ghaelscolaíocht ó 1971

3.12) Ní próiseas éasca é scoil nua a bhunú. Teastaíonn tiomantas chomh maith le fís uaidh. Ba mhian le Bord an Tionscadail aitheantas a thabhairt do phríomhchúnamh na ndaoine a raibh ról acu i scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú agus a thacú. Tá sé tábhachtach fosta aitheantas a thabhairt don tacaíocht ríthábhachtach a sholáthair pobail d'fhorbairt na scoileanna, agus sa dóigh sin infhaighteacht na gaelscolaíochta a mhéadú.

1 Lifespan Cognition: Mechanisms of Change le Ellen Bialystok (Eagarthóir), 2006

2 Cummins, J. (2000). Language, power, and pedagogy. Bilingual children in the crossfire. Clevedon, Sasana: Cúrsaí Ilteangacha.

3.13) Bunaíodh an chéad scoil lán-Ghaeilge le blianta beaga anuas, Bunscoil Phobal Feirste, ar Bhóthar Seoighe, Béal Feirste, i 1971, le naonúr páistí. Ba thoradh an scoil ar phobal Gaeltachta a bhunaigh grúpa beag de theaghlaigh labhartha na Gaeilge sa cheantar. Theastaigh ó na teaghlaigh seo a bpáistí a thógáil i dtimpeallacht labhartha na Gaeilge, agus bhí siad meáite ar an chur chuige seo a choinneáil nuair a bhain a bpáistí aois scoile amach. Bhí deacrachtaí móra os comhair na dteaghlach chun aitheantas a fháil don scoil seo agus ar feadh tamaill bhí siad faoi bhagairt ionchúisimh as 'scoil neamhchláraithe' a oibriú.

3.14) Tar éis sraith fhada idirbheartaíochtaí leis an Roinn Oideachais agus le Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste, cláraíodh Bunscoil Phobal Feirste faoi dheireadh i mí Aibreáin 1979.

3.15) Theastaigh ó na tuismitheoirí go dtabharfaí aitheantas don ghaelscolaíocht ón tús mar earnáil a bhí leithleach ó na scoileanna faoi rialú agus faoi chothabháil a bhí ann cheana féin.

3.16) Cuireadh soláthar réamhscolaíochta lán-Ghaeilge leis, Naíscoil Breandáin, i 1978 agus chuir sé go mór leis na líonta a bhí ag freastal ar an scoil, agus an gá le níos mó seomraí ranga agus múinteoirí mar thoradh air seo. Ní raibh an chóiríocht ar ardchaighdeán ach mhol cigireacht ghinearálta i 1982 caighdeán an oideachais a soláthraíodh. I 1984, fuair an scoil maoiniú ón Rialtas don chéad uair tar éis plé fada leis na húdaráis oideachais.

3.17) Rinneadh iarracht meánscoil a bhunú i mBéal Feirste i 1979, ach níor mhair sé seo ach dhá bhliain. Thairg roinnt scoileanna gramadaí lán-Bhéarla soláthar páirteach trí mheán na Gaeilge, mar dhóigh le cuidiú le hionduchtú paistí a d'aistrigh ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

3.18) I 1984 forbraíodh an dara bunscoil, Gaelscoil na bhFál, i mBéal Feirste le freastal ar an éileamh méadaithe ar ghaelscolaíocht agus tugadh aitheantas di maidir le maoiniú rialtais i 1992. I nDoire, i 1983, fuair sruth lán-Ghaeilge de Bhunscoil Bhaile an Stiallaigh cúnamh deontais, agus d'éirigh sí ina scoil neamhspleách i 1993 laistigh den earnáil Chaitliceach faoi chothabháil. I 1997, ar an Iúr tugadh maoiniú do scoil lán-Ghaeilge eile, a bunaíodh i 1987.

3.19) I 1991 tharla forbairt shuntasach eile nuair a cuireadh soláthar iar-bhunscolaíochta ar fáil le bunú Mheánscoil Feirste (nóColáisteFeirste mar a tugtar uirthi anois): fuair sí cúnamh deontais i 1996. I 1994 bunaíodh Meánscoil Dhoire, iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i nDoire: tugadh cúnamh deontais di i Meán Fómhair 2000, nuair a d'éirigh sí ina sruth de Choláiste Bhríde.

3.20 Ba é an chéad eiseamláir de sholáthar lán-Ghaeilge i gcomhthéacs dhá theanga (ar a dtugtar aonad nó sruth anois) ná nuair a bunaíodh aonad i mBunscoil Bhaile an Stialaigh i nDoire i 1993, ar a dtugadh Bunscoil Bhaile Stil ag an am sin.

3.21) Rinne Bunscoil Bhaile Stil an bealach a réiteach do chruthú soláthair ina dhiaidh sin i mBunscoil Ard Mhacha i gCathair Ard Mhacha i 1995, Bunscoil Eoin Baiste i bPort an Dúnáin i 1998, Bunscoil Naomh Bríd i ngar do Mhachaire Rátha in 2000, Bunscoil Naomh Iosaif sa Lorgain in 2000 agus Coláiste Bhríde i nDoire in 2000.

3.22) I Meán Fómhair 1995 rinneadh Bunscoil Bhaile Stil a fhorbairt ar a láithreán féin agus d'éirigh sí ina bunscoil aonteanga lán-Ghaeilge faoi choimirce an CCMS, agus athainmníodh í mar Bunscoil Cholm Cille.

3.23) In 2003 osclaíodh Coláiste Caitríona, sruth lán-Ghaeilge i gColáiste naomh Caitríona in Ard Mhacha, agus tugadh cúnamh deontais dó ar bhonn láithreach.

Tábla 3.1: Forbairt na nAonad agus na Sruthanna Lán-Ghaeilge

| Scoil | Ceangailte le | Bunaithe |
|---|---|---|
| **BUNSCOILEANNA** | | |
| Bunscoil Ard Mhacha | Bunscoil na mBráithre Críostaí, Ard Mhacha | 1995 |
| Bunscoil Eoin Baiste | Bunscoil Eoin Baiste, Port an Dúnáin | 1998 |
| Bunscoil Naomh Bríd | Bunscoil Naomh Bríd, Tír Chiana | 2000 |
| Bunscoil Naomh Prionsias | Bunscoil Naomh Prionsias, an Lorgain | 2000 |
| Bunscoil Naomh Pádraig | Bunscoil Naomh Pádraig, Dún Phádraig | 2001 |
| Bunscoil Naomh Cainneach | Bunscoil Naomh Cainneach, Dún Geibhin | 2002 |
| Gaelscoil Naomh Pádraig | Bunscoil Naomh Pádraig, an Goirtín | 2002 (dúnta Lúnasa 2007) |
| Bunscoil Naomh Colmcille | Bunscoil Naomh Colmcille, an Charraig Mhór | 2003 |
| Gaelscoil Mhuire | Bunscoil Mhuire, Cabhán an Chaorthainn | 2003 |
| Gaelscoil Phádraig Naofa | Bunscoil Phádraig, Crois Mhic Lionnáin | 2003 |
| **AONAID AGUS SRUTHANNA IAR-BHUNSCOILE** | | |
| Coláiste Bhríde | Coláiste Bhríde, Cnoc an Chairn | 2000 |
| Meánscoil Chaitríona | Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha | 2002 |

3.24) Thug NISEAC (atá ina chuid den CCEA anois) Gaeilge GCSE i láthair i 1993, do dhaltaí in iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge, agus do dhaltaí in iar-bhunscolaíocht lán-Bhéarla a fuair a mbunscolaíocht in earnáil na gaelscolaíochta.

3.25) Le linn 1994-96, rinneadh tionscadal taighde mar ullmhúchán d'Oiliúint Thosaigh Múinteoirí na Gaelscolaíochta ag Coláiste Mhuire, Béal Feirste. Thosaigh an cúrsa PGCE lán-Ghaeilge i 1995. An bhliain ina dhiaidh sin, thosaigh an chéad chohórt de mhic léinn an B.Ed lán-Ghaeilge ar a sainchúrsa ceithre bliana. I 1998 bunaíodh an tÁisionad Lán-Ghaeilge ag an Choláiste.

3.26) Chuir an tOrdú Oideachais 1998 ar chumas na Roinne Oideachais deontais a íoc do chomhlacht ar bith a mheas an Roinn go raibh an cuspóir acu an ghaelscolaíocht a

spreagadh: i mí Lúnasa 2000 bhunaigh an Roinn Oideachais an comhlacht Comhairle na Gaelscolaíochta chun forbairt straitéiseach earnáil na gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú agus chun treoir agus comhairle a sholáthar di.

3.27) Bhunaigh an Roinn Oideachais ciste iontaobhais na gaelscolaíochta, Iontaobhas na Gaelscolaíochta, i mí an Mhárta 2001. Soláthraíonn an tIontaobhas tacaíocht d'fhorbairt na hearnála trí sholáthar réamhscolaíochta a bhunú, trí dheontais a dhámhachtain ar scoileanna neamhspleácha agus trí chuidiú le costais chaipitil na scoileanna atá ceadaithe do chúnamh deontais ateagmhasach ach nach bhfuil fós incháilithe do dheontais chaipitil.

## Forás Sholáthar na Gaelscolaíochta 1996–2007/08

3.28) Leagtar amach sonraí maidir le rollú daltaí i soláthar na gaelscolaíochta ó 1996 go 2007 i dTábla 3.2. Taispeánann sé seo gur tháinig méadú ar líon na ndaltaí a fhaigheann a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge gach bliain, d'ainneoin an laghdaithe foriomláin i líon na ndaltaí. Tugtar tuilleadh eolais faoi seo i gCaibidil 8, a bhreathnaíonn ar na dúshláin atá os comhair na gaelscolaíochta. Beiríonn Tábla 3.3 líon na bpáistí i scoileanna neamhspleácha, aonaid agus sruthanna in 2007/08, nuair a bhí 579 dalta i soláthar réamhscolaíochta lán-Ghaeilge maoinithe fosta.

Tábla 3.2: Daonra na Scoileanna maidir le Daltaí Bunscoile agus Iar-bhunscoile i soláthar na Gaelscolaíochta 1996/97–2007/08

| Grúpaí Daltaí | 1996/1997 | 1997/1998 | 1998/1999 | 1999/2000 | 2000/2001 | 2001/2002 | 2002/2003 | 2003/2004 | 2004/2005 | 2005/2006 | 2006/2007 | 2007/2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain 1-7 | 870 | 1016 | 1127 | 1191 | 1407 | 1668 | 1864 | 2164 | 2259 | 2365 | 2598 | 2,653 |
| An Ghaelscolaíocht mar % den Bhunscolaíocht iomlán | 0.47% | 0.56% | 0.63% | 0.68% | 0.82% | 0.98% | 1.11% | 1.31% | 1.38% | 1.47% | 1.63% | 1.67% |
| Daltaí Iar-Bhunscoile | 179 | 231 | 268 | 308 | 388 | 395 | 425 | 480 | 521 | 570 | 611 | 632 |
| An Ghaelscolaíocht mar % den Iar-Bhunscolaíocht iomlán | 0.12% | 0.15% | 0.17% | 0.20% | 0.25% | 0.25% | 0.27% | 0.31% | 0.34% | 0.38% | 0.41% | 0.43% |

Foinse: Daonáireamh Scoileanna Thuaisceart Éireann

Tábla 3.3: Líon na bpáistí i scoileanna agus aonaid dheontaschúnta lán-Ghaeilge 2007/08

| | Scoileanna lán-Ghaeilge | Aonaid nó sruthanna lán-Ghaeilge | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Bunscoileanna[1] | 2,039 | 614 | 2,653 |
| Iar-bhunscoileanna | 506 | 126 | 632 |

Foinse: Daonáireamh Scoileanna Thuaisceart Éireann.

Nóta 1: Páistí i mBliain 1 - Bliain 7 san áireamh

## Samhlacha Reatha an Tumtha a úsáidtear sa Ghaelscolaíocht

3.29) Is féidir scrúdú a dhéanamh ar chórais na scoileanna agus ar na modhanna tumoideachais nó dátheangachais a ghlactar leo i dtíortha eile chun forbairt na gaelscolaíochta anseo a threorú. D'fhorbair cleachtas éifeachtach maidir le soláthar na Gaelscolaíochta agus raon de chineálacha chur chuige á n-úsáid, a bhaineann leas agus treoir as an t-eispéireas in áiteanna eile, a chuirtear in oiriúint chun freastail ar chúinsí áitiúla. Is iad na cinn atá ann faoi láthair ná:

i. **Scoileanna lán-Ghaeilge neamhspleácha, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.** Is í an aidhm atá acu ná suíomh lántumtha a sholáthar do na páistí nach máthairtheanga an Ghaeilge dóibh, de réir mar a tugtar oideachas dóibh, mar a fhásann siad agus mar a fhorbraíonn siad.


ii. **Aonaid lán-Ghaeilge ag bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.** Bíonn na cinn seo ceangailte le scoil lán-Bhéarla óstach, go tipiciúil nuair nach mbíonn go leor daltaí ann chun scoil neamhspleách a bhunú. Is í an aidhm atá acu seo fosta ná eispéireas an tumoideachais a sholáthar do pháistí nach bhfuil an Ghaeilge ina máthairtheanga acu, agus an teagasc go léir san aonad á dhéanamh trí mheán na Gaeilge de ghnáth.

iii. **Sruthanna lán-Ghaeilge ag iar-bhunscoileanna lán-Bhéarla.** Sa socrú seo foghlaimíonn grúpa daltaí cuid dá n-ábhair trí mheán na Gaeilge, agus cuid eile trí mheán an Bhéarla. Is cur chuige an pháirt-tumtha é seo do phaistí nach bhfuil an Ghaeilge ina máthairtheanga acu a aistríonn ó sholáthar na gaelscolaíochta.


3.30) Mar aon le háiteanna eile sa domhan, d'eascair na struchtúir agus na cineálacha chur chuige seo mar fhreagra ar an éileamh, agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh. Lena chois sin, mar aon le háiteanna eile ar domhan, is í an fhianaise atá ann ná go dtig le struchtúir agus cineálacha chur chuige éagsúla a bheith éifeachtach agus tig leo

oideachas ardchaighdeáin a sholáthar agus páistí dátheangacha a fhorbairt.  Is féidir leis na trí chleachtas uile atá ann ardchaighdeán na Gaeilge agus an Bhéarla a sholáthar agus tá a phléadálaithe agus lucht tacaíochta féin ag gach ceann acu.  Beidh tionchar mór ag líon na bpaistí atá ag iarraidh soláthar na gaelscolaíochta ar an chleachtas sainiúil a forbraíodh i gceantar áirithe.  Aithníonn a lán daoine in earnáil na gaelscolaíochta go bhfuil gá le raon roghanna féideartha agus an soláthar á fhorbairt: d'aontaigh Bord an Tionscadail go dteastaíonn réitigh áitiúla ó chúinsí áitiúla, agus dáileadh geografach na ndaoine siúd a bhfuil gaelscolaíocht ag teastáil uathu á chur san áireamh, go háirithe nuair atá an earnáil ina hiomláine ag méadú go leanúnach d'ainneoin an laghdaithe fhoriomláin i líonta na ndaltaí in earnálacha eile.

# Irish medium schools and units - Primary and Post primary schools - 2007/08



# Irish medium schools and units - Primary and Post primary schools - 2007/08




# Caibidil 4
# Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht go dtí seo: Forbairt Polasaithe

## Réamhrá

4.1) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar anailís ar an dóigh a forbraíodh agus a oibríodh polasaithe na Roinne Oideachais thar na cúig bliana atá caite maidir le réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht. Tá fócas na Caibidle seo ar an dóigh a chuir an Roinn Oideachais riachtanais na gaelscolaíochta san áireamh.

4.2) Is próiseas atrialach agus idirghníomhach é forbairt polasaí, a léirítear go minic mar chiorcal:




4.3) Is córas coimpléascach é an córas oideachais, agus ag aon phointe beidh polasaithe ann ag gach céim den timthriall seo. Go tipiciúil, déantar polasaithe a shoiléiriú de réir mar a dhéantar iad a mheasúnú ó thaobh comhionannais de, a fheidhmiú agus a athbhreithniú, agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara sa chóras oideachais á chur san áireamh.

4.4) Chun raon iomlán na n-idirghníomhachtaí idir an Roinn Oideachais agus an ghaelscolaíocht a thréithriú rinneadh iniúchadh polasaí ar fud na Roinne Oideachais chun polasaithe oideachais a shainaithint agus le socrú cé acu an raibh siad ina:

i) Polasaithe a chuirtear i bhfeidhm ar an ghaelscolaíocht amháin;

ii) Polasaithe a chuirtear i bhfeidhm ar fud an chórais oideachais, agus idirdhealú sa pholasaí i leith na gaelscolaíochta; nó

iii) Polasaithe a chuirtear i bhfeidhm ar fud an chórais oideachais, agus a phléann leis an ghaelscolaíocht mar aon earnáil eile.

## Polasaithe a Chuirtear i bhFeidhm ar an Ghaelscolaíocht Amháin

4.5) Is é an polasaí uileghabhálach a shainíonn gach idirghníomhaíocht de chuid na Roinne Oideachais leis an ghaelscolaíocht ná an dualgas san Ordú Oideachais 1998 chun an ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú. Tá sé seo ar aon dul leis na hoibleagáidí a eascraíonn ón Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh. Agus an dualgas seo á chomhlíonadh aici maoiníonn an Roinn Oideachais:

a. soláthar lán-Ghaeilge do pháistí atá ina mbliain idirmheánach réamhscoile trí Chlár Fairsingithe na Réamhscolaíochta;

b. scoileanna lán-Ghaeilge atá inmharthana agus inbhuanaithe, nach mbaineann le caiteachas poiblí míréasúnta agus a chomhlíonann na critéir atá sonraithe;

c. aonad nó sruth lán-Ghaeilge áit a bhfuil an t-éileamh neamhleor do scoil nua.

d. Comhairle Na Gaelscolaíochta.

4.6) Tá réimse polasaí amháin eile ann atá uathúil don ghaelscolaíocht: ciste a sholáthraíonn tacaíocht bhreise d'aonaid lán-Ghaeilge deontaschúnta atá ann cheana féin. Tacaíonn sé seo le fostaíocht cúntóirí ranga a bhfuil an Ghaeilge acu.

## Polasaithe a Chuirtear i bhFeidhm ar fud an Chórais Oideachais, le hIdirdhealú don Ghaelscolaíocht

4.7) Tá tionchar láidir ag trí cinn de na polasaithe a dhéanann idirdhealú i leith earnáil na gaelscolaíochta ar fhorbairt na hearnála.

i. Is é an chéad cheann ná pleanáil caipitil. Tá na critéir chéanna ann do gach earnáil maidir le bunú scoileanna nua. Le blianta beaga anuas, áfach, is iad earnáil na gaelscolaíochta agus earnáil an oideachais imeasctha amháin atá ag fairsingiú. Agus an fairsingiú seo á chur san áireamh, tá socrú iasachta ag an earnáil Imeasctha chun a fairsingiú a éascú. Rinneadh plé chun socruithe a fhiosrú mar thaca le fairsingiú earnáil na gaelscolaíochta.

ii. Is é an dara ceann, ná an t-idirdhealú sa pholasaí do Chlár Fairsingithe na Réamhscolaíochta (PSEEP). Is tosaíocht iad soláthraithe na gaelscolaíochta maidir le hathdháileadh maoinithe do sholáthar deonach

ó Mheán Fómhair 2004 i leith, agus nuair a ghlactar le soláthraithe nua isteach sa scéim mhaoinithe.

iii. Is é an tríú ceann, ná an dóigh a bhfuil iarmhairt ag polasaí iompair scoile ar fhorbairt na gaelscolaíochta.  Tá forálacha ag na Boird Oideachais agus Leabharlainne chun riachtanais taistil dhaltaí a fhreastalaíonn ar shuíomhanna lán-Ghaeilge a chur san áireamh.

4.8) San áireamh le polasaithe eile a dhéanann idirdhealú i leith na gaelscolaíochta tá an Chomhfhoirmle Maoinithe.  Tá fachtóirí aici a chuireann riachtanais bhreise na gaelscolaíochta san áireamh, lena n-áirítear forbairt an churaclaim, agus aonaid atá ceangailte le scoileanna lán-Bhéarla a riar.

4.9) Déanann an curaclam athbhreithnithe idirdhealú i leith na gaelscolaíochta, trí riachtanais dhifriúla do scoileanna lán-Ghaeilge maidir le Teanga agus Litearthacht ag Príomhchéim 3, mar atá leagtha amach san Ordú Oideachais 2007 (Ábhar Íosta an Churaclaim).

4.10) Is é an réimse polasaí deireanach a dhéanann idirdhealú i leith na gaelscolaíochta ná an próiseas chun líon na n-áiteanna a shainaithint maidir le Rollú Tosaigh Múinteoirí. Socraíonn an Roinn Oideachais líon na múinteoirí a ghlactar leo do chúrsaí tosaigh oiliúna múinteoirí ar bhonn bliantúil agus sa dóigh seo déanann sí iarracht cothromaíocht réasúnta a choinneáil idir an soláthar agus líon réamh-mheasta na bhfolúntas múinteoireachta i scoileanna deontaschúnta.  Breathnaítear ar riachtanais shainiúla na gaelscolaíochta mar chuid den phróiseas seo.

## Polasaithe a Chuirtear i bhFeidhm ar fud an Chórais Oideachais, agus an Ghaelscolaíocht san Áireamh

4.11) Cuirtear an chuid eile de na polasaithe i bhfeidhm gan aon idirdhealú.  Cosnaíonn cuid acu cearta reachtúla nó bunúsacha áirithe do phaistí, ar nós a sábháilteachta, nó ar nós a rochtana ar oideachas ardchaighdeáin.  Is polasaithe comhchoitinne an chuid eile a bhíonn le fáil go minic i gcéimeanna níos luaithe na forbartha nó an fheidhmithe, agus a fhorbraíonn idirdhealaithe b'fhéidir mar fhreagra ar riachtanais na gaelscolaíochta, mar shampla, mar thoradh ar an Athbhreithniú seo.

# Caibidil 5
# Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht go dtí seo: Torthaí na hInfheistíochta sa Ghaelscolaíocht thar na cúig bliana atá caite

## Réamhrá

5.1) Bá í an eilimint dheireanach ar a ndearna Bord an Tionscadail iniúchadh, agus measúnú á dhéanamh aige ar fhorbairt na gaelscolaíochta go dtí seo, ná staidéar ar thorthaí infheistíochta airgeadais an rialtais sa ghaelscolaíocht thar na 5 bliana atá caite. Coimisiúnaíodh Deloitte MCS Ltd (Deloitte) chun seo a dhéanamh, agus tugtar achoimre ar a bpríomhthátail sa Chaibidil seo. Bhain staidéar Deloitte leas as raon na faisnéise a bhí ar fáil don Athbhreithniú (a chuirtear i láthair áiteanna eile sa Tuarascáil seo don chuid is mó), eadhon:

i. An t-éileamh méadaitheach ar ghaelscolaíocht, go dtí seo agus réamh-mheasta don todhchaí;

ii. Measúnuithe na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna ar an ghnóthachtáil oideachais i scoileanna lán-Ghaeilge;

iii. Measúnuithe ar riocht agus ar inmharthanacht eastát scoileanna na gaelscolaíochta;

iv. Na dúshláin os comhair earnáil na gaelscolaíochta; agus

v. Faisnéis caiteachais.


## Cáilíocht an Oideachais sa Ghaelscolaíocht

5.2) Chuir an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna measúnú ar fáil don Athbhreithniú ar cháilíocht an oideachais in earnáil na gaelscolaíochta, a léitear de ghnáth i dteannta lena n-anailís ar bhuntáistí an dátheangachais a cuireadh san áireamh roimhe seo (ailt 3.6 go 3.11). Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faoi deara go bhfuil mórán bainte amach ag earnáil na gaelscolaíochta agus san earnáil sin i dtéarmaí an bhonneagair, lena n-áirítear: bunú Chomhairle na Gaelscolaíochta, tógáil scoileanna nua, cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí, Seirbhísí Comhairleacha agus Tacaíochta don Churaclam, agus tacaíocht do Shainriachtanais Oideachais.


5.3) D'aithin an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna go mbíonn sé an-deacair dóibh siúd a oibríonn laistigh d'earnáil na gaelscolaíochta agus dóibh siúd fosta a scrúdaíonn torthaí na hearnála ó lasmuigh comparáidí, tagarmharcáil agus beartú spriocanna a dhéanamh mar gheall ar ghnéithe uathúla na hearnála. Maidir leis an chéim bunscolaíochta, nuair

a chuirtear scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le scoileanna de mhéid céanna agus a bhfuil na teidlíochtaí céanna acu maidir le Béilí Scoile Saor in Aisce, tá feidhmíocht na hearnála gaelscolaíochta fabhrach go leor. Go ginearálta bíonn céatadán maith de pháistí ann a fhaigheann leibhéal 4 nó níos fearr sa Bhéarla nó i Matamaitic ag deireadh na Príomhchéime 2 nuair a chuirtear méid na scoile nó innéacs FSM san áireamh, féach Graif 5.1 agus 5.1. Ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta níl sonraí ar fáil ach amháin do scoil neamhspleách lán-Ghaeilge amháin, nach ligeann d'fhíormheasúnú ar fheidhmíocht na hearnála.

5.4) Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna measúnú cáilíochtúil ar earnáil na gaelscolaíochta, agus leas á bhaint as faisnéis a bhailigh cigirí a thug cuairt ar gach soláthraí bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge anseo ó Mheán Fómhair 2004 ar ócáid amháin ar a laghad. Shainaithin an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna raon de dhúshláin atá os comhair na scoileanna lán-Ghaeilge, féach ailt 7.9 go 7.11.



**Graf 5.2: Bunscoileanna (meán 4 bliana)**
**FSM 2002/03-2005/06 & Matamaitic KS2 2001/02-2005/0(**
**(KS2 gan 2003/04 san áireamh - torthaí ar bith)**




## Caiteachas

5.5) Agus caiteachas an Rialtais á bhreathnú aige chuir Deloitte maoiniú díreach na réamhscolaíochta, na mbunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta san áireamh chomh maith le caiteachas eile na Roinne Oideachais ar spreagadh agus éascú na gaelscolaíochta. Cuireadh caiteachas DCAL agus DEL a bhaineann le gaelscolaíocht san áireamh ar mhaithe le hiomláine.

5.6) Ba é £49.7m Caiteachas iomlán an Rialtais ar an ghaelscolaíocht thar thréimhse cúig bliana agus na trí Roinn san áireamh.

5.7) Chaith an Roinn Oideachais £42.7m den £49.7 i scoileanna lán-Ghaeilge sa tréimhse 5 bliana. Is é an tátal a bhain Deloitte as seo ná go ndáilfí £41.0m den £42.7m a caitheadh i scoileanna (96%) ar oideachas na bpáistí seo dá mbeadh siad ag fáil a n-oideachas trí mheán an Bhéarla. Léiríonn seo an fíoras go 'leanann' maoiniú scoile an dalta is cuma cén scoil ar a bhfreastalaíonn sé/sí. Is dócha go mbeadh laghdú de chineál éigin i méid an chaiteachais faoi na sruthanna maoinithe seo dá mbeadh líon na scoileanna níos lú, agus dá mbeadh na cinn a bhí ann níos mó. Is féidir é seo a rá, áfach, maidir le gach earnáil scoile, agus ní hamháin earnáil na gaelscolaíochta. Is é an méid iomlán a bhí i gcaiteachas dírithe go sainiúil ar thacaíocht do chur chuige na gaelscolaíochta sna cúig bliana atá caite ná £1.7m.

5.8) Os rud é go gcaithfí £41.0 den mhaoiniú iomlán de £49.7 gan aird ar mheán an teagaisc, shainaithin Deloitte ón fhianaise a bhí ar fáil go ndearnadh caiteachas Rialtais de £8.7m a thabhú sna cúig bliana atá caite agus is féidir seo a chur go hiomlán i leith an oideachais a thugtar trí mheán na Gaeilge. Taispeánann an tábla thíos gach caiteachas de chuid an Rialtais thar na 5 bliana atá caite.

Tábla 5.1: Caiteachas an Rialtais ar Ghaelscolaíocht 2002/03–2006/07

| Caiteachas | 2002/03 | 2003/04 | 2004/05 | 2005/06 | 2006/07 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1. Caiteachas Tipiciúil Scoileanna** | | | | | | |
| LMS[3] | £2,778,148 | £5,889,220 | £6,513,889 | £5,923,360 | £6,508,967 | £27,613,584 |
| Feabhsú Scoileanna | £52,220 | £75,400 | £228,954 | £151,000 | £234,000 | £741,574 |
| Scoileanna Méadaithe | - | - | - | - | £194,652 | £194,652 |
| Réamhscolaíocht | £565,000 | £605,406 | £476,000 | £530,302 | £618,382 | £2,795,090 |
| Iompar | £342,000 | £410,644 | £487,719 | £353,857 | £313,417 | £1,907,637 |
| Capiteal | £775,718 | £1,589,219 | £3,086,106 | £2,056,874 | £278,623 | £7,786,540 |
| Fo-Iomlán | £4,513,086 | £8,569,889 | £10,792,668 | £9,015,393 | £8,148,041 | £41,039,077 |
| **2. Caiteachas a bhaineann go sainiúil le Gaelscolaíocht** | | | | | | |
| Buiséid na Gaelscolaíochta | £83,000 | £106,000 | £164,000 | £104,000 | £108,000 | £565,000 |
| Tacaíocht don Churaclam | - | - | - | £239,000 | £250,825 | £489,825 |
| Aonaid | - | - | - | £304,811 | £323,913 | £628,724 |
| Fo-Iomlán | £83,000 | £106,000 | £164,000 | £647,811 | £682,738 | £1,683,549 |
| **3. Caiteachas Eile na Gaelscolaíochta** | | | | | | |
| CnaG | £282,494 | £422,700 | £473,500 | £524,000 | £515,000 | £2,217,694 |
| InaG | £500,000 | £450,000 | £420,000 | £75,000 | £200,000 | £1,645,000 |
| C2k | - | £33,700 | £477,452 | £477,949 | £423,823 | £1,412,924 |
| DCAL | - | £75,000 | £80,000 | £180,000 | £582,239 | £917,239 |
| DEL | £73,605 | £179,320 | £154,591 | £162,888 | £186,713 | £757,117 |
| Fo-Iomlán | £856,099 | £1,160,720 | £1,605,543 | £1,419,837 | £1,907,775 | £6,949,974 |
| IOMLÁN | £5,452,185 | £9,836,609 | £12,562,211 | £11,083,041 | £10,738,554 | £49,672,600 |

3 Taispeántar Tacaíocht don Churaclam agus maoiniú breise d'aonaid na gaelscolaíochta ar leithligh ón fhigiúr foriomlán LMS.

## Soláthar agus Éileamh

5.9) Cuirtear soláthar na gaelscolaíochta ar fáil faoi láthair i scoileanna beaga agus in aonaid agus sruthanna atá ceangailte le scoileanna lán-Bhéarla. Déantar an earnáil a thréithriú ag scoileanna beaga le hardchion daltaí atá incháilithe do Bhéilí Scoile Saor in Aisce agus ag cóimheasa dalta-múinteora atá níos lú ná an meán.

5.10) Mar fhreagra ar fhorás réamh-mheasta i líon na ndaltaí atá ag iarraidh na gaelscolaíochta, tá próiseas na pleanála ceantar-bhunaithe á fhorbairt ag Comhairle na Gaelscolaíochta don earnáil ó 2002, cé nach léiríonn a réamh-mheastacháin faoi láthair an rollú íosta a mhol Bain maidir le scoileanna inbhuanaithe. Caithfidh soláthar todhchaíoch na gaelscolaíochta a tharlú faoi chuimsiú na pleanála ceantar-bhunaithe áitiúla atá á forbairt do gach scoil.

## Tátail

5.11) Is iad na tátail a bhain Deloitte as ná:

i. is cion an-bheag den chaiteachas iomlán ar oideachas leibhéal an chaiteachais bhreise ar ghaelscolaíocht atá inaitheanta;

ii. ar mhaithe le méid teoranta de mhaoiniú breise gineadh raon de bhuntáistí oideachasúla, sóisialta agus cultúrtha agus fuarthas torthaí oideachais réasúnta; agus

iii. Cuirfidh Pleanáil Cheantar-bhunaithe Áitiúil an t-éileamh athraitheach ar fud chóras na scoileanna (lena n-áirítear an t-éileamh méadaitheach ar ghaelscolaíocht) san áireamh agus déanfaidh sí úsáid níos costéifeachtaí eastáit a éascú trí phleanáil a dhéanamh do scoileanna níos mó.

# Na Dúshláin
# Os Comhair na
# Gaelscolaíochta



# Caibidil 6
# Cúlra ar na Dúshláin le Tabhairt Fúthu
# Athruithe i líonta na ndaltaí


## Réamhrá

6.1) Breathnaíonn an Chaibidil seo ar athruithe i ndaonra na haoise scoile mar iomlán (ar a dtugtar 'treochtaí déimeagrafacha'). Tá dhá threocht ar leith atá tábhachtach don Athbhreithniú seo. Is é an chéad cheann ná an t-athrú i líon foriomlán na ndaltaí. Is é an dara ceann ná an t-athrú i líon na ndaltaí atá ag dul isteach sa ghaelscolaíocht. Breathnaíonn an anailís ar threochtaí stairiúla, agus ansin fortheilgeann sí na treochtaí seo ar aghaidh le cuidiú leis an phlé a threorú ar rolluithe dóchúla sa todhchaí agus ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh orthu.

## Treochtaí Déimeagrafacha don Daonra Iomlán in Aois Scoile i ngach earnáil


6.2) Tá treochtaí déimeagrafacha sa daonra in aois scoile ina ndúshlán atá os comhair na gaelscolaíochta. Go ginearálta, tá an daonra in aois scoile ag laghdú: treocht a bhfuiltear ag súil lena leanúint go fada sa todhchaí. Laistigh den treocht fhoriomlán seo, beidh ceantair áitiúla ann a d'fhéadfadh méadú a bheith iontu i líon na ndaltaí, mar shampla, mar thoradh ar fhorbairt tithíochta nua a tharraingíonn teaghlaigh chuig an cheantar. Bhreathnaigh Athbhreithniú Bain ar na dúshláin a thiocfadh ó laghdú foriomlán i líon na ndaltaí go dtí 2016. Tá sé réamh-mheasta go laghdóidh daonra na haoise bunscoile faoi beagnach 7%, agus táthar ag súil go laghdóidh daonra na haoise iar-bhunscoile faoi níos mó ná 12%. Is cúlra dúshlánach é seo d'fhorbairt thodhchaíoch earnáil na gaelscolaíochta, a bhfuil an forás á bhainistiú aici nuair atá córas níos mó an oideachais ag díriú go príomha ar chúngú.

Figiúr 6.1: Daonra na Scoileanna maidir leis na Daltaí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile uile, 1996/97–2005/06




Foinse: Daonáireamh Scoileanna Thuaisceart Éireann, a luaitear i dTuarascáil Bain

Figiúr 6.2: An Daonra Scoile Réamh-mheasta maidir le Daltaí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile uile, 2008–2016




Foinse: Daonáireamh Scoileanna Thuaisceart Éireann, a luaitear i dTuarascáil Bain


## An tÉileamh Réamh-mheasta ar Sholáthar na Bunscolaíochta Lán-Ghaeilge

6.3) Bíonn réamh-mheastacháin neamhchinnte mar gheall ar a nádúr. Is féidir leis an neamhchinnteacht seo a bheith níos suntasaí nuair a athraímid ó bhreathnú ar dhaonra iomlán na haoise scoile, mar atá i dTuarascáil Bain, go fo-earnáil ar bith de dhaonra na haoise scoile, mar dhaonra aoise scoile na gaelscolaíochta.

6.4) Is léir go bhfuil réamh-mheastacháin táscach agus caithfear iad a úsáid agus a léirmhíniú le méid áirithe cúraim.

6.5) Mar atá leagtha amach i gCaibidil 3, tá líon na ndaltaí sa ghaelscolaíocht ag méadú le tamall. Rinneadh an t-éileamh ar sholáthar na bunscolaíochta lán-Ghaeilge a réamh-mheas bunaithe ar shonraí an fhoráis stairiúil seo, comhcheangailte le réamh-mheastacháin do sholáthar iomlán na bunscolaíochta. Baineadh úsáid as raon iomlán d'fhorás bliain i ndiaidh bliana de chion na gaelscolaíochta den soláthar bunscolaíochta: Is é "Íseal" an % foráis is lú (0.05%), is é "Meán" % de mheánfhorás bliantúil (0.12%), agus is é "Ard" an % foráis bhliantúil is airde (0.2%). Is é an foshuíomh a chuireann taca leis an chur chuige seo ná go bhfuil fás sa soláthar ina thomhas maith ar an fhás san éileamh. Tá cairt na réamh-mheastachán i bhFigiúr 6.3.

Figiúr 6.3: Daonra Réamh-mheasta do Dhaltaí na mBunscoileanna Lán-Ghaeilge, 2008–2016





6.6) D'ainneoin an laghdaithe i líon na ndaltaí bunscoile, ciallaíonn an fás réamh-mheasta san éileamh ar ghaelscolaíocht ná go réamh-mheasann fiú an réamh-mheastachán foráis is ísle méadú i líon na ndaltaí bunscoile sa ghaelscolaíocht.

## An tÉileamh Réamh-mheasta ar Sholáthar na hIar-Bhunscolaíochta Lán-Ghaeilge

6.7) Bhí sé níos deacra an t-éileamh ar sholáthar iar-bhunscoile a réamh-mheas ná don éileamh bhunscoile. Rinneadh na céad réamh-mheastacháin mar a rinneadh don soláthar bunscolaíochta, bunaithe ar shonraí an fhoráis iarbhír don éileamh iar-bhunscolaíochta, agus an % foráis is ísle á úsáid ("Íseal Stairiúil" atá comhionann le 0.005%), an meán % d'fhorás bliantúil ("Meán Stairiúil", atá comhionann le 0.03%), agus an % foráis bhliantúil is mó ("Ard Stairiúil, atá comhionann le 0.05%).

6.8) D'fhéadfadh go mbeadh an foshuíomh go bhfuil fás stairiúil sa soláthar ina thomhas maith ar fhás san éileamh níos laige mar gheall ar an rochtain theoranta ar sholáthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Dá bhrí sin forbraíodh réamh-mheastacháin bhreise bunaithe ar na rátaí aistrithe iarbhír ó bhunscolaíocht go hiar-bhunscolaíocht i mBéal Feirste (áit a ndéanann fás sa soláthar fás san éileamh a léiriú níos fearr). Arís baineadh úsáid as rátaí aistrithe iarbhír, bunaithe ar shonraí ag dul siar thar 10 mbliana; an ráta is ísle (68%), an meánráta (80%) agus an ráta is airde (95%). Sholáthair siad seo % de mheánfháis bhliantúla san éileamh ar sholáthar na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge de (0.1%), (0.13%) agus (0.16%) faoi seach. Cuireadh na rátaí aistrithe seo i bhfeidhm ar dhaonra iomlán na bunscolaíochta lán-Ghaeilge, chun an t-éileamh féideartha ar sholáthar na bunscolaíochta lán-Ghaeilge a thomhas. Sholáthair sé seo 6 dhaonra iar-bhunscoile réamh-mheasta difriúil faoi 2016, atá sa chairt i bhFigiúr 6.4.

Figiúr 6.4: An Daonra Réamh-mheasta do Dhaltaí na hIar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge, 2008-2016



6.9) Taispeánann na trí réamh-mheastachán is ísle an dóigh go n-athródh líon na ndaltaí sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge muna bhforbrófar aon soláthar nua. Taispeánann na trí réamh-mheastachán is airde an dóigh go n-athródh líon na ndaltaí sna hiar-bhunscoileanna dá ndéanfaí soláthar breise a fhorbairt. Is foshuíomh a chuireann taca leis seo ná go mbeadh go leor daltaí de dhíth ar na réamh-mheastacháin níos airde chun éileamh ar sholáthar inmharthana a chruthú, i scoil neamhspleách, aonad nó sruth.

6.10) Breathnaíodh ar líon na n-iarbhunscoileanna, na n-aonad nó na sruthanna a bheadh de dhíth chun leibhéal an éilimh seo a chomhlíonadh. Aithníodh go bhféadfaí an t-éileamh méadaitheach ar ghaelscolaíocht a chomhlíonadh i roinnt dóigheanna, agus iad ag brath ar a leithéid d'athróga mar dháileadh geografach an éilimh agus acmhainn an tsoláthair atá ann nó an tsoláthair nua chun an t-éileamh seo a chomhlíonadh. Ina theannta sin, aithníodh go mbeidh sé tábhachtach a chinntiú, ag leibhéal áitiúil, go mbeidh an soláthar éifeachtach agus inbhuanaithe.

## Achoimre

6.11) Cé go dtig le réamh-mheastacháin agus foshuíomhanna cur le plé ar an todhchaí, tá príomhtheachtaireacht ón anailís ar threochtaí déimeagrafacha soiléir. Tá an t-éileamh ar ghaelscolaíocht ag méadú nuair atá earnálacha lán-Bhéarla eile ag cúngú. Tá athruithe i bpatrún an tsoláthair scoile ina ngné den chúngú seo, agus go nádúrtha tarraingíonn siad aird mhór orthu féin. Tugann ionadaithe na gaelscolaíochta a mbuairt chun suntais nach dtugtar aird cheart ar a riachtanais nuair a chuirtear i gcomparáid iad le riachtanais níos infheicthe an tsoláthair lán-Bhéarla. D'ainneoin fhorás na gaelscolaíochta ag leibhéal réigiúnda, beidh sé fós tábhachtach le cinntiú go soláthraíonn an soláthar ag leibhéal áitiúil leanúnachas sa soláthar inbhuanaithe don todhchaí.

# Caibidil 7
# Cúlra ar na Dúshláin le Tabhairt Fúthu
# Tionscnaimh agus Saincheisteanna Oideachais

## Réamhrá

7.1) Tá na struchtúir ina ndéantar seirbhísí poiblí a sholáthar ag athrú. Sa bhreis air sin, tá athrú suntasach i bpolasaithe oideachais. Tá tionchar ag na hathruithe ar beagnach gach gné de thírdhreach an oideachais. Tugann an chaibidil seo achoimre ghairid ar na príomhathruithe, agus léiríonn sí a n-impleachtaí don Athbhreithniú seo. Breathnaíonn sí ar na príomhdhúshláin oideachais atá os comhair na gaelscolaíochta chomh maith.

## An Bonneagar Oideachasúil a Nuachóiriú

7.2) Sa Straitéis Infheistíochta do Thuaisceart Éireann 2008-2018, tugann an Feidhmeannas breac-chuntas ar a phleananna chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt an bhonneagair a chuideoidh le seirbhísí poiblí níos fearr a sholáthar do chách. Tugann an Straitéis gealltanas d'infheistíocht thar £700m do scoileanna agus do sheirbhísí óige le linn na céad trí bliana, agus í ag ardú go £3.5 billiún thar an tréimhse 10 mbliana. Chomh maith leis an deis shoiléir a sholáthraíonn na cistí seo, tá dúshláin ann d'earnáil an oideachais an phleanáil straitéiseach éifeachtach a theastaíonn ón infheistíocht seo a fhorbairt. Beidh iarmhairt aige seo ar gach earnáil scoile le linn na ndeich mbliana le teacht.

## An tAthbhreithniú ar Riarachán Poiblí

7.3) Is é an príomhthionchar atá ag an Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí ná go ndéanfaidh sé athruithe sna socruithe trína sholáthrófar tacaíocht do scoileanna. Tabharfar comhlacht nua, an tÚdarás Oideachais agus Scileanna, isteach in áit na mBord Oideachais agus Leabharlainne, na Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe, Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil, agus fheidhmeanna túslíne Chomhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha agus Chomhairle na Gaelscolaíochta. Déanfaidh sé seo tacaíocht do scoileanna cibé áit ina bhfuil siad suite a chomhchuibhiú, agus soláthróidh sé fócas singil do sheirbhísí tacaíochta na gaelscolaíochta. Ina theannta sin, beidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna freagrach as an pholasaí do Phleanáil Cheantar-bhunaithe a sholáthar, agus é ag obair le comhlachtaí ionadaíochta na hearnála, lena n-áireofar ionadaithe earnáil na gaelscolaíochta.

## Polasaithe Oideachais a Athrú

7.4) Tá polasaithe oideachais ag fabhrú fosta. Tá curaclam athbhreithnithe ann, agus táthar ag tabhairt Creat Teidlíochta nua i láthair chun rochtain a sholáthar do dhaltaí d'aois 14-19 ar raon níos leithne de chúrsaí acadúla agus gairmiúla. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na socruithe maidir le haistriú ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna. Tá athbhreithnithe ar siúl ar phríomhréimsí polasaí, ar nós Luathbhlianta, feabhsú scoileanna, agus an dóigh chun tacaíocht a tthabhairtdo pháistí le Riachtanais Bhreise Oideachais. Tá athruithe ar siúl ar fud an chórais oideachais iomláin, agus soláthraíonn na hathruithe seo cúlra dúshlánach óna dteastóidh smaointeoireacht chruthaitheach agus tiomantas.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide: Classroom 2000

7.5) Bunaíodh an Tionscadal Classroom 2000 (C2K) chun an bonneagar agus na seirbhísí a chur i bhfeidhm atá riachtanach chun tacaíocht a thabhairt d'úsáid mhéadaithe TFC i scoileanna mar thaca le foghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú. Soláthraíonn C2K ríomhairí líonraithe do gach scoil dheontaschúnta, bunaithe ar líonta an rollaithe. Soláthraíonn an córas córais riaracháin agus bainistíochta don fhoireann. Is seirbhís bhainistithe C2K, a chuimsíonn soláthar crua-earraí agus gach cúnamh teicniúil, ionas go mbíonn scoileanna saor le díriú ar úsáid TFC san fhoghlaim agus sa teagasc.

7.6) Soláthraíonn C2K rochtain ar "sheomra ranga fíorúil" ar a dtugtar LearningNI (LNI), a nascann gach líonra scoile go hionad sonraí ar líne, agus rochtain leathanbhanda á soláthar ar raon leathan d'acmhainní digiteacha chomh maith le rochtain scagtha ar an idirlíon, ríomhphost agus fhíschomhdháil.

7.7) Tá clár beagnach críochnaithe chun an trealamh TFC atá ann i scoileanna a athsholáthar le 13,000 ríomhaire nua, chun rochtain ar an líonra a fheabhsú agus chun bogearraí a uasghrádú. Sa bhreis air seo, soláthrófar 20,000 ríomhaire glúine ar fud naíscoileanna, bunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna speisialta sa chuid eile den scoilbhliain 2007/08. Soláthraíodh 5,000 ríomhaire glúine breise do bhunscoileanna le cur ar a gcumas measúnú ríomhaire-bhunaithe a dhéanamh ar dhaltaí.

7.8) Go stairiúil, ní dhearnadh líon beag de scoileanna deontaschúnta lán-Ghaeilge agus imeasctha a cháblú don tseirbhís C2K ós rud é go raibh siad lonnaithe in áitreabh sealadach nach raibh dílsithe. I gcásanna áirithe soláthraíodh córais neamhspleácha (.i. gan líonrú). Tá úsáid TFC ina riachtanas reachtúil sa churaclam athbhreithnithe anois. Faoi 2009/10, caithfidh bunscoileanna measúnú diagnóiseach ríomhaire-bhunaithe a dhéanamh ar gach dalta sna Blianta 4 go 7 agus an uirlis measúnaithe diagnóisigh ríomhaire-bhunaithe InCAS á úsáid. Dá bhrí sin tá an Roinn Oideachais ag obair le cinntiú go bhfaighidh gach scoil nasc líonra agus crua-earraí cuí.

## Anailís na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna ar na Dúshláin

7.9) Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna anailís ar na dúshláin a bhaineann go sainiúil le múinteoireacht, ceannaireacht agus bainistíocht i gcomhthéacs na gaelscolaíochta, lena n-áiríodh:

i. an óige chomparáideach agus an neamhchleachtadh ag gach leibhéal;

ii. timpeall 90% de na príomhoidí ina bpoist le seacht mbliana nó níos lú;

iii. 40% de mhúinteoirí agus 70% de phríomhoidí gan aon eilimint shainiúil don Ghaeilge lena gcáilíocht múinteoireachta;

iv. 25% de mhúinteoirí agus phríomhoidí bunscoile a bhfuil oiliúint iar-bhunscolaíochta acu;

v. an líon beag de mhúinteoirí in earnáil na gaelscolaíochta a bhí ina ndaltaí san earnáil;

vi. an líon beag de mhúinteoirí san earnáil atá ina gcainteoirí dúchais, agus mionlach nach bhfuil chomh inniúil ar an teanga agus atá inmhianaithe;

vii. níl Gaeilge imleor ach ag líon beag de thuismitheoirí chun oideachas a bpáistí a thacú trí mheán na Gaeilge;

viii. an líon mór príomhoidí teagaisc atá ann; agus

ix. easpa mhór acmhainní.

7.10) Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faoi deara go bhfuil na deacrachtaí seo aitheanta agus glactha acu siúd a bhfuil baint acu le gaelscolaíocht agus go mbreathnaíonn siad orthu mar dhúshláin eile le tabhairt fúthu, agus ní cúiseanna le heispéireas míshásúil do pháistí.

7.11) I dteannta leis an anailís seo, shainaithin torthaí chuairteanna Cigireachta foirmeálta ar shuíomhanna lán-Ghaeilge ábhair airde eile:

i. Socruithe Cosanta Leanaí;

ii. Ceannaireacht agus bainistíocht, lena n-áirítear feabhas a chur ar Phleanáil Forbartha Scoile le fócas ar fhoghlaim agus ar theagasc;

iii. Rochtain ar TFC agus a húsáid;

iv. Tacaíocht do Shainriachtanais Oideachais;

v. Úsáid múinteoirí neamhcháilithe; agus

vi. Tacaíocht rialachais do scoileanna de réir mar a fhorbraíonn siad.

## Inbhuanaitheacht

7.12) Tarraingítear na dúshláin uile atá os comhair earnáil na gaelscolaíochta, agus a chuirtear síos orthu sa chaibidil seo agus sa chaibidil roimhe seo, le chéile i bpríomhréimse amháin: inbhuanaitheacht. Phléigh Tuarascáil Bain leis an saincheist seo go fairsing, agus mhol sé (lch. xxxi, alt 6):

> "The policy for sustainable schools in Northern Ireland should ensure that all schools are sustainable in terms of the quality of the educational experience of children, enrolment trends, financial position, school leadership and management, accessibility, and the strengths of their links to the community."

7.13) Lean Bain leis agus mhol sé rolluithe íosta (lch. xxxi, alt 8 a):

> "The minimum (not optimal) enrolments for new primary schools and for Years 8-12 in new post-primary schools should be (i) Primary: 140 pupils in urban areas, and 105 pupils in rural areas, and (ii) post-primary: 500 pupils. When the enrolment in an existing school falls below the relevant level, the future of the school should be reviewed."

7.14) Laistigh den chomhthéacs níos leithne a pléadh thuas, ba í tuairim Bhord an Tionscadail gurbh é an dúshlán is tábhachtaí a bhí os comhair earnáil na gaelscolaíochta ná inbhuanaitheacht agus a saincheisteanna gaolmhara. Baineadh úsáid as seo chun na breathnuithe agus moltaí uile a leanfaidh sa Tuarascáil seo a threorú.

# Caibidil 8
# Na Dúshláin le Tabhairt Fúthu:
# Saincheisteanna faoi Bhreathnú an Athbhreithnithe

8.1) Rinneadh iniúchadh ar chúlra na ndúshlán atá os comhair earnáil na gaelscolaíochta sna Caibidlí roimhe seo. Ansin bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar na saincheisteanna ag éirí as na dúshláin seo os comhair earnáil na gaelscolaíochta. Sainaithníodh na saincheisteanna seo ó raon foinsí, lena n-airítear:

i. An t-iniúchadh ar pholasaithe na Roinne Oideachais;

ii. Eolas Bhord an Tionscadail agus an Ghrúpa Comhairligh;

iii. Cruinnithe a reáchtáladh le daltaí, tuismitheoirí agus múinteoirí in earnáil na gaelscolaíochta, in Ard Mhacha, i mBéal Feirste, sa Chorr Chríochach, i nDoire, agus san Iúr; agus

iv. Comhfhreagras a cuireadh isteach chuig an Athbhreithniú.

8.2) Leagtar na saincheisteanna amach thíos. Cosúil leis na moltaí a spreagann siad, cuimsíonn siad saincheisteanna físeacha go saincheisteanna an ghnáthshaoil.

## An Dóigh a Sholáthraítear an Ghaelscolaíocht

8.3) Rinneadh mórán plé ar fud an Athbhreithnithe faoi na samhlacha tumtha agus struchtúir scoileanna is iomchuí chun gaelscolaíocht a sholáthar. Breathnaíodh orthu seo go luath i gcéim cinnteoireachta an Athbhreithnithe, mar tá impleachtaí ag moltaí ar na saincheisteanna seo do chuid mhór d'ábhar a bhreathnaíodh ina dhiaidh sin. San áireamh leis na hábhair a pléadh bhí:

i. Oiriúnacht na samhlacha éagsúla teagaisc, agus fócas láidir ar shamhlacha an tumtha;

ii. Úsáid na teanga lasmuigh den rang;

iii. Léitheoireacht a theagasc i mBéarla i mbunscoileanna lán-Ghaeilge; agus

iv. Na struchtúir scoileanna is iomchuí (eadhon scoileanna neamhspleácha, aonaid nó sruthanna) chun gaelscolaíocht a sholáthar.

## Soláthar Inbhuanaithe na Gaelscolaíochta a Fhorbairt

8.4) Breathnaíodh ar chéimeanna éagsúla an oideachais de réir dátaí, idir réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht, ag tosú le réamhscolaíocht. Chuimsigh an plé maidir le réamhscolaíocht:

i. Soláthar naíscolaíochta lán-Ghaeilge maoinithe a oscailt nuair atá áiteanna naíscolaíochta ar fáil i suíomhanna lán-Bhéarla;

ii. Eispéireas naíscolaíochta éigeantach do pháistí ag dul isteach i mbunscoil lán-Ghaeilge;

iii. Saincheisteanna a bhaineann le soláthar naíscolaíochta deonach agus reachtúil na gaelscolaíochta; agus

iv. An gá le taighde ar thorthaí teangeolaíocha na naíscolaíochta lán-Ghaeilge.

8.5) Breathnaíodh ar sholáthar bunscolaíochta ina dhiaidh sin. Sa chuid seo dhírigh Bord an Tionscadail ar dhul i ngleic leis na dúshláin a eascraíonn i scoileanna beaga, agus réitigh á lorg a bhaineann leas as na deiseanna go léir atá ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do theagasc agus d'fhoghlaim sa 21ú aois. Bhí fócas an Athbhreithnithe ar shamhail stóinseach a shainaithint do sholáthar inbhuanaithe a dhéanfadh:

i. Ceannaireacht láidir a sholáthar do scoileanna beaga; agus

ii. A thabharfadh faoi na saincheisteanna caipitil don soláthar atá ann agus amach anseo.

8.6) Ansin bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar riocht eastát na scoileanna atá ann cheana féin.

8.7) Ansin díríodh ar iar-bhunscolaíocht. Sa chuid seo ba é an príomhbhreithniúchán ná sainaithint a dhéanamh ar an dóigh a thiocfadh le pleanáil straitéiseach a chinntiú go bhféadfar soláthar na gaelscolaíochta a fhorbairt thar am chun an t-éileamh a chomhlíonadh. Is príomhdhúshlán é do gach soláthraí iar-bhunscolaíochta, idir lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla, ná iad féin a chur in oiriúint chun an rogha ábhair níos leithne a sholáthar atá á thabhairt isteach ag aoiseanna 14-19 d'fhonn eispéireas oideachais ardchaighdeáin ábhartha a sholáthar do gach foghlaimeoir.

8.8) Ba iad na céad eilimintí eile ar a mbreathnaíodh maidir le forbairt inbhuanaithe na gaelscolaíochta ná aonaid agus sruthanna. Is cineálacha chur chuige bunaithe iad seo, a sholáthraíonn soláthar gaelscolaíochta inbhuanaithe. Bhreathnaigh Bord an Tionscadail

ar roghanna chun próiseas bunaithe na n-aonad/sruthanna a fhorbairt a thuilleadh mar chuid thábhachtach de thodhchaí na gaelscolaíochta.

## Tacaíocht d'Oideoirí

8.9) Tá tacaíocht chuí agus oiliúint de dhíth ar oideoirí i ngach earnáil chun iad a chuidiú an t-oideachas ardchaighdeáin a sholáthar lena bhfuil siad ag tnúth. Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar riachtanais shainiúla oideoirí na gaelscolaíochta, lena n-áirítear:

i. Boird Gobharnóirí;

ii. Príomhoidí;

iii. Múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí ag tosú agus múinteoirí cleachta;

iv. Cúntóirí Ranga;

v. Cinnirí agus cúntóirí naíscolaíochta; agus

vi. Foireann choimhdeach agus foireann eile.

## Acmhainní Oideachasúla

8.10) Tacaíonn infhaighteacht acmhainní oiriúnacha le héifeachtacht agus le hardcháilíocht sa chóras oideachais. Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar:

i. Tacaíocht don churaclam agus acmhainní teagaisc don seomra ranga i nGaeilge;

ii. Tacaíocht do pháistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu i suímh lán-Ghaeilge;

iii. Deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta trí mheán na Gaeilge;

iv. Tacaíocht trí Ghaeilge sa bhaile do pháistí i dteaghlaigh a bhfuil an Béarla á labhairt iontu; agus

v. Saincheisteanna ag éirí as aistriúcháin iolracha na bpáipéar scrúdaithe agus freagraí na ndaltaí d'earnáil na gaelscolaíochta.

## An Ghaelscolaíocht a Leabú sa Chóras Oideachais

8.11) Maidir le gaelscolaíocht, bhreathnaigh an chuid seo den Athbhreithniú ar an dóigh le cinntiú go ndéantar:

i. A riachtanais a thabhairt fúthu ón tús i bhforbairt agus i soláthar polasaí;

ii. Go ndéantar breathnú cuí uirthi trí thaighde; agus

iii. Go gcuirtear ar fáil do gach pobal í.

## Deiseanna uile-Éireann agus Tras-réigiúnda don Ghaelscolaíocht

8.12) Bhreathnaigh an chuid dheireanach den Athbhreithniú ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chomhoibriú ar fud na hÉireann, thoir/thiar agus níos faide. Bhí an fócas ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann le baint amach d'fhoghlaimeoirí i ngach réimse.

# Moltaí

# ar an bhealach chun cinn don

# Ghaelscolaíocht



# Caibidil 9
# An Dóigh a Sholáthraítear an Ghaelscolaíocht

## Réamhrá

9.1) Breathnaíonn an Chaibidil seo ar dhá eilimint sa dóigh a sholáthraítear an ghaelscolaíocht: samhlacha féideartha an oideachais dhátheangaigh, le fócas ar thumadh; agus struchtúir scoileanna ina bhféadtar samhlacha an tumtha a sholáthar.

9.2) Rinneadh athbhreithniú ar oideachas dátheangach agus ar thumoideachas ar fud an domhain, ag féachaint ar shamhlacha an tumtha a úsáidtear agus an dóigh a sholáthraítear iad, sula ndearnadh breathnú ar impleachtaí na fianaise seo don ghaelscolaíocht anseo.

## Prionsabal Saibhrithe an Dátheangachais Bhreiseánaigh

9.3) Áitítear i staidéir le déanaí ar Thumoideachas in éadan scaradh docht an dá theanga agus moladh go bhfuil níos mó ionchuir teanga le himscaoileadh ag an pháiste dátheangach, agus máistreacht á fáil aige ar dhá chóras teanga, ná an páiste aonteangach nach raibh teagmháil aige ach le córas teanga amháin. Dá bhrí seo, bíonn i bhfad níos mó cleachtaidh ag an pháiste dátheangach ar bhríonna a anailísiú ná an páiste aonteangach. Tá sé soiléir go bhfuil buntáiste teangeolaíoch ag an pháiste a bhfuil máistreacht aige ar dhá theanga thar an pháiste aonteangach. Molann an tátal seo gur chóir d'oideoirí i gcláir tumtha a bheith comhfhiosach ar an acmhainneacht chun feasacht páistí ar theanga a fheabhsú trí iad a spreagadh chun gnéithe a ndá theanga féin a chur i gcomparáid agus i gcontrárthacht. Tugann sé seo le tuiscint gur chóir nach mbeadh scaradh na dteangacha a thréithríonn bunús na gclár tumtha chomh docht de réir mar a théann daltaí tríd an bhunscoil agus isteach san oideachas iar-bhunscoile. Tugtar Prionsabal Saibhrithe an Dátheangachais Bhreiseánaigh air seo.

## Prionsabal an Idirspleáchais Theangeolaíoch

9.4) Go rialta, taispeánann measúnuithe ar chláir dhátheangacha ina ndéantar daltaí a theagasc do lá iomlán nó do chuid den lá trí theanga mionlaigh, nach bhfulaingíonn daltaí a labhraíonn an teanga tromlaigh agus/nó an teanga mionlaigh sa bhaile aon mhoilliú acadúil fadtéarmach ó thaobh na teanga tromlaigh. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil an chéad agus an dara teanga acadúil idirspleách, .i. léirithe de chomh-inniúlacht bhunúsach. Tugtar Prionsabal an Idirspleáchais Theangeolaíoch air seo.

## Samhlacha Idirnáisiúnta an Oideachais Dhátheangaigh

9.5) Tá go leor cineálacha de thumoideachas teanga ann, a dhéantar a chleachtadh i dtíortha agus i réimsí éagsúla. Bíonn difríocht idir na cineálacha éagsúla tumoideachais go príomha maidir leis an túsphointe (luath - moillithe - déanach) agus an mhéid (lán nó páirteach). Dá bhrí sin bíonn 'lántumadh luath', 'páirt-tumadh luath', 'lántumadh moillithe', 'páirt-tumadh moillithe', 'lántumadh déanach' nó 'páirt-tumadh déanach' ann.

9.6) De ghnáth, tosaíonn na cineálacha 'luatha' ag leibhéal na naíscolaíochta nó ag tús na bunscolaíochta. Seo an tsamhail fhorleathan a úsáidtear anseo. De ghnáth, tosaíonn na cineálacha 'moillithe' ag pointe áirithe idir ocht mbliana d'aois agus ceithre bliana déag d'aois, agus de ghnáth tosaíonn na cineálacha 'déanacha' ina dhiaidh sin, agus aosaigh san áireamh.

9.7) Bhreathnaigh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna ar na samhlacha idirnáisiúnta. Sainaithníodh cleachtais dár gcomharsana is deise, i ndeisceart na hÉireann, in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Rinneadh iniúchadh ar sholáthar níos faide anonn, agus SAM agus Ceanada, an Fhrainc, an Spáinn, an Eastóin agus an tSeapáin san áireamh.

9.8) Tá sé tábhachtach na deacrachtaí bunúsacha a aithint a bhaineann le comparáid a dhéanamh ar shamhlacha ó thíortha difriúla, mar gheall ar dhifríochtaí i socruithe oideachais áitiúla, sa chultúr agus i ndearcaí i leith teangacha agus éagsúlacht teanga. Is leathan an raon de chineálacha chur chuige atá i bhfeidhm ar fud an domhain agus tugtar roinnt samplaí de na príomhghnéithe thíos:

i. Tá an t-eispéireas réamhscolaíochta coitianta in Albain, ach níl sé chomh coitianta i ndeisceart na hÉireann.

ii. In Albain úsáidtear raon de chineálacha chur chuige solúbtha, lena n-airítear scoil lán-Ghaeilge na hAlbain d'aoiseanna 3-18 (GM) i nGlaschú (an t-aon scoil lán-Ghaeilge na hAlbain sa chathair), aonaid agus ranganna lán-Ghaeilge na hAlbain agus scoileanna ina ndéantar ábhar amháin nó níos mó a theagasc trí Ghaeilge na hAlbain.

iii. Sa Bhreatain Bheag, eagraítear líonra de 'scoileanna foraoise', clubanna óige agus gníomhaíochtaí campála/spóirt trí mheán na Breatnaise do scoileanna. Is dóigh shuntasach í chun an Bhreatnais agus cultúr na Breataine Bige a chur chun cinn d'aoiseanna 7-12 ag leibhéal áitiúil, tíre agus náisiúnta ná sraith comórtas a bhíonn ar siúl (trí chruinnithe bliantúla a eagraíonn an eagraíocht óige Urdd Gobaith Cymru).

iv. Baintear úsáid rathúil as éagsúlacht de shamhlacha cláir i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíocha éagsúla. Tá raon de na

samhlacha seo ó 100% den teanga mionlaigh sna gráid luatha, mar shampla i gCeanada agus tumadh na Fraincise, go cláir 50/50 ar fud bunscoileanna i gcláir dhá theanga áirithe san SAM. Ní dhéanann roinnt eile ach úsáid a bhaint as an teanga mionlaigh chun ábhair (m.sh. Tíreolaíocht) a theagasc ag leibhéal iar-bhunscoile mar a tharlaíonn i gcodanna den Ghearmáin/RA.

v. Tá éagsúlacht de shamhlacha an 'pháirt-tumtha luath' ann. SaFhrainc, tá chur chuige 50/50 ann maidir le páirt-tumoideachas do chláir Fraincise/ Briotánaise agus Fraincise/Bascaise. Tá an tsamhail 50/50 glactha ag scoileanna idirnáisiúnta sa tSeapáin fosta.

vi. San Eastóin, tugtar oideachas do pháistí a bhfuil Rúisis acu trí Eastóinis amháin ar dtús, agus méideanna méadaitheacha na Rúisise á dtabhairt isteach de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an scoil.

9.9) Léiríonn na samplaí seo éagsúlacht na gcineálacha cur chuige a úsáidtear go rathúil ar fud an domhain chun paistí a fhorbairt ina ndaoine dátheangacha ard-inniúla i raon suíomhanna.

## Tuairimí Thuismitheoirí ar Shamhlacha an Tumoideachais agus Struchtúir na Scoileanna

9.10) Is cinntí dúshlánacha iad na cinntí a dhéanann tuismitheoirí agus an rogha á ghlacadh ar scoil a bpáistí agus caithfidh siad a lán fachtóirí a thabhairt leo: sa chuid seo ní phléifear ach leis na fachtóirí sin a bhfuil tionchar sainiúil orthu ag an dóigh a sholáthraíonn an scoil an ghaelscolaíocht. Ba léir ó chruinniú comhairliúcháin rúnaíocht an Athbhreithnithe le sampla de thuismitheoirí go bhfuil fonn orthu go léir go dtabharfaí oideachas ardcháilíocht dá bpáistí agus go mbeadh na buntáistí as bheith dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla acu. Dúirt cuid acu go spreagtar iad an ghaelscolaíocht a roghnú mar is é a mbarúil gurb í an tsamhail oideachais is fearr; dúirt tuismitheoirí eile go raibh fonn mór orthu go mbeadh a bpáistí in ann ról a ghlacadh i bpobail na Gaeilge a bhunú. Ina theannta sin, chuir tuismitheoirí an-luach ar fhorbairt scileanna Gaeilge a bpáistí chuig an chéim is airde agus is féidir. Ní spreagthaí comheisiatacha iad na spreagthaí seo, áfach.

9.11) Feictear dúinn go gcuirtear bunús le cuid den phlé ar chineálacha cur chuige i leith soláthar na gaelscolaíochta ag tuairimí láidre maidir le cé chomh éifeachtach agus atá na cineálacha chur chuige seo i gcomhlíonadh na n-aidhmeanna éagsúla seo. Agus pobail na Gaeilge á soláthar is léir go bhfuil sé inmhianaithe go mbíonn páistí toilteanach a gcuid Gaeilge a úsáid lasmuigh den scoil. Uaireanta bíonn argóintí mar thaca le scoileanna lán-Ghaeilge neamhspleácha bunaithe ar an tuairim láidir go dtacóidh an cur chuige seo le timpeallacht na Gaeilge níos láidre a choinneáil sa scoil sa dóigh is fearr, agus dá bhrí sin sealbhú agus úsáid níos fearr na Gaeilge sa phobal níos leithne. Is argóint eile a dhéanann

tuismitheoirí áirithe mar thaca le scoileanna neamhspleácha ná go bhforbraíonn siad scileanna na Gaeilge chun an caighdeán is airde i measc chion níos mó dá ndaltaí.

9.12) Tugtar tacaíocht d'Aonaid agus do Shruthanna lán-Ghaeilge ar fháthanna éagsúla. Creideann roinnt tuismitheoirí go soláthraíonn Aonad nó Sruth atá ceangailte le scoil atá bunaithe le fada, i gcomparáid le scoil neamhspleách nuabhunaithe, timpeallacht níos cobhsaí d'oideachas a bpáistí. Is é a mbarúil go dtig leis na deiseanna a sholáthraíonn na cineálacha chur chuige seo maidir le lántumadh nó páirt-tumadh, rochtain a sholáthar ar raon leathan de dheiseanna foghlama i gcóiríocht mhaith, lena n-áirítear saináiseanna mar shampla don eolaíocht agus do chorpoideachas. Tá raon de thuairimí i measc oideoirí na gaelscolaíochta. Creideann cuid acu go bhfuil Aonaid nó Sruthanna ina rogha is fearr. Creideann oideoirí eile go bhfuil scoileanna neamhspleácha ina rogha is fearr: tá oideoirí sa ghrúpa seo a chreideann gur céimeanna trasdula riachtanacha iad Aonaid agus Sruthanna i dtreo forás leanúnach na gaelscolaíochta.

9.13) Léiríonn torthaí taighde atá san áireamh in athbhreithniú ar thaighde agus ar litríocht eile (Johnstone, 2002[4] go bhfuil seans níos mó ann go mbainfear úsáid as teanga sa phobal nuair a labhraítear an teanga i líon níos mó áiteanna. Dá bhrí sin cé nach raibh fianaise ar bith ann i bhfabhar nó in éadan na tuairime gur dócha go gcruthódh scoileanna neamhspleácha pobail labhartha na Gaeilge, is dócha go gcuideodh forbairt láithreacha breise ina labhraítear an Ghaeilge le forbairt phobail na Gaeilge. Is dócha go dtabharfadh sé seo cúnamh do pháistí inniúlacht ar a gcuid Gaeilge labhartha a fhorbairt.

## Na Samhlacha Tumoideachais agus na Struchtúir Scoileanna is Iomchuí don Ghaelscolaíocht

9.14) Tar éis do Bhord an Tionscadail breathnú a dhéanamh ar gach faisnéis thuas, ar chéim forbartha na hearnála, agus ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus dhúshláin eile atá os comhair na hearnála, molann Bord an Tionscadail gur chóir go mbeadh an Roinn Oideachais sásta raon de shamhlacha tumoideachais agus struchtúir scoileanna a ghlacadh do sholáthar na gaelscolaíochta (lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ar fáil anseo). Agus leas á bhaint as cúnamh agus comhairle ghairmiúil oibiachtúil, is iad tuismitheoirí agus scoileanna atá laistigh d'earnáil na gaelscolaíochta agus d'earnálacha dátheangacha eile, atá san áit is fearr chun roghanna a fhorbairt don ghaelscolaíocht agus a n-oiriúnacht chun cúinsí áitiúla a chomhlíonadh agus riachtanais an fhoghlaimeora aonair a chur san áireamh. Is iad na roghanna féideartha le breathnú ná cinn as a

4 Johnstone, Richard. Immersion in a Second or Additional Language at School: A Review of the International Research, 2002. www.scilt.stir.ac.uk

mbaineadh úsáid rathúil in áiteanna eile sa domhan, chomh maith leis na trí cheann a úsáidtear anseo faoi láthair. Thabharfadh sé seo an tsolúbthacht is mó do sholáthar na gaelscolaíochta le forbairt i gcúinsí athraitheacha de réir mar a fhorbraíonn tírdhreach an oideachais, mar fhreagairt fosta ar Phleanáil Cheantar-bhunaithe, scoileanna inbhuanaithe a fhorbairt, obair chomhpháirtíochta, agus na deiseanna cumarsáide, riaracháin agus oideachasúla a sholáthraíonn TFC. D'fhéadfaí tionscnaimh agus forbairtí eile na Gaeilge sa phobal a shioncronú ar mhaithe le comhleas na riachtanas i scoileanna, Aonaid agus Sruthanna lán-Ghaeilge chun luach breise a ghnóthú sna torthaí oideachasúla agus theanga an phobail. I ngach modh chur chuige a bhfuil tacaíocht aige ón Roinn Oideachais, bheadh sé tábhachtach measúnú ar luach ar airgead agus ar thorthaí oideachasúla (lena n-áirítear torthaí teangeolaíocha) a chur san áireamh.

9.15) Aithníonn Bord an Tionscadail an buntáiste dóibh siúd a shealbhaíonn an dátheangachas as an teagmháil is mó agus is féidir a fháil lena dara teanga. Aithníonn sé fosta gur gá le raon cineálacha chur chuige maidir le foghlaim teanga le tacú leo siúd a chuireann tús lena bhforbairt teanga ag céim níos déanaí ina gcuid oideachais. Is féidir le cineálacha eile d'fhoghlaim teanga cumais theangeolaíocha foghlaimeoirí a fhorbairt, agus is féidir le teagmháil mhéadaitheach le teanga mórghníomhartha teangeolaíocha méadaitheacha a chumasú.

9.16) Is í tuairim Bhord an Tionscadail gur beart cinnteoireachta don scoil amháin é an cur chuige a ghlacann an scoil laistigh de thimpeallacht na scoile, mar shampla, úsáid na teanga ag paistí sa chlós scoile. Creideann Bord an Tionscadail gur dea-chleachtas é do scoil é seo a chomhaontú le tuismitheoirí agus le príomhpháirtithe leasmhara. Ba chóir do gach scoil a cur chuige a chur in iúl go soiléir do thuismitheoirí agus do pháistí.

9.17) Tá Bord an Tionscadail sásta go bhfuil scoileanna san áit is fearr faoi láthair le socrú ar an chur chuige le cur i bhfeidhm maidir le teagasc an Bhéarla. Ba chóir go gcoinnítear seo faoi athbhreithniú dá dtiocfaí ar fhianaise nua. Ba chóir do gach scoil a cur chuige féin a shocrú, agus é a chur in iúl go soiléir do thuismitheoirí agus do pháistí.

9.18) Tá moladh forbartha de dhíth maidir le haon athrú suntasach ar charachtar na scoile. Creideann Bord an Tionscadail gur ionann athrú ar shamhail an tumoideachais agus athrú suntasach ar charachtar scoile lán-Ghaeilge, agus ba chóir go mbeadh sé faoi réir ag próiseas an mholta fhorbartha. Creideann Bord an Tionscadail gur dea-chleachtas é do scoil a samhail tumoideachais a chomhaontú le tuismitheoirí agus príomhpháirtithe leasmhara.

### Moladh 1: Samhlacha an Tumtha agus Struchtúir na Scoileanna

Ba chóir go n-amharcfadh an Roinn Oideachais agus páirtithe leasmhara uile na gaelscolaíochta ar raon de:

i. Samhlacha an tumtha; agus

ii. Struchtúir scoileanna chun an ghaelscolaíocht a sholáthar.

Ba chóir go mbreathnódh páirtithe leasmhara ar an dóigh chun riachtanais aitiúla a chomhlíonadh ar bhonn cás le cás. Is ábhar d'údarais agus do phobal na scoile polasaí na scoile ar thumoideachas, tar éis breathnú a dhéanamh air trí phróiseas an mholta forbartha más gá, i gcomhthéacs na n-acmhainní Gaeilge de gach cineál atá ar fáil, agus ba chóir seo a dhéanamh soiléir do thuismitheoirí. Creideann Bord an Tionscadail go láidir gur dea-chleachtas é don scoil na saincheisteanna seo a chomhaontú le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara.

# Caibidil 10
# Soláthar Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt

## Réamhrá

10.1) Bhreathnaigh an tAthbhreithniú seo ar Sholáthar na Luathbhlianta don ghaelscolaíocht. Ós rud é go bhfuil soláthar na Luathbhlianta faoi athbhreithniú faoi láthair mar chuid d'fhorbairt straitéise 0 - 6, agus tá ionadaithe earnáil na gaelscolaíochta páirteach sa phróiseas seo, dhírigh an tAthbhreithniú ar Ghaelscolaíocht ar cheist an tsoláthair réamhscolaíochta maoinithe. Bhreathnaigh Bord an Tionscadail fosta ar cé acu ar chóir do sholáthar réamhscolaíochta a sholáthar i suíomh deonach nó reachtúil.

10.2) Tá oibleagáid ar an Roinn Oideachais a eascraíonn ón Chairt AE um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh oideachas réamhscolaíochta a sholáthar trí mheán na Gaeilge, gan chlaontacht in aghaidh theagasc na teanga oifigiúla, nuair a mheastar go bhfuil líon imleor paistí ann. Ní bhaineann an oibleagáid seo le haon earnáil oideachais eile. Bhreathnaigh Bord an Tionscadail go cúramach ar iarmhairt na hoibleagáide seo.

## Socruithe Reatha do Sholáthar na Réamhscolaíochta

10.3) Faoi láthair cuirtear bliain amháin de sholáthar réamhscolaíochta maoinithe ar fáil do na páistí sin gur mian lena dtuismitheoirí é. Tugann an polasaí reatha áit tosaíochta d'áit ardchaighdeáin a sholáthar do gach páiste, agus rogha an tsoláthraí ina ábhar tánaisteach.

10.4) Is é éifeacht amháin den pholasaí seo ná nach dtugtar maoiniú do shuíomhanna nua nuair a bhíonn áiteanna neamhchomhlíonta iontu. Ciallaíonn sé seo nach féidir le soláthar nua na gaelscolaíochta dul isteach sa chlár maoinithe i gceantair ina mbíonn áiteanna i scoileanna lán-Bhéarla fós ann. I gceantair dá leithéid leanann suíomhanna na gaelscolaíochta atá sa chlár cheana féin de mhaoiniú a fháil.

## Tuairimí Earnáil na Gaelscolaíochta ar Eispéireas na Réamhscolaíochta

10.5) Thug Bord an Tionscadail faoi deara gurb í tuairim rí-láidir na gcleachtóirí sa ghaelscolaíocht go raibh an-bhuntáistí le baint amach as eispéireas ardchaighdeáin na naíscolaíochta lán-Ghaeilge. Go háirithe, cuidíonn eispéireas ardchaighdeáin na naíscolaíochta lán-Ghaeilge le paistí ó theaghlaigh ina labhraítear an Béarla rochtain a fháil ar an churaclam ó thús na Bliana 1, má fhreastalaíonn siad ar bhunscoil lán-Ghaeilge.

10.6) Faoi láthair d'fhreastail bunús na bpáistí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar naíscoileanna lán-Ghaeilge. Faoi láthair is iad na critéir a fheidhmíonn roinnt bunscoileanna lán-Ghaeilge ná go gcaithfidh go raibh eispéireas naíscolaíochta lán-Ghaeilge ag páistí.

## Fianaise an Taighde Idirnáisiúnta: An bhfuil Tumadh Luath Bunriachtanach?

10.7) Léiríonn taithí agus taighde ó ar fud an domhain gur féidir éirí dátheangach agus dá-liteartha trí theagmháil le teangacha níos déanaí sa saol.

10.8) I léirmheas ar litríocht idirnáisiúnta, shainaithin Johnstone[5] an 2 phointe seo a leanas ar éifeachtaí sholáthar an tumoideachais réamhscolaíochta:

i. Cuidíonn an tumoideachas do pháistí óga (naíscoile agus bunscoile) leo dul chun cinn níos gasta a dhéanamh i bhforbairt chur chuige anailísigh don teanga (lch. 2, alt 13) trína bhfeasacht mheititheangeolaíoch féin a fhorbairt.

ii. "Although many immersion programmes begin 'early', this is not a condition of success". (lch. 6, alt 41). Ciallaíonn "luath" réamhchaithreach sa chomhthéacs seo, agus dá bhrí sin bheadh soláthar réamhscolaíochta san áireamh.

10.9) Léirigh an fhianaise a cuireadh faoi bhráid an Athbhreithnithe gur dócha go mbeadh réamhscolaíocht ina buntáiste do thorthaí teangeolaíocha, ach nach bhfuil sí riachtanach do shealbhú an dara teanga.

## Na hImpleachtaí as an Naíscolaíocht Lán-Ghaeilge a dhéanamh Éigeantach

10.10) Shainaithin Bord an Tionscadail na hiarmhairtí ionchasacha den eispéireas naíscolaíochta lán-Ghaeilge a dhéanamh ina réamhriachtanas don bhunscolaíocht lán-Ghaeilge i gcomhthéacs na reachtaíochta agus an pholasaí oideachais reatha, agus ba é a thátal go dtarlódh na rudaí seo a leanas:

i. teorainneacha le rogha tuismitheoirí;

ii. coinbhleacht le hoibleagáidí Chairt an AE;

iii. coinbhleacht le polasaí reatha an Rollaithe Oscailte; agus

5 Op cit

iv. coinbhleacht le dualgas na Roinne Oideachais an ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú.

10.11) Féadtar go n-eascródh na teorainneacha le rogha tuismitheoirí ag (i), mar shampla, nuair a bheadh fonn ar thuismitheoir go bhfreastalódh a pháiste ar bhunscoil lán-Ghaeilge nuair nár fhreastail sé ar naíscoil lán-Ghaeilge. Má bhí freastal ar naíscoil ina réamh-riachtanas, ansin dhéanfadh sé seo an páiste a eisiamh ón soláthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge. Bheadh sé seo ina choinbhleacht dhíreach leis na hoibleagáidí faoi Chairt an AE, pointe (ii) thuas. Deirtear go forleathan i bpolasaí reatha ar rochtain do dhaltaí ar scoileanna (polasaí an Rollú Oscailte) go gcaithfear daltaí a dhéanann iarratas ar scoileanna atá maoinithe ag an Roinn Oideachais a admháil nuair atá áiteanna neamhlíonta ann. Is léir go ndéanfadh eisiamh daltaí gan eispéireas réamhscolaíochta an prionsabal seo a shárú. Sa dóigh chéanna, bheadh riosca ann go mbeadh sé i gcoinbhleacht le dualgas na Roinne Oideachais an ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú (iv thuas). Go bunúsach, féadtar go mbeadh sé ina thoradh ar eispéireas réamhscolaíochta a dhéanamh ina réamhriachtanas don ghaelscolaíocht ná go ndéanfaí páiste 4 bliana agus 2 mhí d'aois a eisiamh ón ghaelscolaíocht don chuid eile dá shaol scolaíochta mar gheall ar an fhoghlaim naíscolaíocht caillte: is tromchúiseach iad iarmhairtí na féidearthachta seo i dtéarmaí rochtana, forás na hearnála agus comhlíonadh na n-oibleagáidí i leith na Gaeilge.

## Suíomhanna na Naíscolaíochta: Soláthar deonach vs Soláthar reachtúil

10.12) Soláthraítear soláthar réamhscolaíochta i gcomhaontú comhpháirtíochta idir naíscoileanna nó naíranganna reachtúla agus an earnáil dheonach. Tharla bunús an fhoráis i soláthar réamhscolaíochta in earnáil na gaelscolaíochta trí sholáthar deonach. In 2007, bhí 17% de na páistí i naíscolaíocht lán-Ghaeilge i soláthar reachtúil (.i., i naí-aonaid reachtúla), agus bhí 70% de na páistí i réamhscolaíocht lán-Bhéarla i soláthar reachtúil (.i., i naí-aonaid agus naíscoileanna reachtúla).

10.13) Tugann ionadaithe na n-earnálacha réamhscolaíochta lán-Bhéarla agus lán-Ghaeilge saincheisteanna chun suntais a shainaithníonn siad le bheith ina neamhionannas sa tacaíocht a tugtar do shuíomhanna deonacha agus do shuíomhanna reachtúla. San áireamh leo seo tá leibhéil an mhaoinithe, agus tacaíocht bhreise, ar nós an tsoláthair do Shainriachtanais Oideachais, a tugtar do na suíomhanna.

10.14) Ba é an toradh a bhí ar staidéar, Effective Pre-school Provision (EPP) i dtuaisceart na hÉireann, ná go bhfaightear torthaí maithe as gach suíomh (*http://www.deni.gov.uk/researchreport41.pdf*). Ina dhiaidh sin is uile, mar fhreagra ar an cheist, " An cuma cén cineál réamhscolaíochta?" ba é tátal an staidéir:

> "There are significant differences between pre-school settings and their impact on children. Nursery schools/classes have the overall best outcomes, with good outcomes also for playgroups. Other types of pre-school produce benefits but to a lesser extent."

10.15) Nuair a d'fhéach an staidéar EPP i dtuaisceart na hÉireann ar éifeachtaí na cáilíochta agus "chleachtais" shainiúla sa réamhscolaíocht ba é an tátal:

i. Baineann réamhscolaíocht ardchaighdeáin le forbairt intleachta agus sóisialta/iompraíochta do pháistí.

ii. Bhí an cháilíocht bhreathnaithe i suíomhanna réamhscolaíochta níos airde i naíonraí agus naíranganna.

iii. Tá baint ag oiliúint foirne agus cáilíochtaí le caighdeán soláthair níos fearr.

10.16) Rinne an staidéar EPP i dtuaisceart na hÉireann iniúchadh ar éifeachtaí fadtéarmacha an eispéiris réamhscolaíochta trí phaistí a leanúint trí na céad cheithre bliana den bhunscoil. Ba é tátal an staidéir thar an tréimhse seo:

> "Type of pre-school was related to longer-term effects, with effects most strong for nursery schools/classes, with playgroups closely following, and less long-lasting effects for other types of pre-school."

10.17) Cé nach ndearna an staidéar EPP i dtuaisceart na hÉireann iniúchadh ar shuíomhanna réamhscolaíochta go sainiúil, bheadh sé réasúnta le glacadh go mbeadh na torthaí thuas mar an gcéanna do sholáthar lán-Ghaeilge agus a bheadh siad do sholáthar lán-Bhéarla. Seachas an toimhdiú seo, féadtar go mbeadh imscrúdú breise ar thionchar sainiúil an tsuímh réamhscolaíochta ar fhorbairt scileanna briathartha, réamh-léitheoireachta agus léitheoireachta ina bhuntáiste. Maidir le páistí a fhaigheann a n-oideachas trí mheán an Bhéarla, bhí buntáistí le baint as an eispéireas réamhscolaíochta ardchaighdeáin i ngach réimse. Cé nach ndearnadh breathnú ar mhéid an tionchair ar na scileanna seo maidir le páistí ag freastail ar shuíomhanna lán-Ghaeilge sa staidéar EPP i dtuaisceart na hÉireann, d'aithin Bord an Tionscadail na dúshláin bhreise a bhaineann go sainiúil leis an churaclam réamhscolaíochta a sholáthar i suíomh lán-Ghaeilge.

10.18) Aithníonn Bord an Tionscadail go bhfuil straitéis 0 - 6 á forbairt ag Athbhreithniú ar sholáthar na Luathbhlianta. Molann Bord an Tionscadail go mbreathnódh straitéis na Luathbhlianta ar shaincheist an chomhionannais a mhaoiniú idir suíomhanna deonacha agus reachtúla, ós rud é gur dócha go mbeadh iarmhairt ar leith aige seo ar earnáil na gaelscolaíochta, nuair a chuirtear cion níos airde pháistí na gaelscolaíochta atá i suíomhanna deonacha san áireamh. Ina theannta seo, ba chóir athbhreithniú a dhéanamh

ar raon na tacaíochta atá ar fáil do shuíomhanna deonacha agus reachtúla, mar gheall ar an fháth céanna.

10.19) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail seo ar cé acu ar chóir soláthar deonach lán-Ghaeilge a thiontú go soláthar reachtúil, ar mhaithe le torthaí oideachasúla na bpáistí. Chuir Bord an Tionscadail san áireamh:

i. Na dúshláin bhreise os comhair páistí a bhfuil Béarla acu i suíomhanna réamhscolaíochta lán-Ghaeilge;

ii. An deis atá ann don réamhscolaíocht torthaí ardchaighdeáin lán-Ghaeilge a fhorbairt, chomh maith le torthaí cognaíocha agus sóisialta eile a dhéantar a fhorbairt do pháistí réamhscolaíochta lán-Bhéarla;

iii. Easpa na fianaise sainiúla faoi cé acu an mbainfeadh páistí i suíomhanna lán-Ghaeilge ó theaghlaigh ina labhraítear an Béarla níos mó leasa as suíomh réamhscolaíochta reachtúla, mar gheall ar na dúshláin theangeolaíocha atá os a gcomhair;

iv. An fhianaise go bhfuil soláthar ardchaighdeáin le fáil thar gach suíomh;

v. An fhianaise go bhfuil na torthaí foriomlána is fearr ag suíomhanna reachtúla, agus go raibh na torthaí seo fós ina dtorthaí is fearr thar thréimhse ama do shuíomhanna reachtúla; agus

vi. An difríocht shuntasach i gcion na bpáistí lán-Ghaeilge i suíomhanna reachtúla (17%) i gcomparáid le páistí lán-Bhéarla (70%).

10.20) Is léir gur saincheist choimpléascach í seo. Tá taighde breise ar na torthaí maidir le suíomhanna reachtúla agus deonacha do shealbhú na Gaeilge riachtanach. Soláthródh sé seo fianaise shaincheaptha chun forbairtí sa todhchaí a threorú. Molann Bord an Tionscadail go ndéanfaí a leithéid de thaighde.

## Soláthar na Réamhscolaíochta: an bealach chun cinn

10.21) Shíl Bord an Tionscadail go raibh seans ann nach gcuirfí go leor béime ar na comhcheangail uathúla a eascraíonn ón Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus an dualgas reachtúil chun an ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú sna socruithe réamhscolaíochta reatha atá ann. Níor chuir an chur chuige neamh-earnála nádúr dátheangach an chórais oideachais atá ann san áireamh go sásúil, agus tá iarmhairt dhíobhálach aige seo ar an dóigh a chomhlíonann an Roinn Oideachais a hoibleagáidí Cairte. Sa chomhthéacs seo ba é an tátal a bhain Bord an Tionscadail as seo ná gur chóir an polasaí reatha ar sholáthar réamhscolaíochta maoinithe a athbhreithniú chun riachtanais mhéadaitheacha earnáil na gaelscolaíochta a chomhlíonadh níos fearr.

Molann Bord an Tionscadail nár chóir go ndéanfaí srianadh ar mhaoiniú do sholáthar lán-Ghaeilge ardchaighdeáin ag áiteanna lán-Bhéarla neamhlíonta atá ann faoi láthair, ar an choinníoll go bhfuil líon imleor páistí ann.

10.22) Chomh maith leis seo bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar cé acu ar chóir go mbeadh eispéireas réamhscolaíochta éigeantach maidir le hiontráil i mbunscoil lán-Ghaeilge. Tá eispéireas réamhscolaíochta éigeantach i gcoinbhleacht leis na hoibleagáidí a eascraíonn ón Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Ní raibh aon fhianaise ar fáil don Athbhreithniú chun an choinbhleacht seo a mhaolú, agus dá bhrí sin molann Bord an Tionscadail nár chóir go mbeadh an t-eispéireas réamhscolaíochta lán-Ghaeilge ina riachtanas éigeantach maidir le hiontráil i mbunscoil lán-Ghaeilge.

10.23) Faoi dheireadh bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar fhéidearthacht na dtairbhí oideachasúla a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar sholáthar reachtúil an tsoláthair réamhscolaíochta lán-Ghaeilge seachas soláthar deonach. Arís, ní raibh fianaise chríochnaitheach ar fáil, agus mar gheall air seo shíl Bord an Tionscadail go raibh taighde breise riachtanach. Mar a luadh ag tús na Caibidle seo, tá saincheist na tacaíochta difriúla a sholáthraítear do shuíomhanna réamhscolaíochta faoi bhreathnú mar chuid d'Athbhreithniú na Luathbhlianta.

### Moladh 2: An Polasaí atá ann maidir le Maoiniú an tSoláthair Réamhscolaíochta a Athbhreithniú

Ba chóir an polasaí atá ann ar sholáthar réamhscolaíochta maoinithe a athbhreithniú i gcomhthéacs chomhcheangal uathúil na n-oibleagáidí a eascraíonn ón Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, tairbhí aitheanta na réamhscolaíochta agus an dualgas reachtúil an ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú, ionas go dtabharfaí cead do sholáthraithe cláraithe na gaelscolaíochta dul isteach sa chlár maoinithe atá ann fiú nuair atá soláthar lán-Bhéarla neamhlíonta ar fáil sa cheantar.

### Moladh 3: An tEispéireas Réamhscolaíochta Riachtanach

Aithníonn Bord an Tionscadail an tábhacht a chuireann earnáil na gaelscolaíochta ar réamhscolaíocht lán-Ghaeilge. Ina dhiaidh sin is uile, is é an tátal a bhain sé as ná nár chóir go mbeadh an t-eispéireas naíscolaíochta lán-Ghaeilge ina riachtanas éigeantach d'iontráil i mbunscoil lán-Ghaeilge.

**Moladh 4: Suíomhanna na Réamhscolaíochta – Deonach vs Reachtúil**

Ba chóir saincheisteanna sholáthar na naíscolaíochta lán-Ghaeilge a bhreathnú mar chuid de phlé Athbhreithniú na Luathbhlianta ar leibhéil na tacaíochta a chuirtear ar fáil do shuíomhanna reachtúla agus do shuíomhanna deonacha.

**Moladh 5: Taighde ar Thorthaí Oideachasúla na Naíscolaíochta Lán-Ghaeilge**

Ba chóir taighde ar thorthaí oideachasúla, lena n-áirítear torthaí teangeolaíocha, ar chineálacha éagsúla an eispéiris naíscolaíochta lán-Ghaeilge a thabhairt ar aghaidh.

10.24) Aithníonn Bord an Tionscadail gur saincheist atá tábhachtach do gach earnáil ná soláthar réamhscolaíochta, agus gur féidir go mbeadh díláithriú an tsoláthair lán-Bhéarla atá ann agus an tsoláthair dheonaigh lán-Ghaeilge atá ann ina thoradh ar fheidhmiú na moltaí seo. Ba chóir breathnú cúramach a dhéanamh ar acmhainneacht na hiarmharta comhionannais diúltaigh agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

# Caibidil 11
# Soláthar Bunscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt

## Réamhrá

11.1) Breathnaíonn an Chaibidil seo ar an dóigh is féidir leanúnachas de sholáthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge ardchaighdeáin beoga inbhuanaithe a fhorbairt mar fhreagairt ar éileamh tuismitheoirí, mar chuid ríthábhachtach de Phleananna Ceantar-bhunaithe áitiúla.

11.2) Dhírigh Bord an Tionscadail ar chreat polasaí atá straitéiseach stóinseach a shainaithint chun earnáil na gaelscolaíochta a fhorbairt. Athróidh na meicníochtaí soláthair maidir le forbairt scoileanna nuair a chuirfear an tÚdarás Oideachais agus Scileanna ar bun. Is dócha go nglacfaidh sé tréimhse ama sula mbeidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna lán-éifeachtach maidir le comhtháthú na seirbhísí díchosúla a bheidh air a sholáthar, agus tá seans ann go gcaithfear socruithe trasdula a fhorbairt. Shíl Bord an Tionscadail nach raibh na meicníochtaí soláthair chomh tábhachtach le fís straitéiseach fhónta a bheith ann ar a bhfuil le soláthar, cé gur féidir go bhfeabhsóidh tionchar na Pleanála Ceantar-bhunaithe comhleanúnaí le baint earnála iomchuí torthaí do gach earnáil.

11.3) Shainaithin Bord an Tionscadail neartú agus cothú na hinbhuanaitheachta mar an príomhdhúshlán atá os comhair na hearnála bunscolaíochta, nuair a fhorbraítear soláthar nua agus nuair a dhéantar an soláthar atá ann a dhaingniú. Áitíonn Bord an Tionscadail go dteastóidh soláthar nua uaidh seo le cur go comhleanúnach le forbairt straitéiseach na hearnála i gcomhthéacs na Pleanála Ceantar-bhunaithe áitiúla agus polasaí do scoileanna inbhuanaithe.

11.4) Eascraíonn na dúshláin atá os comhair an tsoláthair bunscolaíochta lán-Ghaeilge ó dhá chúis, a bhíonn idirghaolmhar go minic. Is í an chéad cheann ná méid beag na scoileanna san earnáil, go háirithe maidir le soláthar nuabhunaithe a d'fhéadfadh raon de dhúshláin a bheith mar thoradh air, ar a gcuirtear síos thíos. Is í an dara ceann ná droch-chaighdeán na cóiríochta ina bhfuil na scoileanna lonnaithe. Déanann gach cúis an ceann eile a mhéadú, ós rud é nach bhfuil scoileanna beaga fós incháilithe d'fhoirgnimh nua, agus ina dhiaidh sin féin bíonn sé níos deacra líon na ndaltaí a mhéadú nuair nach bhfuil cóiríocht ardchaighdeáin ann.

## Soláthar na Naíscolaíochta Lán-Ghaeilge atá ann

11.5) Faoi láthair, forbraíodh soláthar bunscolaíochta thar limistéar geografach níos leithne ná an soláthar iar-bhunscolaíochta, go príomha mar gheall ar an amscála agus ráta foráis san

earnáil bunscolaíochta, féach an léarscáil ar leathanach 40. D'fhorbair forás an tsoláthair bunscolaíochta ardchaighdeáin trí aonaid atá ceangailte le scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna neamhspleácha. Léiríonn na cineálacha chur chuige seo tuairimí éagsúla na dtuismitheoirí mar a pléadh in ailt 9.10 go 9.12.

11.6) Forbraíodh gach soláthar lán-Ghaeilge mar fhreagairt ar éileamh tuismitheoirí: i gceantair éagsúla bhí an t-éileamh seo an-logánta, agus i gceantair eile bhí sé leata thar limistéar níos leithne. Tá scoilcheantair na mbunscoileanna níos lú ná scoilcheantair na n-iarbhunscoileanna, agus go tipiciúil freastalaíonn bunscoileanna ar líon níos lú daltaí. Ina dhiaidh sin is uile, is féidir le scoilcheantair do sholáthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge a bheith níos mó ná atá ann d'earnálacha eile, go háirithe nuair a rinneadh forbairt fhairsing ar sholáthar lán-Ghaeilge i gceantar áirithe.

11.7) Taobh amuigh de cheantair uirbeacha Bhéal Feirste agus Dhoire, bíonn an daonra dáilte níos tanaí de ghnáth, agus mar gheall air seo bíonn gá le scoileanna a fhreastalaíonn ar líon níos lú daltaí. Taispeánann Tábla 11.1 rolluithe Bunrang 1 agus rolluithe reatha do bhunscoileanna lán-Ghaeilge neamhspleácha.

## Tábla 11.1: Sprioc-Rolluithe Iarbhír agus Íosta do Bhliain 1 go Bunscoileanna Lán-Ghaeilge 2000 - 2007

| Scoil | Íoslíon Sprioc-Rollú do Bhliain 1 | Rolluithe do Bhliain 1 (ó 2000) | | | | | | | | Rollú Iomlán Deireadh Fómhair 2007 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | |
| **Scoileanna Tuaithe** | | | | | | | | | | |
| Gaelscoil Uí Néill | 12 | 12 | 18 | 16 | 13 | 18 | 20 | 15 | 21 | 113 |
| Gaelscoil Uí Dhochartaigh | 12 | 14 | 22 | 21 | 21 | 21 | 20 | 14 | 27 | 130 |
| Bunscoil an Iúir | 12 | 5 | 14 | 12 | 15 | 12 | 15 | 16 | 23 | 102 |
| Bunscoil Bheanna Boirche | 12 | | | 10 | 10 | 10 | 6 | 14 | 10 | 48 |
| Bunscoil an Chaistil | 12 | | | | 12 | 11 | 19 | 15 | 15 | 75 |
| Bunscoil an Traonaigh | 12 | | | | | 12 | 8 | 6 | 6 | 27 |
| Gaelscoil na Speiríní | 12 | | | | | | | 12 | 5 | 23 |
| Gaelscoil na gCrann | 12 | | | | | | | 12 | 11 | 45 |
| Gaelscoil Éanna | 12 | | | | | | | | 12 | 12 |
| Gaelscoil Ghleann Darach | 12 | | | | | | | | 12 | 19 |
| **Scoileanna Bhéal Feirste/Dhoire** | | | | | | | | | | |
| Bunscoil Phobal Feirste | 15 | 45 | 54 | 43 | 40 | 44 | 30 | 38 | 33 | 294 |
| Gaelscoil Na bhFál | 15 | 34 | 26 | 29 | 35 | 24 | 21 | 25 | 28 | 211 |
| Bunscoil Cholmcille | 15 | 24 | 20 | 18 | 27 | 30 | 13 | 21 | 22 | 159 |
| Bunscoil an tSléibhe Dhuibh | 15 | 26 | 24 | 28 | 24 | 24 | 23 | 25 | 23 | 168 |
| Bunscoil Bheann Mhadagáin | 15 | 18 | 19 | 18 | 15 | 24 | 23 | 21 | 11 | 119 |
| Scoil Na Fuiseoige | 15 | 18 | 25 | 20 | 23 | 15 | 17 | 20 | 13 | 133 |
| Scoil an Droichid | 15 | | 14 | 15 | 14 | 20 | 16 | 13 | 27 | 103 |
| Gaelscoil Éadain Mhóir | 15 | | 12 | 20 | 23 | 23 | 22 | 12 | 25 | 135 |
| Bunscoil Mhic Reachtain | 15 | | | 15 | 11 | 6 | 13 | 17 | 8 | 71 |
| Gaelscoil an Damba | 15 | | | | 17 | 8 | 7 | 5 | 6 | 29 |
| Gaelscoil Na Móna | 15 | | | | | 15 | 10 | 19 | 14 | 71 |
| Gaelscoil an Lonnáin | 15 | | | | | | 15 | 15 | 11 | 44 |

11.8) Cruthaíonn méid beag na mbunscoileanna reatha dúshlán chun inbhuanaitheacht a fhorbairt agus an soláthar oideachais do pháistí agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a chosaint.

## Saincheisteanna os comhair na Scoileanna Beaga Lán-Ghaeilge

11.9) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail gurb iad an dá phríomhdhúshlán atá os comhair na soláthraithe bunscolaíochta lán-Ghaeilge mar chuid d'earnáil i mbéal forbartha ná:

i. Ceannaireacht ardchaighdeáin a fhorbairt; agus

ii. Líonta imleora daltaí a rollú le bheith incháilithe do mhaoiniú caipitil, a chiallaíonn go ginearálta go mbíonn an scoil i dteideal cóiríochta buan, agus dá bhrí sin ar chaighdeán níos fearr, de ghnáth.

11.10) Tá ceannaireacht cleachta údarásach ríthábhachtach do gach scoil, agus go háirithe do gach scoil nuabhunaithe, mar a aithnítear sa pholasaí "Every School a Good School" atá á thabhairt chun críche ag an Roinn Oideachais faoi láthair. Is é an toradh atá ar cé chomh iomadúil agus atá scoileanna beaga in earnáil na bunscolaíochta lán-Ghaeilge, ar fhairsingiú gasta na hearnála, agus ar easpa choibhneasta múinteoirí cáilithe ná nach mbíonn aon taithí ag príomhoidí nó nach mbíonn mórán taithí acu ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht scoileanna nuair a cheaptar iad. Laghdóidh an easpa taithí seo thar am ar ndóigh, ach beidh na dúshláin eile a bhaineann le ceannaireacht scoile bige fós ann, agus thiocfadh leo forbairt ceannaireachta na bpríomhoidí a chosc.

11.11) Tá raon de bhrúnna os comhair príomhoidí teagaisc de bhreis ar a ról sa seomra ranga. Luann Tuarascáil Bain tátal de chuid na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna mar seo a leanas (alt 7.31, lch 89):

> "In a sample of small, rural primary schools, ETI found that although small school size had certain advantages, in terms of personal attention and focus on individual pupils, small schools struggled with a range of challenges. These included the demands of preparing a differentiated programme for classes with mixed-age groups, of ensuring adequate Special Educational Needs provision, and difficulties in securing substitute cover for teachers. Also reported was a higher administrative burden on teachers (including teaching principals), leaving them less time for the preparation of lessons. Small schools had more difficulties than their larger counterparts in recruiting and retaining principals, and overall, they experienced a considerable degree of financial pressure and uncertainty."

11.12) Mar gheall ar láthair an éilimh reatha agus sa todhchaí, is féidir a réamh-mheas go mbeidh soláthar bunscolaíochta tuaithe de dhíth ar an ghaelscolaíocht sa todhchaí do líonta níos lú daltaí i limistéar áirithe. Bheadh na dúshláin céanna ar a gcuirtear síos thuas os comhair aon scoil bheag a dhéanfaí a fhorbairt chun an t-éileamh seo a chomhlíonadh. I dteannta na ndúshlán atá liostaithe ag alt 11.11, tá dúshláin bhreise os comhair príomhoidí teagaisc, agus iad go minic gan mórán taithí agus gan oiliúint

shainiúil dá ról, atá leagtha amach cheana féin ag an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna in ailt 7.9 go 7.11. Baineann cuid mhór acu leis na héilimh a chruthaíonn scoileanna nua i mbéal foráis laistigh d'earnáil atá ag fabhrú.

11.13) Agus na dúshláin seo faoi bhreathnú, ba é príomhthátal Bhord an Tionscadail ná nár chóir go mbeadh dualgais theagaisc ag príomhoidí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge: do na scoileanna beaga lán-Ghaeilge thacódh sé seo le ceannaireacht ardchaighdeáin, an chéad cheann de na príomhdhúshláin atá os a gcomhair, féach 11.9, pointe (i). Braitheann cumas scoile chun príomhoide nach dteagascann a sholáthar ar leibhéal a maoinithe, a bhaineann go príomha le líon na ndaltaí, agus déanann an Bord Gobharnóirí an cinneadh faoi cé acu an mbeidh dualgais theagaisc ag príomhoide.

11.14) Áitíonn Bord an Tionscadail gur chóir do shraith prionsabal taca a chur faoin straitéis agus phleanáil do sholáthar nua bunscolaíochta lán-Ghaeilge lena n-áirítear:

i. An ríthábhacht d'eispéireas oideachais ardchaighdeáin (agus eispéireas teanga san áireamh) a sholáthar d'fhoghlaimeoirí;

ii. An gá le ceannaireacht láidir sna scoileanna;

iii. An gá le forbairt leanúnach múinteoirí a thacú (lena n-áirítear forbairt teanga) mar chuid de phobal gairmiúil;

iv. Sainaithint shoiléir na mbuntáistí a bhainfeadh le haon athruithe beartaithe; agus

v. Tábhacht an chomhairliúcháin fhollasaigh, agus tiomantas gach páirtí leasmhar a aithint.

11.15) Chuir Bord an Tionscadail soláthar inbhuanaithe na bprionsabal thuasluaite san áireamh i gcomhthéacs na treorach ar luach ar airgead agus chónascadh atá sa Tuarascáil Bain. Chun seo a bhaint amach, creideann Bord an Tionscadail gur chóir go mbeadh soláthar nua beag na mbunscolaíochta lán-Ghaeilge ina chuid de chónascadh ar dhá láithreán nó níos mó, le bord gobharnóirí amháin agus le ceannaireacht chomhroinnte láidir trí phríomhoide nach dteagascann. Is dócha go mbeadh scoil atá ann cheana féin ina cuid den chónascadh.

**Moladh 6: Bunscolaíocht Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe - Soláthar Nua a Fhorbairt trí Chónascadh**

Molann Bord an Tionscadail go ndéanfaí bunoideachas lán-Ghaeilge a fhorbairt sa todhchaí trí chóras scoileanna a fheabhsaíonn ceannaireacht scoile láidir agus an cumas tacaíochta maidir le forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na foirne, d'fhonn

oideachas ardchaighdeáin a chinntiú. Moltar na fachtóirí seo a leanas mar threoir le forbairt amach anseo:

i. Ba chóir go ndéanfaí aonaid a fhorbairt nuair is cuí: caithfidh na codanna lán-Bhéarla agus lán-Ghaeilge den scoil scoil inbhuanaithe a chomdhéanamh.

ii. Ba chóir suíomhanna nua (seachas aonaid) a sholáthraíonn bunscolaíocht lán-Ghaeilge a fhorbairt mar chuid de chónascadh, de rogha le scoil atá ann cheana féin, le bord gobharnóirí amháin agus le príomhoide amháin; teastóidh Moladh Forbartha agus Breithmheas Eacnamaíochta ón phróiseas.

iii. Ag gach láithreán sa scoil chónasctha caithfidh 12 dhalta ar a laghad a bheith sa rollú i mBliain 1 in aghaidh na bliana i gceantair tuaithe agus caithfidh 15 a bheith sa rollú i gceantair uirbeacha.

iv. Ba chóir go ndéanfadh rollú iomlán comhcheangailte thar bhunscoil lán-Ghaeilge chónasctha, agus scoileanna lán-Bhéarla le haonaid lán-Ghaeilge, líon imleor daltaí a chuimsiú ionas nach mbeadh dualgais theagaisc ag an phríomhoide comhroinnte.

v. Ba chóir go mbunófaí prótacal maidir le hoibriú an tsoláthair roimh fhorbairt soláthair bunscolaíochta nua, i gcónaidhm, aonad nó sruth.

vi. Caithfidh an Roinn Oideachais a chinntiú go dtabharfaí faoi riachtanais forbartha caipitil earnáil na gaelscolaíochta.

vii. Beidh príomhról ag TFC maidir le:

- foghlaim, teagasc, bainistíocht agus riarachán na scoile;
- aitheantas corparáideach na scoile cónasctha a choinneáil trí chumarsáid ardchaighdeáin agus chomhroinnt acmhainní a chumasú;
- tacaíocht a thabhairt do chumarsáid le tuismitheoirí; agus
- tacaíocht a thabhairt do chumarsáid le seirbhísí tacaíochta an oideachais, le scoileanna eile agus leis an phobal níos leithne.

11.16) Cuimseoidh na cónaidhmeanna is lú dhá láithreán. Táthar ag súil go mbeidh rollú íosta bliantúil ag gach láithreán i mBliain 1 de 12 dhalta ar a laghad (tuaithe) nó 15 dhalta

(uirbeach). Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar a laghad 24 dalta (tuaithe) nó 30 dalta (uirbeach) sa rollú íosta i mBliain 1 don chónaidhm, agus an dá láithreán á gcuimsiú. Tá na rolluithe seo os cionn na tairsí do mhaoiniú caipitil [rollú na Bliana 1 de 15 dhalta (tuaithe) nó 20 dalta (uirbeach)] agus mar sin de beidh an chónaidhm incháilithe do mhaoiniú dá riachtanais chaipitil, ar an choinníoll:

i. Go gcoinníonn gach láithreán rolluithe bliantúla thar thrí bliana i mBliain 1 de12 dhalta ar a laghad (tuaithe) nó 15 dhalta (uirbeach); agus

ii. go dtugtar tacaíocht don iarratas ar mhaoiniú caipitil ag Breithmheas Eacnamaíochta.

11.17) Tugann sé seo faoin dara dúshlán os comhair na scoileanna beaga, líon imleor daltaí do sholáthar caipitil, féach alt 11.9, pointe (ii).

11.18) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar cé acu an bhfuil líon uasta de láithreáin ann a bheadh infheidhmithe faoi na socruithe seo, agus ba é an tátal a bhain sé amach ná nárbh fhéidir figiúr a thabhairt ós rud é go mbeidh gach cás uathúil. Bheadh sé riachtanach fachtóirí mar láthair gheografach. láithreacha na scoileanna atá ann cheana féin, áiseanna iompair atá ar fáil, cáilíocht na bainistíochta sa scoil chónasctha, rolluithe réamh-mheasta, agus an fhéidearthacht go mbainfeadh láithreán amháin nó níos mó sa chónaidhm stádas neamhspleách amach a chur san áireamh. Féadtar breathnú a dhéanamh ar chónascadh idir shuíomhanna lán-Ghaeilge agus suíomhanna lán-Bhéarla fosta. Bheadh sé riachtanach fosta foráil a dhéanamh d'fhéidearthacht socruithe áitiúla chun líon na láithreán i scoil chónasctha a laghdú dá mbeadh sé inmhianaithe mar gheall ar threochtaí rollaithe agus riachtanais oideachais na bpáistí, faoi réir ag próiseas an mholta forbartha reachtúil.

11.19) Cinnteoidh soláthar do riachtanais chaipitil láithreáin go mbeidh foghlaimeoirí i dtimpeallacht atá oiriúnach don fheidhm. Is féidir seo a thabhairt chun cinn i ndóigheanna éagsúla, mar shampla trí chóiríocht fholamh atá ann cheana féin a úsáid, nó trí struchtúir bhuana nua nó leath-bhuana a sholáthar. Soláthródh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna an creat polasaí a leagtar amach anseo, agus bheadh príomhról aige i ndul i ngleic lena leithéid de shaincheisteanna ar bhonn cás le cás. Ba chóir don Roinn Oideachais a chinntiú go dtugtar acmhainní imleora do scoileanna cónasctha.

11.20) Soláthraíonn an tsamhail chónasctha thuas buntáistí cosúil leo siúd a shainaithníodh i measúnú na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna ar bhuntáistí a bhaineann le páistí a theagasc in Aonaid lán-Ghaeilge, seachas i scoileanna neamhspleácha, nuair atá líon beag daltaí ann. San áireamh leo seo tá:

i. rochtain ar chóiríocht níos fearr (agus sa dóigh seo líon na ndaltaí a theagasctar i seomraí ranga sealadacha a laghdú); rochtain níos fearr ar

acmhainní foghlama (TFC, closamhairc agus míreanna costasacha eile) agus ar threalamh m.sh., do ghníomhaíochtaí struchtúrtha, nach mbíonn ar fáil de ghnáth i luathchéimeanna fhorbairt scoileanna neamhspleácha nua nach bhfuil cúnamh deontais/maoiniú ateagmhasach á fháil acu;

ii. struchtúir níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla bainistíochta, cleachtas agus nósanna imeachta, de ghnáth le príomhoide cleachta; i scoileanna nua lán-Ghaeilge tá cion ard de mhúinteoirí tosaigh, de phríomhoidí le heaspa taithí agus go leor múinteoirí nach bhfuil a bhForbairt Ghairmiúil Luath críochnaithe acu;

iii. infhaighteacht réidh an tsaineolais ghairmiúil agus comhphleanáil na scoile iomlán atá forbartha cheana féin, le polasaithe ríthábhachtacha, (mar shampla, cosaint leanaí, tréadchúram, Riachtanais Speisialta Oideachais, plean forbartha na scoile (SDP) agus pleananna gníomhaíochta gaolmhara, measúnú agus marcáil), chomh maith le cultúr d'fhéinmheasúnú as a dtiocfaidh feabhsú agus beartú spriocanna agus tagarmharcáil a úsáid i ndóigh chuiditheach; agus

iv. an t-aitheantas gur féidir le bunú soláthair lán-Ghaeilge mar chuid de chónaidhm a bheith ina chloch chora i dtreo bhunú scoile neamhspleáiche sa cheantar sin, nuair a chomhlíontar na critéir rollaithe iomchuí.

11.21) Faoi na socruithe reatha tá an rogha ann fós chun scoil neamhspleách a bhunú nuair atá rollú na ndaltaí imleor do mhaoiniú caipitil (rollú íosta bliantúil i mBliain 1 de 15 dhalta ar a laghad in aghaidh na bliana i gceantair tuaithe, 20 i gceantair uirbeacha). Bheadh sé neamhdhóchúil go mbeadh an acmhainneacht ag scoileanna lena leithéid de rolluithe príomhoide gan dualgais theagaisc a sholáthar. Mar gheall ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, molann Bord an Tionscadail go láidir nach bhfuil sé ar mhaithe le leas is fearr na bhfoghlaimeoirí nó na foirne scoile scoileanna beaga nua a bhunú le príomhoidí teagaisc, agus ina ionad sin, ba chóir go mbeadh cónascadh ina bhealach ceart d'fhorbairt thodhchaíoch scoileanna inbhuanaithe. Soláthraíonn an tsamhail chónasctha buntáistí an-láidre, mar atá leagtha amach in alt 11.20, as a dtiocfadh oideachas ardchaighdeáin inbhuanaithe, agus ag an am céanna solúbthacht feabhsaithe á soláthar d'fhorbairt na hearnála i gcóiríocht atá oiriúnach don fheidhm.

### Moladh 7: Bunscolaíocht Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe - Tábhacht an Chónasctha d'Fhorbairt an tSoláthair Nua

Molann Bord an Tionscadail nár chóir samhail an chónasctha a chur i leataobh seachas in imthosca sár-eisceachtúla, agus soláthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge á bhunú.

11.22) Má leantar leis an treoir thuas, thiocfaí le scoileanna a chruthú a mbeadh an cumas acu riachtanais na bpáistí a chomhlíonadh, le bheith inbhuanaithe, le bheith incháilithe do mhaoiniú caipitil agus chun measúnuithe ar luach ar airgead a chomhlíonadh. Sa todhchaí, bheadh láithreáin scoile cónasctha a fhorbraíonn go himleor in ann breáthú ar bheith neamhspleách, ar bhonn cás le cás, ar an choinníoll go mbeadh líon na ndaltaí sa scoil neamhspleách imleor chun príomhoide gan dualgais theagaisc a thacú, agus go mbeadh an chuid eile den chónaidhm stóinseach agus inmharthana. Sa dóigh chéanna, thiocfaí le haonad nó sruth le líon daltaí imleor a bhunú mar scoil neamhspleách. Theastódh comhairliúchán cúramach le príomhpháirtithe leasmhara ó bhunú scoile neamhspleáiche, agus é tacaithe ag breithmheas eacnamaíochta agus moladh forbartha. Síleann Bord an Tionscadail go mbeadh sé ina dhea-chleachtas, roimh chónaidhm, aonad nó sruth a bhunú, go ndéanfadh gach comhpháirtí socruithe athbhreithnithe todhchaíocha a chomhaontú ar an chaidreamh idir na comhpháirtithe, agus soláthar neamhspleách a bhunú san áireamh, nuair is gá.

11.23) Féadtar go mbeadh fonn ar earnálacha scoile eile na moltaí seo a bhreathnú a bhfuil an cumas acu tacaíocht a thabhairt d'inbhuanaitheacht scoileanna beaga san earnáil lán-Ghaeilge. Agus a chuid tátal á baint amach, chuir Bord an Tionscadail na rudaí a leanas san áireamh:

i. an fíoras go bhfuil an t-éileamh ar ghaelscolaíocht ag méadú nuair atá líon iomlán na ndaltaí ag laghdú; agus

ii. na gealltanais sa Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

## Bunscoileanna Lán-Ghaeilge atá ann: Saincheisteanna Cóiríochta

11.24) Is í tuairim láidir Bhord an Tionscadail gur chóir go mbeadh cóiríocht ag páistí in oideachas atá á mhaoiniú ag an stát atá oiriúnach dá riachtanais foghlama agus dá bhforbairt shóisialta agus phearsanta. Aithníonn Bord an Tionscadail gur chóir go mbeadh sé mar thoradh ar Phleanáil Cheantar-bhunaithe, a dhéanfar a fhorbairt faoi choimirce an Údaráis Oideachais agus Scileanna sa todhchaí agus éileamh tuismitheoirí á chur san áireamh, ná go mbeadh soláthar nua lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla, atá faofa i gcomhthéacs na bPleananna Ceantar-bhunaithe, lonnaithe i gcóiríocht oiriúnach. Féadtar seo a chinntiú trí chóiríocht shealadach ardchaighdeáin a sholáthar mar chéadchéim, agus trí fhoirgnimh bhuana nuair a bhunófar inmharthanacht fhadtéarmach, mar atá leagtha amach i bPolasaí um Scoileanna Inbhuanaithe. Soláthraíonn an moladh ar chónascadh meicníocht sholúbtha chun riachtanais na gaelscolaíochta a chomhlíonadh laistigh den chreatlach seo.

11.25) Is iad na critéir chéanna atá ann do gach cineál scoile maidir le bunú scoile nua, agus earnáil na gaelscolaíochta san áireamh. Is iad earnálacha na gaelscolaíochta agus an

oideachais imeasctha amháin atá ag méadú le blianta beaga, áfach, agus tá sé níos dóchúla go raibh earnálacha fadbhunaithe eile ag plé le rolluithe laghdaithe agus cuíchóiriú, agus dúnadh scoileanna san áireamh. Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar iarmhairt na gcúinsí seo.

11.26) Mar chuid dá dualgas reachtúil faoin Ord Oideachais 1998 chun an ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú, d'oibrigh an Roinn Oideachais le Comhairle na Gaelscolaíochta, chun Iontaobhas na Gaelscolaíochta a bhunú i mí Mhárta 2001. Is comhlacht carthanais é an tIontaobhas a oibríonn mar eagraíocht tiomsaithe airgid d'earnáil na gaelscolaíochta. Sholáthair an Roinn Oideachais maoiniú de £3.6m don Iontaobhas ó chuireadh ar bun é.

11.27) Soláthraíonn Iontaobhas na Gaelscolaíochta tacaíocht d'fhorbairt na hearnála trí sholáthar réamhscolaíochta a bhunú, trí dheontais a dhámhachtain ar scoileanna neamhspleácha, agus trí chúnamh a sholáthar le costas caipitil na scoileanna nua lán-Ghaeilge go dtí go ndéantar inmharthanacht a bhunú agus go gcuirtear deontais chaipitil ar fáil dóibh ón Roinn Oideachais. Thacaigh an socrú seo le forás na gaelscolaíochta i dtreo na hinbhuanaitheachta sa tréimhse sula gcuireadh maoiniú caipitil ar fáil ag an Roinn Oideachais, agus san am céanna rinne sé rioscaí don státchiste a bhainistiú, muna mbeadh scoil nua inmharthana san fhadtéarma.

11.28) Sholáthair Iontaobhas na Gaelscolaíochta caoi do thuismitheoirí, do sholáthraithe túslíne agus d'ionadaithe phobal na gaelscolaíochta príomhpháirt a ghlacadh sa chinnteoireacht ar bhunú sholáthar na gaelscolaíochta: sa todhchaí beidh sé seo fós ar fáil trí Phleanáil Cheantar-bhunaithe Áitiúil, faoin Údarás Oideachais agus Scileanna.

11.29) Cé go bhfuil líon iomlán na ndaltaí sa ghaelscolaíochta ag méadú, i roinnt scoileanna níor mhéadaigh na rolluithe bliantúla do Bhliain 1, mar a bhíothas ag súil leis, os cionn na tairsí caipitil íosta. I scoileanna áirithe, titeann rolluithe faoin tairseach do mhaoiniú ateagmhasach uaireanta. Is é an toradh a bhíonn air seo uaireanta ná nach mbíonn cóiríocht do pháistí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge de réir caighdeáin: thug Bord an Tionscadail faoi deara go bhfuil cóiríocht nach bhfuil de réir caighdeáin le fáil i ngach earnáil.

11.30) Is féidir le cóiríocht de cháilíocht íseal deacrachtaí a chruthú do scoil atá ag iarraidh daltaí a tharraingt, agus tá sé seo luaite mar chúis leis an dúshlán a bhíonn os comhair na mbunscoileanna lán-Ghaeilge, tar éis a mbunaithe, chun an an critéar rollaithe maidir le maoiniú caipitil a chomhlíonadh. Nuair a phléigh siad saincheist cháilíocht na cóiríochta leis an Roinn Oideachais, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe, ba é an dearcadh a bhí ag roinnt tuismitheoirí ná gur chóir go mbeadh bunscoileanna atá ann cheana féin ag iarraidh líon a ndaltaí a mhéadú, seachas líon na scoileanna cóngarach dá chéile a fhorleathnú: chuideodh rolluithe daltaí níos mó maoiniú caipitil a thruicearú, rud a thabharfadh faoi riocht na bhfoirgnimh scoile.

11.31) Tá Bord an Tionscadail den bharúil gurb iad na príomhshaincheisteanna ná mar a leanas:

i. Ba chóir go mbeadh scoileanna inmharthana a fuair aitheantas ón Roinn Oideachais maidir le maoiniú (maoiniú ateagmhasach nó caipitil) i gcóiríocht atá oiriúnach don oideachas san 21ú aois; agus

ii. Ba chóir go mbeadh an fhreagracht bhunaidh as a chinntiú go bhfuil meicníochtaí i bhfeidhm chun cóiríocht oiriúnach a sholáthar ar an Roinn Oideachais (baineann na meicniochtaí atá ann faoi láthair le hIontaobhas na Gaelscolaíochta i luathbhlianta na scoile, agus sa todhchaí beidh ról ag an Údarás Oideachais agus Scileanna as cóiríocht oiriúnach a chinntiú).

11.32) Nuair atá cóiríocht na gaelscolaíochta neamhimleor faoi láthair, creideann ionadaithe na hearnála go gcaithfear díriú air seo go práinneach: tacaíonn Bord an Tionscadail go hiomlán leis seo.

11.33) Aithníonn Bord an Tionscadail go mbeidh cóiríocht neamhimleor ina buairt do gach earnáil, agus gur chóir go dtabharfaí tosaíocht do riachtanais agus go ndíreofaí orthu nuair a tharlaíonn siad. Nuair a dhéantar measúnuithe ar riocht eastát na scoileanna agus ar na riachtanais tosaíochta le díriú orthu, caithfear scoileanna lán-Ghaeilge a chur sa áireamh chomh maith le gach cineál scoile eile.

11.34) Soláthraíonn na moltaí faoi chónascadh a leagtar amach thuas meicníocht fhéideartha do scoileanna atá ann le tabhairt faoina riachtanais cóiríochta. Ba chóir go spreagfaí bunscoileanna atá ann a chomhlíonann ar a laghad na critéir maidir le maoiniú ateagmhasach cónascadh a dhéanamh ar mhaithe leis na daltaí, an fhoireann agus na tuismitheoirí. Nuair atá rollú comhcheangailte na cónaidhme os cionn leibhéal atá comhsheasmhach leis an tairseach caipitil, beidh gach láithreán a bhfuil rolluithe bliantúla go Bliain 1 aige atá ós cionn an íoslín (féach 11.16) i dteideal go gcomhlíontar a riachtanais chaipitil, agus iad tacaithe ag breithmheas eacnamaíochta.

11.35) Caithfidh an Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear riachtanais na mbunscoileanna lán-Ghaeilge inmharthana san áireamh agus cláir caiteachais chaipitil ar eastát na scoileanna á bhforbairt agus á bhfeidhmiú. Nuair atá riachtanais an-phráinneacha ann, caithfidh an Roinn Oideachais oibriú le hearnáil na gaelscolaíochta le meicníocht a shainaithint a sholáthróidh cóiríocht oiriúnach mar bheart práinne, mar shampla trí mhaoiniú dírithe.

### Moladh 8: Saincheisteanna Cóiríochta na mBunscoileanna atá ann

Molann Bord an Tionscadail:

i. gur chóir go mbreathnódh bunscoileanna beaga lán-Ghaeilge go práinneach ar chónascadh, mar dhóigh lena n-inmharthanacht fhadtéarmach a thacú do leasanna na ndaltaí agus na foirne;

ii. gur chóir go ndéanfadh an Roinn Oideachais a chinntiú go n-aithnítear go soiléir riachtanais cóiríochta na mbunscoileanna lán-Ghaeilge atá ann;

iii. gur chóir go ndéanfadh an Roinn Oideachais a chinntiú go dtugtar riachtanais scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh i gclár caiteachais chaipitil ar eastát na scoileanna; agus

iv. gur chóir go n-oibreodh an Roinn Oideachais le hearnáil na gaelscolaíochta chun meicníocht oiriúnach a shainaithint chun maoiniú a sholáthar mar bheart práinne, le dul i ngleic leis na heaspaí cóiríochta is práinní sna scoileanna atá ann.

# Caibidil 12
# Soláthar Iar-bhunscolaíochta Lán-Ghaeilge Inbhuanaithe a Fhorbairt

## An Comhthéacs Iar-bhunscolaíochta

12.1) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar na saincheisteanna os comhair fhorbairt na n-iarbhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Tá soláthar iar-bhunscolaíochta ar fáil ag cúig láthair sa tuaisceart, agus tá rochtain air níos teoranta ná don chéim bhunscolaíochta ar a bhfuil sé bunaithe. I mí Dheireadh Fómhair 2007 ní raibh sé ar fáil ach i scoil neamhspleách amháin i mBéal Feirste, i sruthanna in Ard Mhacha agus i nDoire, agus i Machaire Rátha chomh maith agus i scoil neamhspleách ar an Chorr Chríochach.

12.2) In aon earnáil an oideachais bíonn sé níos dúshlánaí soláthar inbhuanaithe a bhunú ag leibhéal iar-bhunscolaíochta na ag leibhéal na bunscolaíochta, mar gheall ar raon na sainábhar atá riachtanach agus na riachtanais ghaolmhara do chóiríocht speisialta, mar shampla don Eolaíocht agus Teicneolaíocht. De bhreis air seo, tá tírdhreach an oideachais ag athrú i gcónaí, agus cuireann luathbhlianta d'oibriú scoile nua níos mó éileamh ar Ghobharnóirí, ar fhoireann agus ar thuismitheoirí agus iad ag iarraidh riachtanais oideachasúla na bpáistí a chomhlíonadh. Tá an comhthéacs pleanála do scoileanna ag forbairt i gcónaí, mar shampla, chun riachtanais na hinbhuanaitheachta, an creat teidlíochta, pleanáil cheantair áitiúil a chur san áireamh agus le cinntiú gur scoil maith gach scoil.

12.3) Tá dúshláin bhreise le tabhairt faoi maidir le soláthar nua iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge, go háirithe nuair atá soláthar na múinteoirí speisialtóra agus seirbhísí tacaíochta a bhfuil an cumas acu oibriú trí mheán na Gaeilge teoranta.

12.4) D'aithin Bord an Tionscadail go mbíonn ardaidhmeanna ag tuismitheoirí do chineálacha chur chuige difriúla maidir le soláthar iar-bhunscolaíochta, ar chúiseanna a clúdaíodh in ailt 9.11 agus 9.12. Féadtar go gcuimsíonn na cineálacha cur chuige seo:

i. soláthar lántumtha neamhspleách;

ii. aonad, a sholáthraíonn lántumadh; nó

iii. sruth a sholáthraíonn páirt-tumadh.

12.5) Aithníonn Bord an Tionscadail an cúnamh a thugann na struchtúir scoileanna éagsúla seo agus tugann sé meas agus tacaíocht don chúnamh seo a dhéanfaidh siad sa todhchaí, don ghaelscolaíocht: léirítear seo i Moladh 1, gur chóir go ndéanfaí breathnú ar raon de struchtúir scoileanna agus shamhlacha an tumoideachais. Cuireann Bord an Tionscadail

fáilte roimh an fhíoras go leanfaidh le forbairt na gaelscolaíochta tríd an solúbthacht a sholáthraíonn na struchtúir scoileanna éagsúla seo.

12.6) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar an dóigh is fearr chun tacaíocht a thabhairt do na tuismitheoirí sin a bhfuil soláthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge neamhspleách inmharthana mar ardaidhm acu, nuair a theastaíonn am ó na suíomhanna daltaí imleora a tharraingt le bheith inbhuanaithe ó thaobh oideachais, go sóisialta agus ó thaobh airgeadais. Agus léarscáiliú á dhéanamh aige ar an bhealach chun cinn, ba é an tátal a bhain an Bord amach ná go mbeadh céim eatramhach de dhíth, sa mheántéarma. Thar am, bheifí ag súil go bhforbródh soláthar eatramhach ina sholáthar neamhspleách inmharthana, b'fhéidir mar chuid de chónaidhm. Tarlóidh an soláthar eatramhach go príomha trí:

i. Aonaid Lán-Ghaeilge (a sholáthraíonn lán-tumadh); nó

ii. Sruthanna Lán-Ghaeilge (a sholáthraíonn páirt-tumadh).

12.7) Is dócha gurbh fhearr le roinnt tuismitheoirí aonaid agus sruthanna nach bhfuil aon rún acu scaradh ina scoileanna neamhspleácha. Tacaíonn Bord an Tionscadail leis an solúbthacht a sholáthraítear tríd an dá chineál chur chuige seo, agus breathnaíonn sé ar na saincheisteanna a bhaineann le haonaid agus sruthanna sa chéad Chaibidil eile.

12.8) Beidh nasc an-dlúth ag éiteas scoile lán-Ghaeilge le hardaidhmeanna teanga phobal reatha na scoile, mar chuid de phobal níos leithne na Gaeilge. Cuimseoidh sé seo tuairimí na dtuismitheoirí ar an chineál chur chuige de na cinn atá liostaithe thuas atá á fheidhmiú ag an scoil, chomh maith le haon ardaidhmeanna atá ann maidir le cur chuige difriúil sa todhchaí. Teastóidh ceannaireacht láidir agus fís uaidh seo chun éiteas na scoile, agus go hairithe a hardaidhmeanna teanga, a fhorbairt agus a chosaint maidir le:

i. na dúshláin shuntasacha atá os comhair aon scoile nua;

ii. na dúshláin bhreise atá os comhair soláthraí na gaelscolaíochta, go háirithe nuair atá seirbhísí teagaisc, curaclaim agus tacaíochta teoranta; agus

iii. tuairimí na dtuismitheoirí, go háirithe nuair atá struchtúr scoileanna difriúil mar ardaidhm acu ná atá ar fáil faoi láthair.

12.9) Ba é an tátal a bhain Bord an Tionscadail amach ná go bhfuil sé ríthábhachtach do sholáthraithe iar-bhunscolaíochta dul i teagmháil le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara, d'fhonn:

i. socruithe atá ann a chur in iúl go soiléir,

ii. tuiscint a fháil ar ardaidhmeanna na tuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara don todhchaí;

iii. ionchais gach páirtí a bhainistiú; agus

iv. aon spriocanna forbartha a leagan amach don soláthar iar-bhunscolaíochta, go háirithe nuair atá fonn ann soláthar neamhspleách a fhorbairt.

## An Dúshlán Geografach os comhair an tSoláthair Iar-bhunscolaíochta Lán-Ghaeilge

12.10) Is í tuairim Bhord an Tionscadail go bhfuil dúshlán suntasach os comhair an tsoláthair iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge, le cinntiú go mbeidh soláthar sa todhchaí suite ag an láthair optamach dá scoilcheantar. D'fhéadfaí bheith ag súil go mbreathnódh tuismitheoirí go cúramach ar cháilíocht an oideachais agus scoil á roghnú dá bpáistí. Teastóidh ó pholasaí rialtais ar ardú caighdeán ag leibhéal na n-iarbhunscolaíochta ná go ndéanfaidh gach scoil i ngach earnáil deiseanna comhoibrithe a shainaithint agus a úsáid chun tacaíocht a thabhairt do rochtain ar an chreat teidlíochta. Caithfear seo a thabhairt chun cinn i gcomhar leis an Údarás Oideachais agus Scileanna, a chaithfidh tacaíocht earnáil-íogair a sholáthar, agus caithfidh socruithe oiriúnacht le struchtúir tacaíochta atá ann cheana féin a optamú, ar nós córais iompair. Beidh sé criticiúil do sholáthar lán-Ghaeilge atá nua nó atá ag forbairt i dtreo na hinbhuanaitheachta, go mbainfidh sé úsáid iomlán as cúnamh an Údaráis Oideachais agus Scileanna chun leas a bhaint as áiseanna agus seirbhísí atá ann.

12.11) Creideann Bord an Tionscadail go gcaithfear forbairt straitéiseach an tsoláthair lán-Ghaeilge a phleanáil go cúramach, go háirithe ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta. Cé go bhfuil éileamh tuismitheoirí áitiúil ina spreagadh tábhachtach, ní féidir leis a bheith ina fhachtóir aonair a shocraíonn láthair aon soláthair nua. Caithfear éileamh tuismitheoirí a chur san áireamh, ar ndóigh, ach caithfear é a chothromú le láithreacha a shainaithint a dhéanann inbhuanaitheacht ionchasach an tsoláthair sa todhchaí a uasmhéadú. I ngach forbairt caithfear luach ar airgead a chur san áireamh ar mhaithe le húsáid éifeachtach acmhainní. Caithfidh baint a bheith ag pleanáil le C2K agus caithfidh sí leas a bhaint as na deiseanna a sholáthraíonn sé chun tacaíocht a thabhairt do:

i. feabhsú an teagaisc agus na foghlama;

ii. soláthar an churaclaim,

iii. bainistíocht agus riarachán éifeachtach;

iv. forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne;

v. cumarsáid, le tuismitheoirí, le hiar-bhunscoileanna eile agus leis an phobal; agus

vi. comhoibriú le scoileanna eile, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

12.12) I gcomhthéacs na rudaí thuas, caithfear soláthair iarbhunscolaíochta nua lán-Ghaeilge a fhorbairt go cúramach, agus i gcomhar iomlán le:

i. soláthraithe seirbhísí tacaíochta nua agus leo siúd atá ann (An tÚdarás Oideachais agus Scileanna agus na Boird Oideachais agus Leabharlainne);

ii. comhpháirtithe oideachais eile, ar nós scoileanna agus earnálacha scoile eile, soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna, le cuidiú le roghnú ábhar;

iii. leo siúd atá ag forbairt Pleananna Ceantar-bhunaithe áitiúla; agus

iv. soláthraithe na gaelscolaíochta atá ann, go háirithe le soláthar friothálach ionchasach.

12.13) Rinne Comhairle na Gaelscolaíochta anailís ar an éileamh ionchasach sa todhchaí in aghaidh an cheantair agus a bpleananna don earnáil á bhforbairt, agus leas á bhaint as sonraí ón Daonáireamh. Chun forbairtí le déanaí a chur san áireamh, caithfear na pleananna ceantair seo a athscrúdú le cinntiú go ndéanfaidh siad comhsheasmhacht le seirbhísí eile a uasmhéadú. Ba chóir go rachfaí i gcomhairle go fairsing, agus leo siúd atá liostaithe ag (i) go (iv) thuas fosta, mar bheart práinne.

12.14) Dá bhrí sin, dhéanfadh éagsúlacht soláthair, agus é suite go straitéiseach maidir le suíomh geografach, acmhainní agus seirbhísí tacaíochta, bonn ríofa a chinntiú d'fhorbairt sa todhchaí, agus is gné ríthábhachtach í na forbartha. Tugtar breac-chuntas thíos ar na cineálacha chur chuige atá luaite thuas. Soláthraíonn siad seo roinnt roghanna, le breathnú anois nó sa todhchaí.

12.15) **Cur Chuige 1: Samhail na scoile singil, ar láithreáin iolracha .i. scoil chónasctha.**

Go bunúsach is é an cur chuige céanna seo agus atá molta do sholáthar bunscolaíochta. Sa chás seo d'fhreastalódh scoil chónasctha aonair ar láithreáin iolracha ar thuaisceart iomlán na hÉireann agus bheadh aon soláthar nua ag láithreán breise ina chuid den scoil aonair. In am trátha féadtar go mbeadh gá le scaradh na scoile mar scoil neamhspleách mar gheall ar fhorás ag aon cheann de na láithreáin, cé gur dócha go mbeadh dhá scoil ar láithreáin iolracha mar thoradh air seo. Bheadh príomhoide amháin i gceannas gach scoile ar láithreáin iolracha agus soláthrófar cláir 11 - 18 do gach dalta, i gcomhar le hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, lán-Bhéarla, coláistí breisoideachais agus eagraíochtaí oiliúna. Bheadh sé riachtanach go ndéanfaí prótacail agus critéir

a chomhaontú i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara maidir le ceadú an tsoláthair nua.

12.16) **Cur Chuige 2: Príomhscoil neamhspleách iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge nasctha i gcomhpháirtíocht/gcomhaontú comhchoiteann le haonaid agus sruthanna lán-Ghaeilge eile.**

Tá an cur chuige seo bunaithe ar phrionsabail na coláistíochta agus na comharthacaíochta, agus an aidhm aige breisluach a réadú in imthosca, dá mbeadh a mhalairt ann, bheadh deischostais mhóra, chomh maith le costais airgeadais, ag baint le soláthar/forbairt. In am trátha, de réir fhorás na rolluithe iar-bhunscoile lán-Ghaeilge, féadtar go mbeadh gá le dara iar-bhunscoil neamhspleách lán-Ghaeilge. Ina leithéid d'imthosca, bheadh an dá scoil neamhspleách in ann ailtéarnú mar an phríomhscoil sa comhaontú comhchoiteann, mar shampla do thréimhsí trí bliana, nó, ina a mhalairt dá chás, d'fhéadfaí dhá ghrúpa coláistíocha nó comhghrúpa a fhorbairt. In aon chás, bheadh comhar agus comhoibriú riachtanach ní amháin i measc na rannpháirtithe ach leis na scoileanna lán-Bhéarla eile, leis na coláistí breisoideachais agus le heagraíochtaí oiliúna fosta. Bheadh sé riachtanach go ndéanfaí prótacail agus critéir a chomhaontú i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara maidir le ceadú an tsoláthair nua, chomh maith le comhaontuithe foirmeálta chun na socruithe comhoibrithe a fhorbairt agus a choinneáil a bheadh riachtanach i measc na scoileanna, aonad agus sruthanna rannpháirtíochta.

12.17) **Cur Chuige 3: Leanúint le cineálacha cur chuige/socruithe atá ann ach laistigh de phrótacail a bhaineann le comhoibriú agus comhar a dhéantar a chomhaontú i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara.**

Sa chur chuige seo, ba chóir go ndéanfaí aon soláthar neamhspleách iar-bhunscolaíochta a spreagadh chun naisc a bhunú le scoileanna, aonaid agus sruthanna lán-Ghaeilge eile. Dhéanfadh sé seo comhroinnt saineolais agus acmhainní eile a chumasú, chomh maith le forbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn, mar shampla, trí mhalartáin ghearrthéarmacha foirne agus scáthfhoghlaim, agus pleanáil d'athruithe sa churaclam agus san oideolaíocht, i gcomhthéacs acmhainn agus taithí C2K agus Learning NI ata á bhforbairt.

12.18) Tá comhshraitheanna ag gach ceann de na trí chineál chur chuige - cumarsáid, comhar agus comhoibriú laistigh agus lasmuigh de na comhbhaill nó comhshuíomhanna maraon. Go bunúsach, is straitéisí iad na cineálacha chur chuige le freagairt ar éileamh agus ar fhorás, chun cobhsaíocht agus cáilíocht an tsoláthair a chinntiú ar mhaithe le páistí agus tuismitheoirí, chun inbhuanaitheacht a dhaingniú ar mhaithe le gach páirtí leasmhar

agus le cur le baint amach na físe den ghaelscolaíocht mar ghné bheoga an chórais oideachais. Tá sé inargóinte gur céimeanna iad na cineálacha chur chuige i leanúnachas soláthair a fhreastalaíonn ar riachtanais earnála nua atá beag, ach atá ag fás, agus a bhfuil dúshláin éagsúla os a comhair ón earnáil lán-Bhéarla níos mó a bhfuil cúngú agus athrú struchtúrtha á bhfulaingt aici.

12.19) Tá cur chuige 1 comhthreomhar leis an mholadh ar sholáthar bunscolaíochta lán-Ghaeilge. Dhéanfadh cineálacha chur chuige 2 agus 3 forbairt aonad agus sruthanna nua agus forás scoileanna neamhspleácha a éascú i láithreacha a chomhlíonann critéir straitéiseacha a forbraíodh trí Phleanáil Cheantar-bhunaithe Áitiúil, i gcomhairle le páirtithe leasmhara. D'fhéadfadh sé go bhforbródh ceann amháin nó níos mó de na haonaid agus sruthanna ina scoileanna neamhspleácha, ach go dtí go ndéanfaí sin a réadú, bheadh rochtain acu ar raon seirbhísí riaracháin agus gairmiúla, i ndlúthchomhar leis an chuid lán-Bhéarla den scoil. Bheadh sé riachtanach go ndéanfadh na scoileanna, aonaid agus sruthanna comhoibriú lena chéile, le scoileanna lán-Ghaeilge, coláistí breisoideachais agus eagraíochtaí oiliúna maidir le rochtain ar acmhainní agus a gcomhroinnt ag gach céim ina bhforbairt, cé go n-athródh nádúr an chomhoibrithe sin thar am de réir mar a dhéanfaí a rolluithe agus a gcumais ghairmiúla a athrú.

### Moladh 9: Soláthar Iar-bhunscolaíochta Inbhuanaithe a Fhorbairt

Ba chóir soláthar iar-bhunscolaíochta nua a fhorbairt, mar atá sna cineálacha chur chuige thuasluaite, ag an láthair gheografach optamach laistigh de na Pleananna Ceantar-bhunaithe d'fhonn leas a bhaint as bunscoileanna friothálacha agus d'fhonn comhtháthú a dhéanamh le seirbhísí eile, mar iompar. Ba chóir go mbunófaí prótacal maidir le hoibriú an tsoláthair roimh an fhorbairt, lena n-áirítear an dóigh a bhainfidh sé le soláthar lán-Ghaeilge eile.

12.20) Caithfear soláthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge, bíodh sé i scoileanna neamhspleácha, in aonaid nó i sruthanna, i socruithe comhchoiteanna nó i scoileanna cónasctha, a bhunú ar ghealltanas do chomhoibriú le soláthraithe eile agus le scoileanna lán-Bhéarla, le breisoideachas agus le soláthraithe oiliúna. Ba chóir don chomhoibriú seo úsáid a bhaint as na deiseanna a sholáthraíonn an bonneagar TFC chun comhroinnt acmhainní teagaisc a uasmhéadú, mar shampla, trí chianfhoghlaim. Ba chóir go dtarlódh comhoibriú ar bhonn uile Éireann agus thoir/thiar.

12.21) Ba chóir go mbeadh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna freagrach as an pholasaí seo a sholáthar, trí an láthair optamach do sholáthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge sa todhchaí, laistigh de phróiseas pleanála ceantar-bhunaithe, i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear na comhlachtaí tacaíochta earnála, scoileanna eile agus earnálacha scoile eile. Is fachtóir suntasach é i sainaithint na láithreacha optamacha gur chóir a bheith ann ná nóid nó moil atá ann ina bhfuil seirbhísí oideachais

agus gaolmhara eile dírithe mar shampla, scoileanna lán-Bhéarla eile, institiúidí breisoideachais agus ardoideachais, eagraíochtaí oiliúna, fostaíocht, seirbhísí tacaíochta gairmiúla, agus naisc iompair.

# Caibidil 13
# Aonaid Lán-Ghaeilge[6] agus Sruthanna Lán-Ghaeilge[7]

13.1) Is cineálacha chur chuige bunaithe iad aonaid agus sruthanna, agus rinne an tAthbhreithniú breathnú orthu go leithleach. Thacaigh aonaid agus sruthanna le forás an tsoláthair ardchaighdeáin lán-Ghaeilge agus soláthraíonn siad solúbthacht mhór maidir le pleanáil na gaelscolaíochta. Is dócha go mbeidh difríocht sna saincheisteanna a eascraíonn as aonaid agus sruthanna a fhorbairt idir na céimeanna bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta: is í aidhm na rannóige seo cur chuige straitéiseach a shainaithint ina mbeifear in ann déileáil le haon saincheisteanna ag éirí as.

13.2) Caithfidh forbairt aonad agus sruthanna nua na moltaí thuas maidir le soláthar bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge a fhorbairt a chur san áireamh. Bheadh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna freagrach as an creat polasaí seo a sholáthar trí Phleanáil Cheantar-bhunaithe Áitiúil.

13.3) D'éirigh leis na samhlacha aonaid agus srutha chun sástacht bhunús na scoileanna óstacha agus na dtuismitheoirí. Bhí roinnt tuismitheoirí buartha, áfach, faoin dóigh a rinneadh riachtanais choibhneasta chodanna lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla na scoile a chothromú. Dáiltear an buiséad tarmligthe a fhaigheann scoil ag an Bord Gobharnóirí agus riachtanais na scoile á gcur san áireamh. Bhí roinnt tuismitheoirí buartha go raibh an chuid lán-Ghaeilge den scoil ar mhíbhuntáiste i gcomparáid leis an chuid lán-Bhéarla, agus bhí tuismitheoirí buartha gurbh é a mhalairt an cás.

13.4) Síleann Bord an Tionscadail go bhfeabhsaíonn aonad nó sruth an scoil lena bhfuil sé ceangailte. Soláthraíonn sé acmhainn luachmhar a bhfuil an cumas aici gréasán acadúil, cultúrtha agus sóisialta scoile a shaibhriú. Mar shampla, ag leibhéal na hiarbhunscoile, thiocfadh le scoileanna breathnú ar chumas aonaid/srutha páirt a ghlacadh i soláthar teanga feabhsaithe a fhorbairt do gach dalta trí chuid den bhunús le stádas na 'Sainscoile' a bhaint amach.

13.5) Creideann Bord an Tionscadail gur chóir aonaid agus sruthanna a fhorbairt le scoileanna atá in ann a thaispeáint go bhfuil an tiomantas acu an leas a bhaineann siad as an aonad nó sruth a thacú agus a ghlacadh chucu féin. Teastaíonn moladh forbartha ó bhunú aonaid/srutha, agus mar chuid den phróiseas seo ba chóir comhaontú a dhéanamh ar an dóigh le dul i ngleic leis na saincheisteanna a leanas:

---

6 Is suíomh é aonad, atá ceangailte le scoil lán-Bhéarla, ina sholáthraítear an curaclam trí mheán na Gaeilge.

7 Is suíomh é sruth, atá ceangailte le scoil lán-Bhéarla, ina soláthraítear an curaclam go páirteach trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla.

i. ionadaíocht ar Bhoird Gobharnóirí;

ii. maoiniú;

iii. rolluithe;

iv. cion an churaclaim a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge;

v. ceapacháin foirne; agus

vi. acmhainn an aonaid/an tsrutha forbairt ina scoil neamhspleách.

13.6) Ba chóir aonaid agus sruthanna a bhreathnú do gach cineál scoile, agus is féidir go soláthraíonn siad deis chun paistí ó raon de chúlraí pobail a tharraingt. Ba chóir a aithint ón tús má mheastar go mbeadh an cumas ag aonad nó sruth forbairt a dhéanamh agus stádas neamhspleách a bhaint amach faoi dheireadh mar scoil neamhspleách nó mar chuid de scoil chónasctha.

13.7) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar na himpleachtaí sainiúla a bhaineann le sruthanna i gcéim iar-bhunscolaíochta an oideachais. Creideann Bord an Tionscadail gur féidir le forbairt sruthanna dhá theanga i scoileanna lán-Ghaeilge a bheith ina cur chuige cuí maidir le straitéis forbartha an oideachais iar-bhunscoile lán-Ghaeilge. Cé go bhfuil taithí ar an soláthar seo teoranta le láthair amháin go dtí seo, bhí freagairt na bpáistí agus na dtuismitheoirí an-dearfach. Tá agúis intuigthe faoin chur chuige seo acu siúd a bhreathnaíonn an t-oideachas trí lántumadh mar an bealach optamach chun cinn i bhforás agus i bhforbairt phobal na Gaeilge. Ach ag an chéim seo nuair atá go leor dúshlán os comhair sholáthar na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge, go háirithe easpa sain-mhúinteoirí agus acmhainní foghlama, mar shampla san eolaíocht agus in ábhair ghairmiúla, dhéanfadh sruthanna dhá theanga leanúint na forbartha a éascú le cosaint fheabhsaithe d'fhairsinge agus cháilíocht oideachas na bpáistí. Tairgeann sruthanna an cumas chun soláthar na gaelscolaíochta a shíneadh de réir a chéile i gcomhthéacs cobhsaí scoile lán-Bhéarla inbhuanaithe.

13.8) Tá an buntáiste breise ag sruthanna ná go bhfuil siad ríthábhachtach do phleanáil agus d'fhorbairt na scoileanna ina ndéantar iad a thionscnamh. Dá bhrí sin laghdaítear an fhéidearthacht d'imeallú i gclár folaigh na scoile.

13.9) Thiocfadh le sruthanna a bheith ina rogha níos féideartha maidir le forbairt soláthair nua sa ghearrthéarma go meántéarma, go háirithe i scoileanna lán-Bhéarla ina bhfuil fócas ar theanga, chultúr agus thraidisiúin na Gaeilge agus roinn teangacha láidir cheana féin.

13.10) Agus na breathnuithe thuasluaite á dtarraingt le cheile, measann Bord an Tionscadail go bhfuil luach ionchasach ag aonaid/sruthanna i bhforbairt bhreise na gaelscolaíochta, go háirithe thar an mheántéarma.

### Moladh 10: Aonaid agus Sruthanna

Ba chóir go mbunófaí prótacal roimh an mholadh forbartha do bhunú aonaid nó srutha lán-Ghaeilge a leagann amach comhaontú maidir leis an dóigh a n-oibreoidh an t-aonad nó sruth agus an scoil óstach, agus aitheantas á thabhairt dá gcomh-idirspleáchas, d'fhonn a chinntiú do gcuirtear riachtanais sa dá pháirt den scoil san áireamh, agus fócas ar chomhleas uasta a bhaint amach as a gcaidreamh.

# Caibidil 14
# Tacaíocht d'Oideoirí

14.1) Mar a tugadh faoi deara níba luaithe, bhí a fhios ag Bord an Tionscadail go bhfuil dúshláin os comhair gach scoile de réir mar a dhéantar roinnt príomhréimsí polasaí oideachais a fhorbairt agus a fheidhmiú. Cuimsíonn na dúshláin seo feidhmiú an churaclaim athbhreithnithe, oiriúnú do shocruithe aistrithe nua, tacaíocht a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus díriú ar riachtanais bonneagair eastát na scoileanna i dtréimhse athraithe dhéimeagrafaigh. De bhreis air seo, tá dúshláin os comhair scoileanna lán-Ghaeilge a bhaineann go sainiúil le múinteoireacht, ceannaireacht agus bainistíocht ina n-earnáil agus le riachtanais a eascraíonn ó fhorás, féach anailís na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (7.9 - 7.11).

14.2) Is í tuairim Bhord an Tionscadail ná gur chóir go ndéanfadh siad siúd atá ag treorú, ag bainistiú agus ag obair sa ghaelscolaíocht an úsáid is fearr as an oiliúint agus tacaíocht atá ar fail, le dul i ngleic leis na dúshláin seo. Ina theannta sin, caithfear an oiliúint a sholáthraítear a nuashonrú nuair is gá chun an tacaíocht earnáil-íogair a sholáthar a theastaíonn uathu siúd atá ag obair sa ghaelscolaíocht, le cinntiú go dtugtar faoi na dúshláin a shainaithin an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna chomh gasta agus is féidir ar mhaithe le foghlaimeoirí agus oideoirí.

## Boird Gobharnóirí

14.3) Is dúshlán substaintiúil é scoil a bhunú agus a reáchtáil a bhraitheann ar fhuinneamh, thiomantas agus ghealltanas na dtuismitheoirí agus na ngobharnóirí bunaidh: i luathbhlianta fhorbairt na scoile measann siad an scoil mar a scoil féin. Sa chéim tosaigh, beidh dlúthbhaint ag gobharnóirí le bunú na gcleachtas agus nósanna imeachta uile atá riachtanach chun scoil nua a reáchtáil. De réir mar a thagann an scoil in aibíocht agus i dtreis, tá sé tábhachtach d'inmharthanacht fhadtéarmach na scoile go mbogann na gobharnóirí ó bhaint den chineál seo agus go ndíríonn siad ar a ról maoirseachta straitéisí. Tá gá le tuiscint shoiléir ó gach duine atá bainteach, ar róil agus ar fhreagrachtaí na ngobharnóirí agus an phríomhoide, chomh maith le prionsabail agus nósanna imeachta soiléire chun an dóigh a oibríonn siad le chéile a threorú ar mhaithe leis na páistí agus na teaghlaigh.

14.4) Molann Bord an Tionscadail go láidir go nglacann gobharnóirí páirt san oiliúint atá ar fáil le tacú leo ina róil. Mar chuid de thiomantas na ngobharnóirí don scoil, dhéanfadh Bord an Tionscadail iad a spreagadh leas a bhaint as an oiliúint le cinntiú go ndéantar a scileanna a nuashonrú ar bhonn rialta. Ba chóir do ghobharnóirí a láidreachtaí comhchoiteanna a mheasúnú agus baill bhreise a chomhthoghadh dá mBord nuair is gá. Ina theannta sin, ba chóir go ndéanfadh siad siúd a bhfuil an fhreagracht acu gobharnóirí

a cheapadh a ndícheall chun riachtanais na scoile a shainaithint, ionas go dtig leo scileanna a n-ainmnithe a chomhoiriúnú sa dóigh is fearr leo siúd a bheidh ina mbuntáistí is mó don scoil.

### Moladh 11: Boird Gobharnóirí

i. Ba chóir go gcinnteodh Boird Gobharnóirí go ndéanann siad a scileanna a fhorbairt agus a nuashonrú le cur ar a gcumas a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a thagann forás orthu, agus baill a chomhthoghadh nuair is gá agus leas a bhaint as na cláir oiliúna atá ann.

ii. Agus comhsheirbhísí tacaíochta á soláthar aige i ndóigh earnáil-íogair, ba chóir go gcinnteodh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna go ndírítear ar riachtanais ar leith na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gobharnóirí á n-oiliúint.

iii. Caithfidh Boird Gobharnóirí a chinntiú go gcuirtear a ndualgais reachtúla i bhfeidhm go héifeachtach, lena n-áirítear an dualgas leas na bpáistí a chosaint ar fud na scoile, chun socruithe Cosanta Leanaí a dhaingniú, agus chun Pleanáil um Fhorbairt na Scoile a dhéanamh.

## Príomhoidí agus Múinteoirí

14.5) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar riachtanais na bpríomhoidí, na múinteoirí agus na gcúntóirí ranga agus na gcinnirí agus na gcúntóirí réamhscoile in earnáil na gaelscolaíochta. Is féidir le hiarmhairt a bheith ag dúshláin shainiúla ar gach céim an oideachais, nó is féidir leo dul i bhfeidhm ar réamhscolaíocht, bhunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht i ndóigheanna difriúla. Cuimsíonn dúshláin a d'ardaigh ionadaithe na hearnála:

i. deacrachtaí a bhaineann le múinteoirí ionadaithe atá ar fáil a aimsiú a bhfuil scileanna Gaeilge ardchaighdeáin acu d'obair i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna;

ii. easpa sainmhúinteoirí i roinnt ábhair, agus is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air seo ná go n-iarrfaí ar mhúinteoirí le teagasc os cionn a speisialachais;

iii. óige chomparáideach na múinteoirí agus na bpríomhoidí. Thiocfadh leis seo buntáistí a chruthú ar nós díograis, oscailteacht do smaoinimh nua agus eolas agus scileanna múinteoireachta atá suas chun dáta chomh maith le míbhuntáistí ar nós easpa taithí, go háirithe mar fhreagairt ar éilimh sheachtracha ar an scoil ó athruithe polasaí a dtéann i bhfeidhm

ar an churaclam, mheasúnú, scrúduithe, thuairisciú, fhoghlaim agus theagasc.

iv. go dtí seo uaireanta níor sholáthair an oiliúint a bhí ar fáil na scileanna is iomchuí do mhúinteoirí maidir leis na dúshláin shainiúla a bhíonn os a gcomhair go minic. Cuimsíonn samplaí de seo múinteoirí a fuair oiliúint d'oideachas iar-bhunscolaíochta atá ag obair sa chéim bhunscoile, nó múinteoirí a ceapadh do shuíomh tumoideachais gan oiliúint nó taithí ar thumoideachas.

v. an cion ard de phríomhoidí teagaisc (toradh ar mhéid beag na scoileanna).

vi. easpa cainteoirí dúchais na Gaeilge i measc múinteoirí, agus saincheist na forbartha teanga i measc múinteoirí a bhfuil an Ghaeilge mar an dara teanga acu.

vii. na dúshláin os comhair na dtuismitheoirí sin a bhfuil Gaeilge neamhimleor acu chun tacaíocht mhuiníneach a thabhairt d'oideachas a bpáistí (cé go bhfuil fianaise ann le taispeáint nach bhfuil iarmhairt mhór aige seo ar chaighdeáin fhoriomlán na gnóthachtála oideachais).

viii. easpa cainteoirí Gaeilge líofa cáilithe le fostú mar chinnirí agus chúntóirí in ionaid réamhscolaíochta lán-Ghaeilge.

14.6) Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar na dúshláin seo ná iarmhairtí neamh-inmhianaithe, roinnt acu atá infheidhmithe le suíomhanna lán-Bhéarla, lena n-áirítear:

i. Príomhoidí á gcur ar seachrán ó thascanna tábhachtacha mar gheall ar thacaíocht rúnaíochta neamhimleor le déileáil le tascanna cléireachais agus riaracháin;

ii. cluas bhodhar á tabhairt do riachtanais múinteoirí tosaigh mar gheall ar bhrúnna níos infheicthe, riosca ar leith i scoileanna beaga a bhfuil príomhoidí teagaisc acu;

iii. Pleanáil Forbartha Scoile ina bhfuil an fócas ar fhoghlaim agus ar theagasc tearcfhorbartha; agus

iv. socruithe monatóireachta agus meastóireachta neamhimleora nach bhfuil dóthain forbartha déanta orthu le cinntiú go bhfuil fócas iomchuí ar sholáthar a fheabhsú agus ar chaighdeáin a ardú.

14.7) Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar an tacaíocht gur chóir a thabhairt dóibh siúd atá ag obair in earnáil na gaelscolaíochta chun dul i ngleic leis na dúshláin bhreise seo. Ba é an cuspóir ná dóigh a shainaithint chun tacaíocht a thabhairt don earnáil torthaí oideachais ardchaighdeáin a sholáthar.

14.8) Shainaithin Bord an Tionscadail saincheisteanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha le tabhairt faoi. Sa ghearrthéarma, ba chóir go ndéanfaí comhaontú idir an Roinn Oideachais agus an earnáil maidir le scóip an easnaimh i speisialtóirí ábhair san oideachas iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge, agus maidir le clúdach ionadaithe. Níos ginearálta, tá an fhaisnéis seo ríthábhachtach do phleanáil an tsoláthair chun an líon ceart de mhúinteoirí a oiliúint agus a fhorbairt le hoibriú in earnáil na gaelscolaíochta. Tá deis ann do chomhairle gairm-réime ag leibhéal na scoileanna agus an bhreisoideachais agus ardoideachais freastail ar an riachtanas, m.sh. san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht nó sa Mhatamaitic (ábhair STEM). Cuideoidh an fógra a rinneadh le déanaí go mbeadh cúrsa i gColáiste Mhuire le múinteoirí a oiliúint in ábhair shainiúla le hoibriú san iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge le dul i ngleic leis an saincheist seo.

14.9) Ba chóir comhoibriú idir scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna lán-Bhéarla, coláistí breisoideachais agus ardoideachais, agus eagraíochtaí oiliúna a fhorbairt nuair is féidir. Ba é an chuspóir leis seo ná saineolas a chomhroinnt i ngach earnáil agus cumas a fhorbairt. Mar shampla, d'fhéadfaí leas a bhaint as saineolas earnáil na gaelscolaíochta chun soláthar na teanga a neartú i scoileanna lán-Bhéarla; agus sa todhchaí d'fhéadfaí raon de speisialtóirí ábhair san earnáil lán-Bhéarla a bhfuil an Ghaeilge acu a úsáid, b'fhéidir ar bhonn páirtaimseartha nó ar bhonn iasachta nó trí TFC a úsáid. Cuireann TFC na huirlisí ar fáil le cuidiú le tabhairt faoi na tionscnaimh seo, mar shampla, trí fhíschomhdháil agus chianfhoghlaim.

14.10) Tá forbairt agus tacaíocht ceannaireachta ar fáil do gach earnáil ón Aonad Oiliúna Réigiúnach (RTU): tá obair idir lámha faoi láthair chun riachtanais oideoirí na gaelscolaíochta a chur san áireamh, agus soláthar ordaithe á fhorbairt nuair is féidir, mar úsáid cainteoirí dúchais na Gaeilge mar mheasúnóirí don Cháilíocht Ghairmiúil d'Ardmhaistreacht (PQH). Is réimse é seo ina mbeadh comhoibriú uile-Éireann, atá á iniúchadh faoi láthair, ina bhuntáiste mór d'oideoirí sa dá chuid d'Éirinn. Aithníonn Bord an Tionscadail go gcaithfear múinteoirí a thacú ina bhforbairt ghairmiúil féin, cé go dtiocfadh leis seo a bheith deacair a shocrú i scoileanna níos lú go háirithe nuair nach mbíonn clúdach ionadaithe iomchuí ar fáil. Thar am bheifí ag súil go ndéanfaí méadú i líon na múinteoirí a bheadh ar fáil chun clúdach ionadaithe a sholáthar, agus sa dóigh seo dhéanfaí an deacracht seo a mhaolú. Ina dhiaidh sin is uile, faoi láthair, le cúnamh TFC, is féidir tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí ag am nó áit ar bith. Ba chóir go mbainfeadh earnáil na gaelscolaíochta úsáid as na deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil a thairgeann C2K, go hairithe an gné LNI, i gcomhlachas le breisoideachas agus ardoideachas. Tá deis uathúil ann don earnáil a bheith chun tosaigh i bhforbairt TFC mar mheán soláthair na forbartha gairmiúla agus na timpeallachta foghlama d'fhoireann.

14.11) Aithníonn Bord an Tionscadail an tábhacht, mar thaca le torthaí oideachais, a bhaineann le múinteoirí agus foireann an méid is mó láidreachta agus solúbthachta ina dteanga agus is féidir a fhorbairt. Ba chóir go nglacfaí le dea-chleachtas i sealbhú scileanna

teanga ardchaighdeáin lena n-áirítear, nuair is féidir, an t-am a chaitear ar chúrsaí atá saincheaptha go hiomchuí le cainteoirí dúchais na teanga.

14.12) Tá sé inghlactha do Bhord an Tionscadail go dtabharfadh múinteoir neamhcháilithe oideachas d'fhoghlaimeoir ar bith, in aon earnáil oideachais i dTuaisceart Éireann, do thréimhse leanúnach. Caithfear straitéis, plean gníomhaíochta agus clár a bhunú le dul i ngleic leis an saincheist seo le hinfhaighteacht lucht oibre lán-cháilithe don ghaelscolaíocht a chinntiú chomh luath agus is féidir.

14.13) Sainaithníonn Bord an Tionscadail na moltaí a leanas mar phríomh-mholtaí a bhaineann le hoiliúint múinteoirí ag céim tosaigh agus luathchéim na forbartha gairmiúla agus ag céimeanna leanúnacha na forbartha gairmiúla.

### Moladh 12: Oiliúint Ceannaireachta

i. Ba chóir go nglacfadh príomhoidí agus iad siúd arb é a dtoilmhian a bheith ina bpríomhoidí páirt in oiliúint ceannaireachta atá ar fáil agus ba chóir dóibh dea-chleachtas a chomhroinnt laistigh den earnáil agus níos faide, agus TFC agus cineálacha chur chuige eile á n-úsáid acu.

ii. Ba chóir riachtanais na nOideoirí lán-Ghaeilge a chur san áireamh agus comh-oiliúint ceannaireachta agus seirbhísí tacaíochta á soláthar i ndóigh earnáil-íogair.

### Moladh 13: Oideachas Tosaigh Múinteoirí

i. Ba chóir don Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear áiteanna oiliúna múinteoirí imleora ar fáil chun riachtanais a chomhlíonadh maidir le naíscolaíocht reachtúil, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht earnáil na gaelscolaíochta.

ii. Ba chóir deiseanna seachoiliúna a shainaithint dóibh siúd san earnáil lán-Bhéarla agus ba chóir dreasachtaí a thairiscint mar dhóigh glacadh na ndeiseanna sin a spreagadh.

iii. Ba chóir scileanna na Gaeilge a fhorbairt le linn oiliúint thosaigh múinteoirí, agus ba chóir go molfaí eispéireas sa Ghaeltacht mar chuid ríthábhachtach na forbartha seo;

iv. Ba chóir go dtabharfaí tréimhse ama shainiúil do mhúinteoirí neamhcháilithe chun cáilíocht múinteoireachta a fháil, agus tar éis sin ba chóir go gcuirfí

bac ar scoileanna iad a fhostú níos mó, laistigh de pharaiméadair na reachtaíochta ábhartha.

### Moladh 14: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach na Múinteoirí

i. Ba chóir do phríomhoidí agus mhúinteoirí, lena n-áirítear iad siúd sa ghaelscolaíocht, an úsáid is fearr a bhaint as deiseanna oiliúna, agus ba chóir go bhfaigheadh siad comhsheirbhísí tacaíochta ón Údarás Oideachais agus Scileanna i ndóigh earnáil-íogair, chun cuidiú leo a bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chur in ord tosaíochta.

ii. Ba chóir go mbeadh tús eolais ar dhea-chleachtas agus forbairt an dea-chleachtais sa mhúinteoireacht ar fud raon de shuíomhanna lán-Ghaeilge ina gcuid d'Fhorbairt Ghairmiúil Luath agus d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.

iii. Ba chóir do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh a scileanna Gaeilge a fhorbairt le linn na Forbartha Gairmiúla Luath agus na Forbartha Gairmiúla Leanúnach, mar shampla, trí thréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht, trí thacaíocht a thaispeáint do shocrúcháin i scoileanna lán-Ghaeilge sa deisceart, trí chúrsaí teanga intí agus trí C2K.

iv. Ba chóir do sholáthraithe na gaelscolaíochta deiseanna agus fóram a fhorbairt chun dea-chleachtas a scaipeadh agus chun múinteoirí a chomhroinnt idir institiúidí.

v. Ba chóir deiseanna forbartha agus malartáin a fhorbairt, ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar.

vi. Ba chóir comhroinnt an dea-chleachtais sa tumoideachas a uasmhéadú (agus TFC á úsáid) ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar. Ba chóir go ndéanfaí an próiseas seo a thacú le teicneolaíochtaí cumarsáide atá ar fáil go ginearálta do scoileanna faoi láthair, agus ba chóir go ndéanfaí é a threorú le dea-chleachtas atá á fhorbairt san earnáil lán-Bhéarla.

## Cúntóirí Ranga agus Oideoirí Naíscolaíochta

14.14) Tá ról oideachasúil luachmhar ag Cúntóirí Ranga agus oideoirí réamhscolaíochta a chuidíonn le foghlaimeoirí leas iomlán a bhaint as a n-eispéiris foghlama. I suíomh dátheangach is féidir le cúntóirí ranga a bhfuil scileanna Gaeilge ardchaighdeáin acu cur go mór le tacaíocht d'fhoghlaim na bpaistí ar an Ghaeilge agus trí mheán na Gaeilge.

### Moladh 15: Cúntóirí Ranga agus Oideoirí Naíscolaíochta

i. Ba chóir do chúntóirí ranga a scileanna ranga agus a scileanna teanga a fhorbairt trí mhodhanna cosúil leo siúd a liostaítear thuas agus iad saincheaptha dá riachtanais féin.

ii. Cinnirí agus cúntóirí réamhscolaíochta: Ba chóir go mbeadh deiseanna d'Fhorbairt Ghairmiúil Tosaigh agus d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ag foireann ghairmiúil in aonaid réamhscolaíochta trí chúrsaí a fhorbraítear agus a chuirtear in oiriúint dá sainriachtanais sa tumoideachas do pháistí óga.

iii. Ba chóir go spreagfaí foireann choimhdeach sa soláthar naíscolaíochta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge uile agus go dtabharfaí tacaíocht dóibh chun a scileanna teanga a fhorbairt, mar shampla, trí chúrsaí nua a fhorbraítear sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.

# Caibidil 15
# Acmhainní Oideachasúla

## Tacaíocht don churaclam agus acmhainní teagaisc don seomra ranga i nGaeilge

15.1) Tá comhdhearcadh ann go bhfuil easpa acmhainní trí Ghaeilge ar fáil d'earnáil na gaelscolaíochta. Tá riachtanas ann le dul i ngleic le heaspa foirne a bhfuil na speisialachais ábhair agus scileanna teanga ardchaighdeáin riachtanacha acu atá ar fáil do na hinstitiúidí a thacaíonn leis an earnáil. Déanfaidh réiteach ar an easnamh seo foráil ar fhorbairt acmhainní teagaisc agus soláthar ar thacaíocht ghairmiúil. Tá obair idir lámha faoi láthair le dul i ngleic le roinnt de na riachtanais, mar shampla, obair an CCEA chun níos mó ábhar a sholáthar don ghaelscolaíocht agus forbairt uirlise ordaithe le haghaidh measúnaithe diagnóisigh ar litearthacht sa ghaelscolaíocht ag leibhéal bunscolaíochta. Tá an-ghá lena leithéid d'fhorbairtí agus tá deis agus riachtanas ann do ghníomhaireachtaí a sholáthraíonn príomh-acmhainní chun scileanna agus saineolas a chomhroinnt ar mhaithe le réiteach ar na riachtanais phráinneacha sa ghaelscolaíochta.

15.2) D'aithin Bord an Tionscadail an méid a dhéanann múinteoirí agus scoileanna seiftiúla chun a n-acmhainní a fhorbairt. Laistigh d'earnáil na gaelscolaíochta, i dtimpeallacht ina bhfuil easpa ábhar Gaeilge, ba dhúshlán sainiúil é an brú a bhí ann acmhainní a fhorbairt. Cé go leanfaidh múinteoirí le hábhair a fhorbairt, tá sé tábhachtach nach n-úsáideann na héilimh seo cuid ró-mhór ama na múinteoirí. D'oideoirí lán-Ghaeilge, chruthaigh comhroinnt acmhainní cumas chun an fhadhb seo a mhaolú cheana féin, agus chun tacaíocht a thabhairt d'ardú caighdeán oideachais. Ina theannta sin, thiocfadh le hearnáil na gaelscolaíochta iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh leas a bhaint as seiftiúlacht na ndaoine a bhfuil na scileanna riachtanacha acu i ndóigh atá do leas na hearnála uile chomh maith le scoileanna aonair.

### Moladh 16: An Curaclam agus Acmhainní Teagaisc

i. Ba chóir go gcuirfí riachtanais earnáil na gaelscolaíochta san áireamh ón tús nuair a dhéantar acmhainní curaclaim agus acmhainní ranga eile a fhorbairt laistigh den chóras oideachais.

ii. Maidir le hábhair/réimsí curaclaim áirithe, ba chóir ardtosaíocht a thabhairt d'acmhainní múinteoirí a fhorbairt i nGaeilge nuair atá saincheisteanna foclóra teicniúil ann a bhaineann go sainiúil le sainábhar, d'fhonn comhsheasmhacht a thacú agus caighdeáin a ardú.

iii. Ba chóir riachtanais atá fós gan chomhlíonadh maidir le hacmhainní teagaisc, agus acmhainní TFC san áireamh, a shainaithint agus go dtabharfaí aghaidh orthu, agus ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar fosta.

iv. Ba chóir acmhainní ranga atá ann cheana féin, mar shampla iad siúd a d'fhorbair múinteoirí san earnáil, a shainaithint agus a chomhroinnt ag ESA d'fhonn dea-chleachtas a chomhroinnt agus caighdeáin a ardú.

v. Ba chóir d'earnáil na gaelscolaíochta iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh leas a bhaint as seiftiúlacht na ndaoine a bhfuil na scileanna riachtanacha acu acmhainní curaclaim agus teagaisc a fhorbairt i ndóigh atá do leas na hearnála uile.

vi. Ba chóir TFC a úsáid, trí C2K, chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do scaipeadh na n-acmhainní.

## Tacaíocht do Pháistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu

15.3) Tá dhá athbhreithniú leanúnacha nasctha leis an réimse seo: athbhreithniú na Roinne Oideachais ar SEN agus an taighde ata á mhaoiniú ag an Roinn Oideachais ata á dhéanamh ag POBAL faoi láthair ar SEN sa ghaelscolaíocht. Caithfear na torthaí sa dá cheann a chur san áireamh agus tuairisciú á dhéanamh acu.

15.4) Is bunchuid den chórais oideachais í an ghaelscolaíocht, agus caithfidh tacaíocht chuí a bheith ag páistí sa ghaelscolaíocht dá riachtanais. Beidh sé riachtanach go soláthróidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna tacaíocht earnáil-íogair mar fhreagairt ar riachtanais na hearnála.

15.5) Ba chóir go mbeadh sé mar thoradh ar an mholadh le cinntiú go gcuirtear an ghaelscolaíocht san áireamh ón tús i bhforbairt polasaí (Moladh 21, thíos) ná go dtugtar tosaíocht chuí do thacaíocht do SEN sa ghaelscolaíocht, mar shampla, nuair nach bhfuil aistriúchán simplí ar uirlis measúnaithe oiriúnach ó thaobh na teanga.

15.6) Ar fud earnáil na gaelscolaíochta tá ga le cumas níos mó a fhorbairt i measc na foirne uile chun tacaíocht a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais breise oideachais acu. Tuairiscítear seo mar riachtanas fosta san earnáil lán-Bhéarla. Ba chóir d'fhorbairtí sa todhchaí sa réimse seo na riachtanais seo a chur san áireamh.

15.7) Mar gheall ar neamhchleachtadh coibhneasta na foirne sa ghaelscolaíocht, thiocfadh le speisialtóirí cleachta in SEN a bheith san áireamh leis an tacaíocht don earnáil a bheadh ábalta cuairt a thabhairt ar scoileanna le cuidiú lena gcumas páistí a thacú a fhorbairt.

Níor chóir go mbeadh na speisialtóirí seo teoranta le taithí in earnáil na gaelscolaíochta amháin, ach ba chóir go ndéanfaí iad a imscaradh sa soláthar lán-Bhéarla, chun fairsinge a bhforbartha pearsanta agus gairmiúla féin a choinneáil, lena n-áirítear a scileanna TFC, agus chun a n-eolas ar dhea-chleachtas a athnuachan: seachas speisialtóir tacaíochta amháin don ghaelscolaíocht, bheadh sé inroghnaithe dá mbeadh dhá speisialtóir imscartha ar bhonn páirtaimseartha in oideachas lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla. Cuireann idirghaol na gaelscolaíochta le hoideachas lán-Bhéarla oibleagáid orthu siúd a bhfuil baint acu le tacaíocht a fhorbairt don dá earnáil léargas cuimsitheach a dhéanamh ar an soláthar agus infheidhmeacht forbairtí ar riachtanais sa dá earnáil a chinntiú.

15.8) D'aithin Bord an Tionscadail go bhfuil dea-chleachtas ann cheana féin i measc na foirne tacaíochta SEN a labhraíonn Béarla agus a oibríonn le páistí atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge. Ba chóir go mbainfí leas as seo agus go ndéanfaí é a scaipeadh d'fhonn a bheith ina chleachtas coiteann.

### Moladh 17: Tacaíocht do Shainriachtanais Oideachais

i. Ba chóir don Údarás Oideachais agus Scileanna an cumas a fhorbairt sainriachtanais oideachais (SEN) pháistí a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge nuair is féidir, agus béim ar leith ar na riachtanais is práinní. Theastódh foireann tacaíochta SEN atá oilte go cuí uaidh seo a mbeidh scileanna Gaeilge ar ardchaighdeán acu, agus d'fhéadfaí seo a fhorbairt, mar shampla, trí sparánachtaí.

ii. Molann Bord an Tionscadail, nuair nach bhfuil tacaíocht SEN ar fáil trí mheán na Gaeilge, gur chóir go dtabharfaí an tacaíocht is mó agus is féidir trí mheán an Bhéarla do pháistí, agus úsáid iomlán á baint as an bhonneagar C2K agus acmhainní eile chun infhaighteacht agus sainiúlacht na tacaíochta a optamú. Sna himthosca seo ba chóir don Údarás Oideachais agus Scileanna a chinntiú go bhfuil an tacaíocht íogair do riachtanais na bpáistí atá ag foghlaim trí Ghaeilge. Ba chóir an dea-chleachtas a scaipeadh, lena n-áirítear comhthéacs sainiúil agus saincheisteanna a bhaineann leis an ghaelscolaíocht a chur san áireamh, agus teagmháil á déanamh le scoileanna agus múinteoirí ar na saincheisteanna seo.

iii. Ba chóir go mbainfeadh múinteoirí sa Ghaelscolaíocht an úsáid is fearr as an tacaíocht atá ar fáil do SEN agus ba chóir go dtabharfaí tacaíocht dóibh trí dhea-chleachtas atá ann cheana féin in SEN a chomhroinnt; ba chóir go mbeadh samplaí ó chomhthéacsanna an tumoideachais, agus go háirithe ó earnáil na gaelscolaíochta, san áireamh. Ba chóir don Údarás Oideachais agus Scileanna agus do ghníomhaireachtaí eile seo a chur chun cinn agus a thacú, trí úsáid TFC mar is cuí, agus leas á bhaint as foinsí ar bhonn

uile-Éireann agus thoir/thiar ó shuíomhanna lán-Bhéarla chomh maith le comhthéacsanna an tumoideachais. Beidh príomhról ag TFC i réadú na mbuntáistí atá ar fáil do dhaltaí agus dá múinteoirí.

iv. Ba chóir fiosrú a dhéanamh ar fhorbairt uirlisí diagnóiseacha ardleibhéil d'earnáil na Gaelscolaíochta, agus í á treorú ag eispéiris in Éirinn agus sa Bhreatain ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar araon.

## Deiseanna Foghlama Neamhfhoirmeálta trí Ghaeilge

15.9) Bheifí ag súil go gcuideodh úsáid na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga le sealbhú teanga chomh maith le forbairt phearsanta agus shóisialta, agus iarmhairt dhearfach ar ghnóthachtáil acadúil mar gheall air seo.

15.10) Faoi Chuid III de Chairt an AE tá ról ag roinnt ranna rialtais nuair a bhreathnaítear úsáid na Gaeilge lasmuigh de scoileanna, féach Caibidil 2. Ba chóir don fhorbairt a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir, agus ba chóir deiseanna ar líne a iniúchadh le haghaidh nasc go hiomlán ar fud an tuaiscirt agus ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar chomh maith.

### Moladh 18: Foghlaim Neamhfhoirmeálta trí Ghaeilge

Ba chóir don Roinn Oideachais deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta a thacú agus a spreagadh trí mheán na Gaeilge in earnáil na hóige, agus trí chur chuige na scoileanna méadaithe. Beidh úsáid TFC ina cuid ríthábhachtach d'fhorbairt agus de sholáthar na ndeiseanna foghlama.

15.11) Chomh maith leis sin d'aithin Bord an Tionscadail an ról dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an Roinn Oideachais trí chomhoibriú le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile, idir reachtúla agus deonacha, a bhfuil freagrachtaí acu faoi Chairt an AE, chun deiseanna foghlama lasmuigh den seomra ranga i ngníomhaíochtaí cultúrtha, fóillíochta agus caitheamh aimsire a uasmhéadú.

## Tacaíocht bhaile do pháistí atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge

15.12) Tagann tromlach na bpaistí a fhreastalaíonn ar an ghaelscolaíocht ó theaghlaigh ina labhraítear Béarla. Léiríonn fianaise na gcaighdeán oideachais in earnáil na gaelscolaíochta a cuireadh faoi bhráid an Athbhreithnithe seo (féach Caibidil 5) gur féidir le páistí ardchaighdeáin de ghnóthachtáil acadúil agus teanga a bhaint amach i scoileanna lán-Ghaeilge gan an Ghaeilge á labhairt ina mbailte. Ina dhiaidh sin is uile, tá sé inmhianaithe go mbeadh an deis ag paistí an Ghaeilge a chluinstin sa bhaile, go

háirithe chun a bhfoghlaim a threisiú.  Bheadh sé úsáideach fosta mar dhóigh chun úsáid na Gaeilge sa phobal a neartú.

15.13) Ba chóir tacaíocht ar líne a fhorbairt, agus ábhair ata áisiúil do thuismitheoirí agus do pháistí araon á n-úsáid a chuireann taca faoi thorthaí oideachais ardchaighdeáin.  Ba chóir teagmháil a dhéanamh le C2K le fáil amach faoi fhorbairtí den chineál seo a rinneadh a thionscnamh don earnáil lán-Bhéarla agus ba chóir iad a iarraidh teagmháil a dhéanamh le hearnáil na gaelscolaíochta chun forbairt a chur in oiriúint nó a thionscnamh don ghaelscolaíocht a bheadh in ann riachtanais na hearnála lán-Bhéarla a chomhlíonadh fosta.

15.14) Ba chóir don Roinn Oideachais a chinntiú go gcuireann aon pholasaí dá cuid a sholáthraítear lasmuigh de scoileanna riachtanais na gaelscolaíochta san áireamh, mar shampla Sure Start.

**Moladh 19: Tacaíocht trí mheán na Gaeilge do pháistí sa bhaile**

Molann Bord an Tionscadail

i. Gur chóir don Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear an ghaelscolaíocht san áireamh maidir le polasaithe a soláthraítear lasmuigh den scoil;

ii. Gur chóir do pháirtithe leasmhara ar fud earnáil na gaelscolaíochta deiseanna a chuardach chun dea-chleachtas i bhforbairt agus i dtacaíocht teanga a chomhroinnt agus fócas ar leith ar pháistí i mbailte ina labhraítear Béarla; agus

iii. Go bhfuil úsáid TFC ríthábhachtach chun an tacaíocht seo a sholáthar, agus gur chóir do scoileanna forbairtí a úsáid do leas na bhfoghlaimeoirí.

## Aistriúcháin Iolracha ar Scrúduithe a déantar i nGaeilge

15.15) Díríodh aird Bhord an Tionscadail ar bhuairt a d'eascair as aistriúcháin iolracha ar scrúduithe agus ar mheasúnuithe, agus páipéir á n-aistriú ó Bhéarla go Gaeilge le freagairt i nGaeilge, agus ina dhiaidh sin freagraí na ndaltaí á n-aistriú ó Ghaeilge go Béarla le haghaidh marcála. Bhreathnaigh Bord an Tionscadail ar shaincheist na marcanna breise má dhéanann paistí scrúduithe i nGaeilge fosta.

15.16) Is léir go bhfuil aistriúcháin iolracha den chineál seo neamhchaothúil agus neamh-inmhianaithe, agus gur comhartha iad de bhunfhadhb: léiríonn siad easpa cumais sa chóras oideachais, chun an córas scrúdaithe a riar i nGaeilge.  Níor cuireadh aon fhianaise

i láthair le taispeáint go raibh míbhuntáiste nó buntáiste ag daltaí ar a dtéann na haistriúcháin seo i bhfeidhm. I bprionsabal ba í tuairim Bhord an Tionscadail go raibh marcanna breise neamhriachtanach. Is í an bunfhadhb, easpa cumais, an buncheist, agus thar am rachfaí i ngleic léi, agus trí mholtaí sa Tuarascáil seo fosta. Idir an dá linn, ba í tuairim Bhord an Tionscadail gur chóir go ndéanfaí iniúchadh ar rochtain ar speisialtóirí ábhair a bhfuil na scileanna Gaeilge iomchuí acu ar bhonn uile-Éireann. Bheifí in ann an tsaincheist a athscrúdú má chuirtear fianaise nua ar fáil.

### Moladh 20: Aistriúcháin Iolracha ar Scrúduithe a déantar i nGaeilge

i. Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh teacht ar speisialtóirí ábhair a bhfuil na scileanna teanga cuí acu, lena n-áirítear ar bhonn uile-Éireann, chun deireadh a chur leis an ghá le haistriúcháin iolracha sa phróiseas measúnaithe agus scrúdaithe do pháistí sa ghaelscolaíocht.

ii. Ba chóir measúnú a dhéanamh ar thionchar an chórais reatha d'aistriúcháin iolracha ar dhaltaí.

# Caibidil 16
# An Ghaelscolaíocht a Leabú sa Chóras Oideachais

## Forbairt agus Soláthar Polasaí

16.1) Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear riachtanais earnáil na gaelscolaíochta san áireamh go luath sa phróiseas forbartha polasaí agus sa dóigh seo ní bheidh an earnáil ina 'aguisín' le polasaithe atá oiriúnach don earnáil lán-Bhéarla amháin. Le cinntiú go dtéitear i ngleic le riachtanais earnáil na gaelscolaíochta le linn chur i bhfeidhm an pholasaí, beidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna freagrach don Roinn Oideachais as tacaíocht earnáil-íogair a fhorbairt don ghaelscolaíocht. Déanfar comhlacht tacaíochta earnála a bhunú fosta, chun tuairimí agus buarthaí an tsoláthair lán-Ghaeilge a ionadú. Ba chóir do chláir taighde, a dhéanann an Roinn Oideachais nó a dhéantar thar a ceann breathnú a dhéanamh ar cé acu an mbeadh sé iomchuí breathnú ar earnáil na gaelscolaíochta a chur san áireamh.

### Moladh 21: Forbairt agus Soláthar Polasaí

i. Caithfidh an Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear an ghaelscolaíocht san áireamh go córasach ar fud na forbartha polasaí.

ii. Caithfidh an Roinn Oideachais a chinntiú go gcuirtear tacaíocht chuí ar fáil do gach scoil atá ann agus do scoileanna nua, ar an choinníoll go gcomhlíonann siad critéir inbhuanaitheachta comhaontaithe, agus go dtugann an tÚdarás Oideachais agus Scileanna faoi riachtanais earnáil na gaelscolaíochta i ndóigh iomlán chomhtháite agus a sheirbhísí á soláthar aige.

### Moladh 22: Taighde

Ba chóir go gcuirfí riachtanais na gaelscolaíochta san áireamh go cuí i straitéisí taighde na Roinne Oideachais agus na gcomhlachtaí comhpháirtíochta oideachais. Ba chóir deiseanna comhoibrithe taighde uile-Éireann a uasmhéadú.

## Rochtain ar Ghaelscolaíocht a Mhéadú

16.2) Aithníonn Bord an Tionscadail an ardaidhm a chuirtear in iúl ag ionadaithe na hearnála go ndéanfaí an ghaelscolaíocht a mheasúnú ar fud na sochaí anseo, agus go ndéanfaí naisc láidre a bhunú ar fud na n-oileán seo agus níos faide amach. Cuireann an fhianaise atá ar fáil in iúl do Bhord an Tionscadail nach ndéantar an ghaelscolaíocht a mheasúnú fós ar fud an phobail de réir na hardaidhme seo. Cé gur gné uathúil an teanga Gaeilge i

saol an oileáin seo, ba é dearcadh Bhord an Tionscadail gur gné amháin í anois i sochaí ilchultúrtha ilteangach.

### Moladh 23:  Rochtain ar Ghaelscolaíocht a Mhéadú

Ba chóir go dtabharfaí for-rochtain ar aghaidh dóibh siúd nach bhfuil rochtain á fáil acu ar ghaelscolaíocht i gcur chuige céimithe, a léiríonn an oidhreacht theangeolaíoch chomhroinnte ar fud na n-oileán seo, ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar.  Go háirithe ba chóir aifinideacht na Gaeilge le Gaeilge na hAlbain a aibhsiú, a thaispeáint mar shampla agus a úsáid mar spreagadh chun an Ghaeilge a fhorbairt a thuilleadh ar fud na bpobal.

# Caibidil 17
# Deiseanna Uile-Éireann agus Tras-réigiúnda don Ghaelscolaíocht

17.1) Bhí Bord an Tionscadail comhfhiosach ar stádas na Gaeilge mar theanga stairiúil dhúchasach Eorpach, a bhfuil naisc aici ar fud na n-oileán seo, agus ar ndóigh níos faide amach. Is fadréimseach na moltaí ar a ndearnadh breathnú ar fud na Tuarascála seo, agus tugann a lán eilimintí deiseanna d'fhorbairtí uile-Éireann agus tras-réigiúnda (.i. thoir/thiar agus níos faide amach) chun suntais. Tá an téama seo fite fuaite tríd an Athbhreithniú, agus tugtar achoimre ar na príomhghnéithe anseo.

17.2) Tá an acmhainneacht do chomhoibriú uile-Éireann agus tras-réigiúnda suntasach. Sa chomhthéacs níos leithne seo d'fhéach an tAthbhreithniú seo deiseanna a shainaithint d'obair thairbheach sa todhchaí. Mheas Bord an Tionscadail go dtiocfadh le comhoibriú éifeachtach comhordaithe feabhas a chur ar ghnóthachtáil oideachasúil foghlaimeoirí sna réimsí uile atá i gceist. Baineann na deiseanna le:

i. Naisc agus comóntachtaí teanga, atá an-láidir don Ghaeilge ar fud an oileáin seo, agus le Gaeilge na hAlbain ar bhonn thoir/thiar; agus

ii. Naisc i modheolaíocht an oideachais, lena n-áirítear modheolaíocht agus oideolaíocht an tumoideachais, agus leas á bhaint as an eispéireas in áiteanna eile gan aird ar na teangacha atá i gceist

17.3) Tá buntáistí sainiúla le baint as leas a bhaint as linn na ndaltaí agus na foirne atá gníomhach sa ghaelscolaíocht ó theas agus tá acmhainneacht mhór ann ábhair an churaclaim atá ann a chomhroinnt. Tá buntáistí móra le baint amach fosta as idirghníomhaíochtaí le cainteoirí dúchais na Gaeilge.

17.4) Chun leas iomlán a bhaint as comhoibriú, go hairithe as acmhainní a dhéanfar a fhorbairt sa todhchaí, ba chóir do Rialtais smaoineamh ar acmhainní a chomhthiomsú, mar shampla, nuair a forbraítear ábhair curaclaim.

17.5) Is iad na príomhbhuntáistí gur féidir a fhabhrú ó chomhoibriú uile-Éireann agus tras-réigiúnda ná:

i. barainneachtaí an mhórscála níos fearr a úsáid chun acmhainní a ullmhú, agus sa dóigh seo luach níos fearr ar airgead a sholáthar;

ii. eispéiris a chomhroinnt do chomhleas;

iii. naisc chultúrtha agus teanga fadbhunaithe a choinneáil agus a fheabhsú; agus

iv. for-rochtain a sholáthar lasmuigh de phobail teanga reatha, agus inrochtaineacht na dteangacha mionlaigh ar fud na n-oileán seo agus níos faide amach a mhéadú.

17.6) Mar a bheifí ag súil, tá na buntáistí seo nasctha le réimsí a sainaithníodh san Athbhreithniú mar dheiseanna ionchasacha d'oibriú uile-Éireann agus tras-réigiúnda feabhsaithe. Déanann an t-alt a leanas na príomhréimsí molta a tharraingt le chéile a sainaithníodh san Athbhreithniú maidir le hobair chomhoibríoch:

i. Acmhainní de gach cineál a fhorbairt, mar thaca le heispéireas oideachais ardchaighdeáin d'fhoghlaimeoirí;

ii. TFC a fhorbairt, mar thaca le feabhsú foghlama agus teagaisc;

iii. Taithí agus dea-chleachtas ar oideachas dátheangach a sholáthar a chomhroinnt;

iv. Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus scileanna teanga múinteoirí;

v. Uirlisí measúnaithe agus diagnóiseacha agus acmhainní tacaíochta a fhorbairt chun riachtanais na bpáistí a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu;

vi. Tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim neamhfhoirmeálta trí dheiseanna d'fhoghlaimeoirí idirghníomhú trí mheán na Gaeilge;

vii. Na deiseanna d'obair taighde comhleasa a uasmhéadú;

viii. Tacaíocht a thabhairt do chaighdeáin na Gaeilge trí leas a bhaint as acmhainní atá ag pobail teanga eile, lena n-áirítear ceantair Ghaeltachta, agus cainteoirí dúchais; agus

ix. TFC a úsáid chun pobal 'fíorúil' na Gaeilge a chruthú do leas cainteoirí dúchais de gach aois agus ar gach céim na líofachta.

17.7) I gcomhthéacs na rudaí thuas, molann Bord an Tionscadail comhoibriú méadaithe ar bhonn uile-Éireann agus thoir/thiar, chun tacú le foghlaim agus le teagasc, agus torthaí feabhsaithe a chinntiú d'fhoghlaimeoirí i ngach réimse.

**Moladh 24: Deiseanna Uile-Éireann agus Tras-réigiúnda don Ghaelscolaíocht**

Ba chóir don Roinn Oideachais deiseanna forbartha do chomhoibriú le réimsí eile a shainaithint mar thaca leis an ghaelscolaíocht, go háirithe ar bhonn uile-Éireann.

# Aguisín
# Sonraí an Athbhreithnithe

## Cuspóirí agus Téarmaí Tagartha an Tionscadail

A.1) Is féidir cur síos ar chuspóirí an tionscadail seo mar a leanas tríd is tríd: chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ghaelscolaíocht go dtí seo; chun aon saincheisteanna le tabhairt faoi a shainaithint; agus chun moladh a dhéanamh ar an dóigh forbairt na gaelscolaíochta a thabhairt ar aghaidh chun soláthar agus torthaí ardchaighdeáin a chinntiú do gach páiste san earnáil. Pléitear leis na cuspóirí seo trí Théarmaí Tagartha an Athbhreithnithe ar a gcuirtear síos mar a leanas:

i. anailís ar an déimeagrafacht agus ar an éileamh san am a chuaigh thart agus sa todhchaí (féach Caibidlí 3 agus 6);

ii. anailís ar an dóigh a forbraíodh agus a oibríodh polasaí na Roinne Oideachais thar na cúig bliana atá caite maidir le réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht (féach Caibidil 4);

iii. breathnú ar chineálacha chur chuige na scoileanna. aonad agus sruthanna lán-Ghaeilge (féach Caibidil 3);

iv athbhreithniú ar phleananna forbartha Iontaobhas na Gaelscolaíochta (InaG) agus Chomhairle na Gaelscolaíochta (CnaG), go háirithe i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Bain (féach Caibidil 5);

v. tríd an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, measúnú ar cháilíocht agus ar chaighdeáin ar fud sholáthar na gaelscolaíochta (féach Caibidil 5);

vi. staidéar ar thorthaí infheistíocht airgeadais an Rialtais sa Ghaelscolaíocht thar na cúig bliana atá caite (féach Caibidil 5);

vii anailís ar na dúshláin agus saincheisteanna os comhair earnáil na gaelscolaíochta (féach Caibidlí 6, 7 agus 8);

viii bailiú faisnéise ar an dóigh a dhéantar a leithéid de sholáthar a fhorbairt agus a oibriú áiteanna eile (féach Caibidil 9);

ix. anailís ar impleachtaí "A Shared Future" do sholáthar na Gaelscolaíochta (féach Caibidil 16);

x. breathnú ar pholasaí sa todhchaí i leith soláthar na gaelscolaíochta (féach Caibidlí 9 go 17); agus

xi. iniúchadh agus anailís ar an dóigh a thiocfadh le cineálacha chur chuige uile-Éireann i bhforbairt na gaelscolaíochta an soláthar a fheabhsú (féach Caibidil 17).

## Scóip an Athbhreithnithe

A.2) Chuir an tAthbhreithniú forbairtí straitéiseacha eile san áireamh, lena n-áirítear an díospóireacht ar Acht na Gaeilge; Curaclam athbhreithnithe Thuaisceart Éireann agus, go háirithe, an Creat Teidlíochta; Straitéis na bPáistí; gealltanais na Roinne Oideachais ar chomhionannas agus leasuithe agus athruithe ábhartha eile. Breathnaíodh ar bhreisoideachas agus ar eagraíochtaí oiliúna fosta mar chuid den Athbhreithniú.

## Cur Chuige i leith an Athbhreithnithe

A.3) Dearadh struchtúir an tionscadail le cinntiú go raibh baint ghníomhach ag príomhpháirtithe leasmhara i ngach céim d'fhorbairt na straitéise. Aithníodh le húsáid an chur chuige seo an gá le foireann ildisciplíneach ó raon leathan d'earnálacha a bheith páirteach. Bunaíodh Bord an Tionscadail agus leas á bhaint as baill le taithí ar an oideachas go ginearálta, ar an ghaelscolaíocht go sainiúil, agus ar shaincheisteanna na Gaeilge agus an chultúir fosta. Ba é Cathaoirleach Bhord an Tionscadail ná Louise Ward Hunter, an tOifigeach Sinsearach Freagrach as an Athbhreithniú. Sonraítear baill Bhord an Tionscadail thíos:

| | | |
|---|---|---|
| *Lisa Boal* | *Seán MacCorraidh* | *Máire Nic Giolla Cearra* |
| *Fionntán de Brún* | *Joe Martin* | *Eugene Rooney* |
| *Kevin Burke* | *Pilib Mistéil* | *Tom Shaw* |
| *Adeline Dinsmore* | *Jacqueline Ní Fhearghusa* | *Philip Sheerin* |
| *Gerry Lundy* | *Áine Ní hÍr* | *Charlie Sproule* |
| *Paul McAlister* | | |

A.4) Chuidigh Grúpa Comhairleach le hobair Bhord an Athbhreithnithe a threorú, agus sholáthair siad bonn braite dá chuid oibre. Chinntigh sé seo gur bhain Bord an Tionscadail leas as dearcaí de raon leathan d'ionadaithe ó earnáil na gaelscolaíochta agus ó na hearnálacha oideachais níos leithne. Bhí Chris Hughes, Bainisteoir Tionscadail don Athbhreithniú, ina Chathaoirleach ar an Ghrúpa Comhairleach. Sonraítear baill an Ghrúpa Chomhairligh thíos:

| | | |
|---|---|---|
| *Áine Andrews* | *Aodán MacPólin* | *Aedín Ní Ghadhra* |
| *Mary Cahillane* | *Jake MacSiacais* | *Gabrielle Nig Uidhir* |
| *Marian Dorman* | *Shiela McCaul* [8] | *Seán Ó Coinn* |
| *Mario Gribbon* | *Colma McKee* | *Pilib Ó Ruanaí* |
| *Tom Hesketh* | *Calum Morrison* | *Maighréad Uí Mháirtín* |
| *Paddy Mackey* | | |

8 A d'éirigh as 21 Samhain 2007

A.5) Chuir an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna, agus Seán Ward agus Joe Ó Labhraí go háirithe, leis an Athbhreithniú i ndóigheanna tábhachtacha uathúla, trí fhaisnéis a bhí ann agus trí ionchur ordaithe.  Chuidigh sé seo leis an bhonn fianaise a threorú as a mbain Bord an Tionscadail agus an Grúpa Chomhairleach úsáid ar fud an Athbhreithnithe.

A.7) Sholáthair Brainse na Gaelscolaíochta agus an Oideachais Imeasctha de chuid na Roinne Oideachais an rúnaíocht don Athbhreithniú:  Linda Martin, Bryan Laverty, Martin Smith, Rebecca Jermy agus Craig Boyd.

A.8) Bhain luathchéimeanna an Athbhreithnithe leas as faisnéis a sholáthair oifigigh Ranna eile na Státseirbhíse, eadhon Bernie O'Hare (DEL) agus Brian Smart (DCAL).